# Oifig an Ard-Aighne

## Tuarascáil Bhliantúil 2006

Lena n-áirítear

An Chéad Thuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú an **Ráitis Straitéise 2006-2008,** agus

An Dara Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú **Threoir Seirbhíse Cliaint** Oifig Shráid Mhuirfean 2005-2007 agus **Plean Gníomhaíochta Custaiméirí** Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit 2005-2007



**Oifig an Ard-Aighne**
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtair
Baile Átha Cliath 2

**Teileafón:** 01 631 4000
**Facs:** 01 676 1806
**Ríomhphost:** info@ag.irlgov.ie

Corpraíonn Oifig an Ard-Aighne Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (OPC) agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO).

**Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas**
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtair
Baile Átha Cliath 2

**Teileafón:** 01 631 4000
**Facs:** 01 676 1287
**Ríomhphost:** info@ag.irlgov.ie

**Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO)**
Teach Osmond
Sráid na gCaorach Bheag
Baile Átha Cliath 8

**Teileafón:** 01 417 6100
**Facs:** 01 417 6299
**Ríomhphost:** registry@csso.irlgov.ie

**Tá an Rannán Ceartais agus Dlí Coitinn d'Oifig Phríomh-Aturnae an Dlí lonnaithe ag:**
3-10 An tSeansaireacht
Lána na Seansaireachta
Baile Átha Cliath 8

## Ráiteas Misin

“ Is é bunchuspóir Oifig an Ard-Aighne, seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d’Oifigí.



# Clár

**Réamhrá an Ard-Aighne** 4

**Réamhrá an Ard-Stiúrthóra** 5

**Caibidil 1: Róil agus Feidhmeanna** 7

**Caibidil 2: Ráiteas Misin agus Cuspóirí** 11
Tabhairt faoin Misean faoi mar a leagadh amach é sa *Ráiteas Straitéise 2006-2008*

**Caibidil 3: Príomhfhorbairtí i 2006** 13
Cuid I Forbairtí Dlíthiúla
Cuid II Forbairtí Eagrúcháin

**Caibidil 4: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 1 á bhaint amach - Abhcóidí Comhairleacha** 29
Tacú leis an Ard-Aighne agus comhairle a chur air i ndualgais na hOifige a chomhlíonadh agus Abhcóidí Comhairleacha speisialaithe a sholáthar i réimsí dlí atá tábhachtach don Rialtas agus gníomhú go sofhreagrach éifeachtach éifeachtúil.

**Caibidil 5: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 2 á bhaint amach - Dréachtóir Parlaiminte** 35
Seirbhís ghairmiúil um dhréachtú reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

**Caibidil 6: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 3 á bhaint amach - Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit** 39
Seirbhís aturnae ardchaighdeáin speisialaithe a sholáthar don Ard-Aighne, agus do na Ranna agus na hOifigí i réimsí na dlithíochta agus comhairle dlí agus maidir le cúrsaí áitreabh agus idirbheartaíochta.

**Caibidil 7: Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sproic 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO** 47
Seirbhísí corparáideacha agus tacaíochta gnó den scoth a sholáthar do chustaiméirí agus do chliaint laistigh agus lasmuigh den eagraíocht, agus na seirbhísí agus an tacaíocht seo a bheith nua-aimseartha gairmiúil.

# Iarscríbhinní


| | | |
|---|---|---|
| A: | **Billí Rialtais a Foilsíodh i 2006** | **64** |
| B: | **Billí Poiblí a Achtaíodh i 2006** | **65** |
| C: | **Meastacháin Shealadacha den Mhéid a Soláthraíodh i 2006 agus Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh 2007, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO** | **66** |
| D: | **Ráiteas faoi Chomhlíonadh; Tuarascálacha faoi Chleachtais Íocaíochta 2006, Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus CSSO** | **68** |
| E: | **Ionadaíocht na hOifige ar Choistí agus ar Ghrúpa Oibre i 2006** | **70** |
| F: | **Staitisticí um Shaoráil Faisnéise 2006** | **72** |
| G: | **Mionsonraí Oiliúna agus Forbartha 2006** | **76** |
| H: | **Cairt Eagrúcháin** | **81** |
| I: | **Staitisticí Faisnéise ar chomhfhreagras a fuarthas in Oifig an Ard-Aighne (Oifig Shráid Mhuirfean) agus comhaid a osclaíodh in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i 2006** | **82** |



# Réamhrá an Ard-Aighne



**Rory Brady, SC**
Ard-Aighne

Cúis áthais dom Tuarascáil na hOifige don bhliain 2006 a chur i láthair. Is í seo Séú Tuarascáil Bhliantúil na hOifige a foilsíodh ó ceapadh mise mar Ard-Aighne i mí an Mheithimh, 2002.

Nós atá bunaithe go maith anois is ea foilsiú na Tuarascála Bliantúla, agus cuireann sé an deis ar fáil cuntas a thabhairt ar an gníomhaíochtaí agus ar na tionscnaimh iomadúla a bhí idir lámha ag an Oifig i rith na bliana.

Cúis áthais faoi leith dom go bhfuil feabhas mór tagtha le cúig bliana anuas ar ullmhú na tuarascála agus ar a fhoilsiú in am tráth. Ní raibh ach an t-aon Tuarascáil Bhliantúil foilsithe ag an Oifig go dtí sin.

Léiríonn an Tuarascáil seo an réimse leathan seirbhísí dlíthiúla agus dréachtaithe a chuirtear ar fáil in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Lena chois sin léiríonn sé a thábhachtaí is atá na tionscnaimh athnuachana atá á gcur i bhfeidhm ar fud na nOifigí. Tá siad seo dírithe ar na cliaint, agus baineann siad leas as an teicneolaíocht faisnéise is déanaí chun seirbhísí éifeachtúla tráthúla a chur ar fáil.

Ba mhaith liom mo mhórbhuíochas a chur in iúl don fhoireann go léir san dá Oifig as a dtiomnacht, a dtacaíocht agus a seirbhís.

**Rory Brady, SC**
Ard-Aighne

Márta, 2007

# Réamhrá an Ard-Stiúrthóra

## An tArd-Aighne,

Cúis áthais dom *Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Ard-Aighne don bhliain 2006* a chur in do láthair. Cuimsíonn sí an Chéad Thuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú *An Ráitis Straitéise 2006-2008* agus an Dara Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú an *Treoir do Sheirbhísí Cliaint 2005-2007*, Oifig Shráid Mhuirfean mar aon le Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2005-2007 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus *Cairteacha Cliaint agus Custaiméara* an dá Oifig.

Bhí obair na n-Oifigí dírithe i mbliana ar sheirbhísí a sholáthar, faoi mar a bhí sna blianta atá thart, agus béim faoi leith ar obair den scoth a sholáthar in am tráth don Rialtas agus do Ranna agus d'Oifigí Rialtais. Lean na hOifigí orthu ag obair i ndlúth-chomhpháirtíocht le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais agus Oifigí eile agus iad ag soláthar comhairle dlí, agus seirbhísí dréachtaithe agus aturnae do chliaint, agus ba mhinic ab éigean iad seo a sholáthar go han-tapa.

D'fhoilsigh an *Oifig Ráiteas Straitéise 2006-2008* i rith 2006. Ráiteas nua straitéise a bhí ann a rinne forbairt ar an gceann a bhí ann roimhe. Rinneadh anailís fhorleathan ar an timpeallacht inmheánach agus sheachtrach ina bhfeidhmíonn an Oifig ina hiomláine sular forbraíodh an Ráiteas Straitéise, agus tá sé bunaithe ar ár smaointe agus ár bpleananna le haghaidh gach gné d'obair na hOifige i rith na trí bliana sin. Go deimhin, i rith 2006 díríodh ar chur i bhfeidhm na bpríomhghealltaí a tugadh sna foilseacháin *An Ráiteas Straitéise agus Seirbhís d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí* agus ar leanadh ar aghaidh le Clár Athnuachana na Seirbhíse Poiblí.

Bhí baint ag an Oifig le roinnt tionscnamh tábhachtach i rith 2006 agus rinneadh dul chun cinn ar na príomhthionscadail seo a leanas:

- Foilsíodh an Cúigiú agus an Séú Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le forfheidhmiú Pleananna Gníomhaíochta na nOifigí faoi *Dul Chun Cinn a Choinneáil*,

- Foilsíodh Pleananna Gníomhaíochta faoi *I dTreo 2016* agus na Chéad Thuarascálacha um Dhul Chun Cinn maidir le Forfheidhmiú na bPleananna Gníomhaíochta seo, (Cuireadh na Dara Tuarascálacha um Dhul Chun Cinn faoi bhráid an Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse i Márta 2007),

- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le chur i bhfeidhm na Straitéise um Teicneolaíocht na Faisnéise in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, lena n-áirítear,
  - Leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Chórais nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead san dá oifig, (tá an córas in úsáid anois ag an bhfoireann dlí go léir agus ag formhór na foirne riaracháin),
  - Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm an Chórais chomhtháite Bainistíochta Airgeadais san dá Oifig,
  - Leanadh ar aghaidh le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Thionscnaimh do Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta sna hOifigí.

- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le bailchríoch a chur ar Athbhreithnithe Caiteachais san dá Oifig (Ní fada go bhfoilseofar cinn faoi Riaradh Scéim an Ard-Aighne agus An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí),

- Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal go n-aistreofaí Scéim an Ard-Aighne Chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar bhonn neamhreachtúil riaracháin, (aistríodh é ar 1 Feabhra, 2007),

- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an Tionscadal Reachtaíochta Réamh-1992 lena n-áirítear achtú an Bhille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (Réamh-1922) 2005, agus achtaíodh An Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007 le déanaí freisin,

- Rinneadh nuashonrú breise ar Leabhar Reachta na hÉireann atá i bhfoirm Leictreonach,

- Cuireadh Beartas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm go rathúil agus forbraíodh Clár Rioscaí Corparáideach dá bharr mar aon le Cláir Rioscaí maidir le cúrsaí dlí agus riaracháin san dá Oifig, (Rinneadh athbhreithniú ar na Cláir le déanaí),

- Cuireadh moltaí Thuarascáil Uí Shúilleabháin i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear bunú Coiste Comhairleach um Bhainistiú Dlíthiúil, agus cuireadh aighneacht faoi chásanna bunreachtúla agus cásanna íogaire sa chéad Tuarascáil chuig an Rialtas (tá Tuarascáil eile le chur chuig an Rialtas i mí Márta, 2007),

- Leanadh ar aghaidh ag forbairt agus ag feabhsú príomhstraitéisí speisialtóireachta na nOifigí chun riachtanais an Rialtais agus na nOifigí agus na Ranna client a shásamh - riachtanais iad seo a bhfuil athrú ag teacht orthu i gcónaí,

- Forbraíodh Tionscadal Píolóta chun an dara fhoireann Abhcóidí Comhairleacha a earcú agus a oiliúint le haghaidh sé Roinn Rialtais, (Tá an seisear acu tugtha ar iasacht anois agus tá beirt eile á n-earcú lena dtabhairt ar iasacht freisin).

Ós rud é gur éirigh linn an oiread sin rudaí a bhaint amach i rith na bliana, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foirne an dá Oifig as a dtiomantas, a ndianobair den scoth agus as a dtacaíocht leanúnach i rith 2006.

**Finola Flanagan**
An tArd-Stiúrthóir
Márta, 2007



**Finola Flanagan**
Ard-Stiúrthóir



**Deirbhle Murphy**
Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte



**David J O'Hagan**
Príomh-Aturnae an Stáit

# **Caibidil 1**
# Róil agus Feidhmeanna



# 1 Róil agus Feidhmeanna

Is comhairleoir dlí don Rialtas agus oifigeach bunreachtúil é an tArd-Aighne. Is iad brainse feidhmiúcháin an Rialtais, is é sin le rá, an Rialtas ina iomláine, a bhaill aonair agus na Ranna faoina gceannas atá mar chliaint ag an Ard-Aighne agus ag Oifig an Ard-Aighne. De bhua Alt 30.1 den Bhunreacht, agus cuid 6 d'Acht na nAirí agus na Rúnaithe 1924, agus an naoú cuid den sceideal leis an Acht sin, bíonn rialú agus freagracht ag an Ard-Aighne as Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus as Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne:

- Comhairle dhlíthiúil a chur ar fáil don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí
- reachtaíocht a dhréachtú
- seirbhísí dlíthíochta a chur ar fáil
- seirbhísí aturnae a chur ar fáil, lena n-áirítear tíolacadh agus seirbhísí eile idirbheartaíochta.

Is é ról Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear a cuid oifigeach go léir, cúnamh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne agus feidhmeanna um chomhairle a thabhairt don Rialtas, agus um chomhlíonadh na bhfeidhmeanna eile a thugtar go sonrach dóibh faoin mBunreacht agus faoin reachtaíocht. Faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, cineachtar údarás um bainistíocht na hOifige, beartais mhonatóireachta a mbíonn tionchar acu ar an Oifig agus seachadadh aschuir shonraithe ar Cheann na hOifige, arb é an tArd-Stiúrthóir é.

## Abhcóidí Comhairleacha

Tá taobh comhairleach na hOifige roinnte ina chúig shainghrúpa a chlúdaíonn na speisialtachtaí dlí go léir. Is éard atá ann ná abhcóidí (Abhcóidí Comhairleacha) agus déanann gach duine acu speisialtóireacht i sainréimsí éagsúla dlí. Is é príomhdhualgas na nAbhcóidí Chomhairleacha ná cúnamh a thabhairt don Ard-Aighne agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna agus a dhualgas. Tá foireann chléireach tacaíochta shainthiomanta ag gach Grúpa Comhairleach, a mbíonn cur amach acu ar ghnó an ghrúpa.

Clúdaítear réimse leathan ábhar, ach baineann na gníomhaíochtaí féin le trí réimse feidhmiúcháin, eadhon:

(a) soláthar na comhairle;
(b) stiúradh na dlíthíochta;
(c) glacadh páirte i soláthar seirbhíse dréachtaithe do Ranna Rialtais.

## Obair na nAbhchóidí Comhairleacha

Chuir an Oifig struchtúir agus córais i bhfeidhm chun freastal agus aghaidh a thabhairt ar gach gnáthfhiosrú chomh maith le hiarratais ar chomhairle phráinneach i leith saincheisteanna suntasacha dlíthiúla. Oibríonn Abhcóidí Comhairleacha go dlúth le dlíodóirí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte i ndáil le comhairle a thabhairt faoi shaincheisteanna dlíthiúla a thagann chun cinn le linn dhréachtú na reachtaíochta agus le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit i ndáil le comhairle a thabhairt faoi fheidhmiú na dlíthíochta agus ábhair dhlíthiúla eile.

Bíonn réimse na hoibre comhairlí a thugann an Oifig faoi an-leathan de ghnáth, agus áirítear dlí bunreachtúil, dlí riaracháin, an dlí Eorpach, dlí tráchtála, dlí idirnáisiúnta phoiblí agus dlí coiriúil leis - leoga, gach réimse den saothar dlí a bhféadfadh comhairle dlí a bheith ón Rialtas nó ó Roinn nó ó Oifig éigin ina leith. Féadtar iarratais ar chomhairle a fháil ón Rialtas ina iomláine, ó Airí, nó ó státseirbhísigh i Ranna nó Oifigí Rialtais agus iad á seoladh díreach chuig an Oifig féin nó trí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Is minic a chuirtear comhairle ar fáil faoi rí-bhrú ama.

## Uiríoll Buan don Aontas Eorpach

Lean an Oifig ag sannadh Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht mar Attaché Dlí le hUiríoll Buan na hÉireann leis an Aontas Eorpach thall sa Bhruiséil. Tá ról an *attaché* dlí ina ghné riachtanach bhunúsach d'fheidhmiú éifeachtach an Uiríll Bhuain ón uair a bunaíodh é thiar sa bhliain 1996. Mar thoradh ar rannpháirteachas an *attaché* dlí i gcaibidlíochtaí tábhachtacha san AE, lena n-áirítear leasú Conartha agus forbairtí suntasacha reachtaíochta eile, bíonn an tArd-Aighne páirteach anois go luath sa scéal le comhairle a thabhairt faoi shaincheisteanna suntasacha dlíthiúla an AE.

# 1 Róil agus Feidhmeanna

## Dréachtóir Parlaiminte don Rialtas

Is éard atá in Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte an Rialtais (OPC) ná foireann saindlíodóirí le leibhéal ard oiliúna acu maidir le dréachtú reachtaíochta. Is é gnó na hOifige ná seirbhís ghairmiúil dréachtaithe reachtaíochta a chur ar fáil dá don Rialtas agus faisnéis a choinneáil faoin dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le dréachtú reachtaíochta.

## Obair na nDréachtóirí Parlaiminte

Is í príomhobair Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ná Billí Rialtais a dhréachtú lena dtabhairt isteach i dTithe an Oireachtais agus reachtaíocht thánaisteach, de réir mar is cuí, do Ranna nó Oifigí Rialtais, lena n-áirítear ionstraimí a thrasuíonn reachtaíocht an AE go dlí na hÉireann faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972. Glacann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte páirt ghníomhach i bhforbairt an bheartais um Rialachán Níos Fearr i gcomhar le Roinn an Taoisigh, agus áirítear léi athbhreithniú agus comhdhlúthú an dlí reachtúil i gcomhthéacs an Chláir Leasaithe Rialacháin.

Tá Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte eagraithe ina trí ghrúpa, agus gach ceann acu freagrach as seirbhísí dréachtaithe a chur ar fáil do Ranna agus Oifigí áirithe an Rialtais. Tá foireann tacaíochta shainthiomanta chléireach ag gach Grúpa Comhairleach, a mbíonn cur amach acu ar ghnó an ghrúpa.

## Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Tá Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ina chomhpháirt d'Oifig an Ard-Aighne agus is í an príomhsholáthróir seirbhísí aturnae don Ard-Aighne agus do gach Roinn agus Oifig Rialtais. Cuireann an Oifig seirbhísí aturnae ar fáil, freisin, do Ghníomhaireachtaí áirithe eile Stáit agus do Bhinsí Fiosrúcháin, ach ní fheidhmíonn sí ar son bhaill an phobail.

## Obair Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Eagraítear Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit de réir chúig rannán dhlíthiúla. Is iad seo a leanas na rannán sin: Dlí Poiblí, Tearmann agus Seirbhísí Dlíthúla, Maoin Stáit, Dlíthíocht, Ceartas agus an Dlí Choitinn agus Comhairleach. Eagraítear gach rannán ina gcodanna ar bhonn cosúlachta oibre nó cliaint. Cuireann an t-eagrúchán seo príomhéilimh na gcliant san áireamh mar aon le roinnt de na héilimh a mbítear ag dúil leo amach anseo ón Oifig, cosúil le beidh in ann freagra a thabhairt ar bhearta Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine, leibhéil mhéadaithe rannpháirteachais leis an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach, méadú ar iarratais ar Bharántais Ghabhála Eorpacha a fhaightear ó thíortha eile an AE agus éileamh níos mó ar chomhairle maidir le Conarthaí Tráchtála agus Soláthairtí Poiblí. Ós rud é go bhfuil an struchtúir eagrúcháin seo ann is féidir dul i ngleic leis na dúshláin bhainistíochta atá le sárú ag an oifig, go mór mór, na cinn a atá á gcruthú ag an gclár um nuachóiriú na seirbhíse poiblí.

Soláthraíonn an Oifig seirbhís na n-Aturnaetha áitiúla Stáit, trína ndéanann Aturnaetha áitiúla Stáit roinnt obair dhlíthiúil Stáit a thagann aníos go háitiúil.

## Riarachán

Tá Aonaid riaracháin in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun tacú le hobair na foirne dlí trí sheirbhísí tacaíochta corparáideacha a sholáthar mar Acmhainní Daonna, Oiliúint agus Forbairt, Airgeadas/Cuntais, Seirbhísí, Tacaíocht Chléireach, Tacaíocht Oifige Príobháidí, Bainistíocht Athraithe, Teicneolaíocht na Faisnéise, Iniúchadh Inmheánach, Clárlann/Ionad Taifead agus Clárlainne agus An Leabharlann agus Fios Gnó. Bíonn dlúth-theagmháil idir na Ceannairí Riaracháin agus an fhoireann Aonaid chuí sa dá Oifig agus a gcuid comhghleacaithe in Oifigí Dlí eile faoi shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar na hOifigí. Bíonn dlúth-theagmháil freisin idir na Ceannairí Riaracháin agus an fhoireann Aonaid chuí le foirne i Ranna Rialtais agus in Oifigí eile faoi shaincheisteanna áirithe.

## Láithreán Gréasáin

Cuireann láithreán gréasáin na hOifige ag www.attorneygeneral.ie cur síos mionsonraithe ar fáil ar róil, fheidhmeanna, fhreagrachtaí agus obair an Ard-Aighne, na nAbhcóidí Comhairleacha, na nDréachtóirí Parlaiminte agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

# **Caibidil 2**
Ráiteas Misin agus Cuspóirí



# 2 Ráiteas Misin agus Cuspóirí

Tá an Ráiteas Misin agus na Cuspóirí seo a leanas le fáil i *Ráiteas Straitéise na hOifige 2006-2008*

Is é misean Oifig an Ard-Aighne ná:

*" seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, agus do Ranna agus d'Oifigí Rialtais"*

Díorthaíodh na ceithre chuspóir den Ráiteas Misin.

Is iad sin:

- Tacú leis an Ard-Aighne agus comhairle a chur air i ndualgais na hOifige a chomhlíonadh agus Abhcóidí Comhairleacha speisialaithe a sholáthar i réimsí dlí atá tábhachtach don Rialtas agus gníomhú go sofhreagrach éifeachtach éifeachtúil.

- Seirbhís ghairmiúil um dhréachtú reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

- Seirbhís aturnae ardchaighdeáin speisialaithe a sholáthar don Ard-Aighne, agus do na Ranna agus na hOifigí i réimsí na dlithíochta agus comhairle dlí agus maidir le cúrsaí áitreabh agus idirbheartaíochta.

- Seirbhísí corparáideacha agus tacaíochta gnó den scoth a sholáthar do chustaiméirí agus do chliaint laistigh agus lasmuigh den eagraíocht, agus na seirbhísí agus an tacaíocht seo a bheith nua-aimseartha gairmiúil.

# Caibidil 3
## Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006



# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

## Cuid I: Forbairtí Dlíthiúla

**Obair Oifig an Ard-Aighne, Oifig Shráid Mhuirfean, sa bhliain 2006**

## Obair na nAbhcóidí Comhairleacha sa bhliain 2006

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle ar fáil do na Ranna agus na hOifigí ar fud raon iomlán speisialtachtaí atá tugtha thíos nuair a iarrtar sin uirthi. Tá Comhordaitheoir Grúpa agus 4 nó 5 Abhcóidí Comhairleacha agus foireann chléireach tacaíochta i ngach aon Ghrúpa.

Tá **Grúpa A** freagrach as na réimsí a bhaineann leis an dlí coiriúil, Garda, dlí, príosúin, cúirteanna agus breithiúna, Angla-Éireannach, sócmhainní coiriúla, eiseachadadh, cúnamh frithpháirteach, ceapadh phacáistí teileacumarsáide agus poist, bearta dlí coiriúil an AE, clúmhilleadh, ceadúnú agus saincheisteanna na Gaeilge.

Tá **Grúpa B** freagrach as na réimsí a bhaineann le dlí idirnáisiúnta príobháideach, trádáil ócáideach agus fhánach, staitisticí, Acht na nIonstraimí Reachtúla, saincheisteanna dlí sibhialta, Binse Fiosrúcháin Haughey/Lowry - leas an phobail, díobháil phearsanta, sláinte, saincheisteanna fola, mí-úsáid leanaí, orgáin agus vacsaíní, ginmhilleadh, uchtú, atáirgeadh daonna cuidithe, oideachas, dlí teaghlaigh, ombudsman, núicléach, sláinte agus sábháilteacht agus dlí comhshaoil.

Tá **Grúpa C** freagrach as na réimsí a bhaineann le tearmann agus inimirce, cúnaimh agus deontais stáit, dlí iomaíochta, craolachán, leictreachas, iascaigh, cladach, dlí na farraige, dlí loingseoireachta, cuanta, muiríní, seirbhís gardachósta na hÉireann, coimisinéirí Soilse na hÉireann, mona, trádáil idirnáisiúnta, gás, dlí poist, iompar bóthair agus busanna, achtanna um thrácht bóithre, dlí ioncaim, comhaontuithe cáin dhúbailte, Bonneagar Náisiúnta/Plean Forbartha Náisiúnta/Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, An Ghaeltacht, saincheisteanna Angla-Éireannacha, Cosaint, Cosaint Tomhaltóirí, Árachas Creidmheasa onnmhairithe, Aisíocaíochtaí onnmhairithe, Iompar Aeir agus Iompar Iarnróid.

Tá **Grúpa D** freagrach as na réimsí a bhaineann le caingne insteora, saincheisteanna féimheachta/dócmhainneachta/leachtaithe, carthanachtaí, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Cuntas Leithreasaithe, Bille, meastacháin agus nósanna imeachta airgeadais a bhaineann leis an Státchiste agus leis an *Audit Department Act 1866*, Caiteachas Leithreasaithe agus Poiblí, Dlí Probháide agus Comharbais, Eadráin, baincéireacht, Billí Malartáin, Cumainn Fhoirgníochta, Dlí Cuideachta, Eitic, Árachas, Clárú Talún, Tiarna Talún agus Tionónta, Cumaisc agus Monaplachtaí, Méadreolaíocht, Mianadóireacht agus Cairéalú, Peitriliam, Monaplachtaí Stáit, an tAcht Maoine Stáit, Stocmhalartán agus Dlí Infheistíochta, Teileachumarsáid, Seirbhísí Sochaí na Faisnéise, UNCITRAL, Údaráis Stáit eile, Dlí Toghcháin, Comhlacht Gnó agus Trádála Thuaisceart Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, Rialacháin chun Gealltanais a Aistriú, Comhlachtaí Leathstáit, Tobac, Turasóireacht agus Achtanna Pleanála.

Tá **Grúpa E** freagrach as na réimsí a bhaineann le Maoin Intleachtúil, Dlí Idirnáisiúnta Poiblí, an tAcht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, An tOireachtas agus Athchóiriú Oireachtais, Airí agus Rúnaithe, An tSeirbhís Phoiblí, Dlí Saothair, Cabhair Dlí, Cultúr, Cearta an Duine, Cróinéirí, conarthaí Rialtais lena n-áirítear soláthar poiblí, Seirbhís Taidhleoireachta agus Chonsalach, An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, Pléascáin agus Airm thine, Cluichíocht, Achtanna Crannchuir agus Geallghlacadóireachta, Acht um Rúin Oifigiúla, Foraoiseacht, Talmhaíocht agus Dlí Leasa Shóisialaigh.

**An Leas-Ardstiúrthóir:** Tá an Leas-Ardstiúrthóir freagrach as na réimsí a bhaineann le Clúmhilleadh, Costais, Binsí Fiosrúcháin, Coistí Imscrúdaithe agus Coistí Oireachtais, dlíthíocht Goodman, Binse Fiosrúcháin Morris, saincheisteanna Institiúideacha an AE, córas dlí CE, saincheisteanna cothrománacha agus Cothrománach AE i gcás saincheisteanna OPC agus na Bruiséile amháin. Oibríonn an Attaché Dlíthiúil leis an mBuan-Ionadaíocht chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséil freisin faoin Leas-Ardstiúrthóir.

Tarraingítear aird ar leith ar na cásanna seo a leanas a socraíodh sa bhliain 2006 inar thug Abhcóidí Comhairleacha cabhair maidir le comhairle agus treoracha a chuir ar fáil.

## Saincheisteanna Bunreachtúla

Bhí an Stát mar pháirtí ag dlíthíocht ina raibh breithiúnais tábhachtacha mar thoradh uirthi sa

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

réimse a bhain le dlí Bunreachtúil, a bhfuil cuid acu liostáilte thíos:

**Shirley v. O'Gorman & Cuideachta Teoranta, Éire agus an tArd-Aighne** (An Ard-Chúirt, 31 Eanáir 2006, Peart J.). Dhiúltaigh an Ard-Chúirt roimh argóint an gearánaí go bhfuil an scéim chun leas na dtionóintí a mhéadú chun an táille ús simplí a fháil san áitreabh gnó in aghaidh Airteagal 40.3 agus Airteagal 43 den Bhunreacht.

**Curtin v. Cléireach na Dála agus Eile** (An Chúirt Uachtarach, 9 Márta 2006, Denham J., Fennelly J., Geoghegan J., Hardiman J., McCracken J., McGuinness J., Murray C.J.). Léirmhínigh an Chúirt Uachtarach forálacha Alt 35.4.1° den Bhunreacht maidir le nós imeachta na parlaiminte chun breithiúna a chur amach as oifig.

**Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí v. Corrigan** (An Ard-Chúirt, 22 Márta 2006, Finnegan P.). Bhain an cás seo le géilleadh de bhua alt 16 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003. Mheas an Ard-Chúirt go bhfuil moill ar thaobh an gearánaí mar fhoras chun cosc a chur leis an ionchúiseamh dul ar aghaidh. Sa Ríocht Aontaithe socraítear saincheisteanna a bhaineann le moill ag an triail seachas le hathbhreithniú breithiúnach. Fuarthas amach go nach raibh sé seo chomh fabhrach don freagróir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm in Éirinn. Ní raibh an Ard-Chúirt sásta go mbeadh nós imeachta difriúil i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe maidir le cearta bunreachtúla an freagróra. Mar gheall ar sin, dhiúltaigh an Ard-Chúirt an freagróir a ghéilleadh.

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Kelly** (An Chúirt Uachtarach, 04 Aibreán 2006, Denham J., Fennelly J., Geoghegan J., Kearns J., Murray C.J.). Dúirt an Chúirt Uachtarach nár sáraíodh Alt 30 den Bhunreacht nuair atá cosc ar an nduine atá cúisithe fiosrú a dhéanamh ar an mbonn atá leis an bhfianaise creidimh a thugtar ina c(h)oinne ag triail, de bhua forálacha an Achta um Chionta in aghaidh an Stáit 1939, arna leasú, ar chúiseamh bheith mar bhall d'eagraíocht neamhdhleathach faoin gCúirt Choiriúil Speisialta.

**C(C) v. Éire, An tArd-Aighne agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí** (An Chúirt Uachtarach, 23 Bealtaine 2006, Fennelly J., Geoghegan J., Hardiman J., McCracken J., Murray C.J.). Dúirt an Chúirt Uachtarach nach bhfuil alt 1(1) den Acht um an Dlí Coiriúil (Leasú) 1935 ag luí le ceart an iarrthóra ar thriail mar is cuí de réir dlí mar a thugtar in Alt 38 den Bhunreacht é agus le cearta pearsanta an iarrthóra faoi Alt 40 den Bhunreacht mar gheall nach bhfuil an cosaint ann de botún maidir le haois

**A v. Gobharnóir Phríosúin Chnoc an Arbhair** (An Chúirt Uachtarach, 10 Iúil 2006). Dúirt an Chúirt Uachtarach nach gá go gcuirtear míbhunreachtúlacht an Ailt 1 (1) den Acht 1935, mar a fuarthas i CC é, i bhfeidhm go cúlghabhálach agus rinne sé idirdhealú idir dearbhú mibhunreachtúlacht agus an éifeacht atá aige seo.

**B (L) v. Éire agus an tArd-Aighne** (An Ard-Chúirt, 07 Iúil 2006, MacMenamin J.). Sheas an Ard-Chúirt le bunreachtúlacht alt 5 (1) (a) den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí) 1976, alt 5 agus ailt 12 go 21 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh) 1996, alt 2 (1) (f) agus alt (3)(1) den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh 1989.

**Dunne (achomharcóir) v. An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Éire, an tArd-Aighne agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** (An Chúirt Uachtarach, 25 Iúil 2007, Denham J., Geoghegan J., Hardiman J., Kearns J., Murray C.J.). Rinne an Chúirt Uachtarach imscrúdú ar alt 8 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 2004 féachaint an raibh sé in aghaidh Ailt 5, 10, 15.2.1° agus 40 den Bhunreacht chomh maith leis an ndlí Eorpach.

**Osmanovic & Eile v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Éire agus an tArd-Aighne** (An Chúirt Uachtarach, 25 Iúil 2006, Denham J., Geoghegan J., Hardiman J., Kearns J., Murray C.J.,). Dúirt an Chúirt Uachtarach nach sáraíonn alt 89(b) den Acht Airgeadais 1997 an prionsabal bunreachtúil de dheighilt na cumhachtaí faoi Airteagal 15.2.1° den Bhunreacht trí foráil a dhéanamh chun fíneáil a ghearradh. Dúirt sé freisin nach ndearna alt 89(b) den Acht 1997 idirdhealú ar bhonn saibhreas agus nár sháraigh sé prionsabal na comhréireachta.

**Atanasov & Eile v. An Binse Achomhairc Dhídeanaithe** (An Chúirt Uachtarach, 26 Iúil 2006, Denham J., Geoghegan J., Hardiman J., McGuinness J., Murray C.J.,). Rinne an Chúirt Uachtarach imscrúdú ar an raibh achomharcóir roimh an Binse Achomhairc Dhídeanaithe i dteideal rochtain a fháil ar chinntí an Bhinse a rinneadh cheana féin inar

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

ardaíodh saincheisteanna dlíthiúla cosúla go dlíthiúil agus/nó go bunreachtúil.

**N. v. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, G, & Eile (Cás an linbh Ann)** (An Ard-Chúirt, 15 Meán Fómhair 2006, MacMemamin J.). D'éist an Ard-Chúirt le fiosrú faoi Airteagal 40.4.2° den Bhunreacht maidir le héileamh a rinne tuismitheoirí nádúrtha an linbh "Ann" dá coimeád de bhua Airteagail 41 agus 42 den Bhunreacht.

**O'Shea agus O'Shea v. Éire agus an Ard-Aighne** (An Ard-Chúirt, 17 Deireadh Fómhair 2006, Laffoy J.). Dúirt an Ard-Chúirt go raibh cuid 3(2) den *Deceased Wife's Sister's Marriage Act 1907*, arna leasú ag alt 1(2) (b) den *Deceased Brother's Widow's Marriage Act 1921*, a chuir cosc ar phósadh idir fear agus bean céile colscartha a dheartháir nó a leasdeartháir, míbhunreachtúil mar gheall gur chuir sé srian ar an gceart pósadh faoi Airteagal 40.3.1° den Bhunreacht.

**N. v. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, G, & Eile (Cás an Linbh Ann)** ( An Chúirt Uachtarach, 13 Samhain 2006, McGuinness J., Geoghegan J., Hardiman J., Fennelly J., Murray C.J.). Tháinig an Chúirt Uachtarach, ag déanamh achomharc ar chinneadh MacMenamin J. san Ard-Chúirt, ar an tuairim go raibh sé ar mhaithe agus ar leas an linbh "Ann" go dtabharfaí ar ais faoi choimeád a tuismitheoirí nádúrtha í.

**R (M) v R (T)** (An Ard-Chúirt, 15 Samhain 2006, McGovern J.). Bhí an Ard-Chúirt den tuairim nár chlúdaigh na focail "gan breith" in Airteagal 40.3.3° den Bhunreacht suthanna taobh amuigh den bhroinn nó suthanna in vitro. Ní féidir le suthanna reoite aon chearta pearsanta a bheith acu faoin mBunreacht.

## An Chúirt Bhreithiúnais Eorpach

Bhí baint ag Éirinn le roinnt cásanna, go príomhúil:

**Cás C-221/05 Sam Mc Cauley Chemists (Blackpool) Ltd, Mark Sadja v. Cumann Cógaiseoirí na hÉireann, an tAire Sláinte agus Leanaí, Éire, an tArd-Aighne:** (Tagairt le haghaidh Réamhrialú ó Chúirt Uachtarach na hÉireann) Breithiúnas na Cúirte (Tríú Dlísheomra) den 13 Iúil 2006 a rialaigh go gcaithfear Airteagal 2 de Threoir na Comhairle 85/433/EEC den 16 Meán Fómhair 1985 maidir le haitheantas frithpháirteach ar dhioplómaí, teastais agus fianaise eile ar cháilíochtaí fhoirmiúla sa chógaisíocht, ina measc beartais chun cleachtadh éifeachtúil ar an gceart bunaíochta maidir le gníomhartha áirithe i réimse na cógaisíochta a éascú, a léirmhíniú le go gciallaíonn sé nach bhfuil aon Bhallstát atá ag cloí leis an mbunleibhéal aitheantais ar dhioplómaí amháin a leagtar síos sa threoir sin ag cleachtadh discréid ar bith a thugtar sa threoir sin.

**Cás C-216/05 Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire:** Breithiúnas na Cúirte (Dara Dlísheomra) den 9 Samhain 2006 a díbheadh iarratas an Choimisiúin ar dhearbhú ón gCúirt nár chloí Éire lena n-oibleagáidí faoi Airteagail 6 agus 8 de Threoir na Comhairle 85/337/EEC de 27 Meitheamh 1985 ar mheasúnú ar an éifeacht atá ag tionscadail phríobháideacha agus poiblí áirithe ar an gcomhshaol, arna leasú ag Treoir na Comhairle 97/11/EC den 3 Márta 1997, mar gheall go bhfuil páirtíocht iomlán éifeachtach an phobail i measúnuithe áirithe ar an tionchar ar an gcomhshaol ag brath ar tháillí a íoc roimh ré.

**Cás C-341/04 Eurofood IFCS Ltd - Enrico Bondi v Bank of America N.A., Pearse Farrell, Leachtaitheoir Oifigiúil, Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach:** (Tagairt le haghaidh Réamhrialú ó Chúirt Uachtarach na hÉireann. Breithiúnas na Cúirte (Dlísheomra Mór) den 2 Bealtaine 2006 a dúirt gurb é an chúirt sa Bhallstát ina bhfuil oifig cláraithe an fhéichiúnaí an chúirt leis an ndlínse chun na himeachtaí dócmhainneachta "príomhúla" a oscailt, ach amháin nuair a léirítear cúis mhaith ina gcoinne sin. De bharr comhiontaobhais caithfidh cúirteanna sna Ballstáit eile aitheantas a thabhairt don chinneadh imeachtaí a oscailt, gan athbhreithniú a dhéanamh ar an ndlínse sin ach amháin má sháraíonn sé cearta bunúsacha.

**Cás C-459/03 Coimisiún na gComhphobal Eorpach v Éire:** Breithiúnas na Cúirte (Dlísheomra Mór) den 30 Bealtaine 2006 a dhearbhaigh nár chomhlíon Éire a oibleagáidí faoi Airteagail 10 EC agus 292 EC agus faoi Airteagail 192 EA agus 193 EA trí imeachtaí socraithe díospóide a chur ar bun in aghaidh Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a bhain leis an ngléasra MOX lonnaithe i Sellafield (An Ríocht Aontaithe;

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

Rinne an Stáit idirghabháil i roinnt cásanna ECJ a bhain le saincheisteanna Teideal VI CAE nó dlí coiriúil sa CE cosúil le **Coimisiún -v- Comhairle** (C-440/05) maidir le reachtaíocht ar thruailliú ó longfhoinsí agus **Dell' Orto (C-467/05)** faoi ar chóir an sainmhíniú ar íospartach a leathnú amach ón sainmhíniú atá i reachtaíocht an AE trí thagairt a dhéanamh le ionstraim dlíthiúil an CE níos déanaí.

## Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine

Tá comhairle faoi réimse nua agus réimse forbartha Choinbhinsiúin na hEorpa um Chearta an Duine agus dlíthíocht sa Chúirt thall in Strasbourg tar éis dul i méid.

Dearbhaigh Dlísheomra i gCúirt na hEorpa um Chearta an Duine go raibh an t-iarratas a cuireadh isteach sa chás **D. v. Éire** (iarratas uimh. 26499/02) do-ghlactha mar gheall nár bhain an t-iarrthóir feidhm as na réitigh intíre ar fad maidir leis an bhfáil ar ghinmhilleadh in Éirinn i gcás mínormáltacht féatais marfach, sa mhéid is gur theip uirthi cás a thabhairt roimh na cúirteanna Éireannacha.

Dhearbhaigh Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine gur iarratas do-ghlactha a cuireadh isteach i gcás Saddam Hussein (iarratas uimh. 23276/04) i gcoinne 21 thír: An Albáin, An Bhulgáir, An Chróit, An Danmhairg, An Eastóin, Éire, An Iodáil, An Íoslainn, An Ísiltír, An Laitvia, An Liotuáin, Poblacht na Seice, An Pholainn, An Phortaingéil, An Ríocht Aontaithe, An Rómáin, An tSlóvaic, An tSlóivéin, An Tuirc, an Úcráin agus an Ungáir. Rinne an t-iarrthóir gearán faoina ghabháil agus a choinneáil agus gur tugadh do na húdaráis san Iaráic é agus an triail atá idir lámha. Ní raibh an Chúirt in ann teacht ar nasc dlínsiúil ar bith idir an iarrthóir agus na Stáit a bhí i gceist ná go raibh an iarrthóir in ann teacht faoin ndlínse de na Stáit seo, taobh istigh den chiall in Airteagail 1 den Coinbhinsiún.

## Reachtaíocht

Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle agus cabhair ar fáil freisin le hullmhú na reachtaíochta ar fad, príomhúil nó tánaisteach, a chuaigh trí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte.

## Dlí Idirnáisiúnta

Thug an Oifig comhairle ar go leor Coinbhinsiún, Prótacal agus Comhaontuithe, ar chásanna agus ar fhorbairtí reachtúla sa dlí idirnáisiúnta sa bhliain 2006. Cuireadh comhairle ar fáil ar roinnt mhaith dréacht-chomhaontuithe déthaobhacha freisin sna réimsí eiseachadadh agus cúnamh frithpháirteach dlí le tíortha taobh amuigh den AE.

Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine a bhí ar bun don Stáit a thóg Michael O'Neill agus John Quinn maidir leis an ndiúltú iad a scaoileadh amach faoi fhorálacha scaoilte de chuid Comhaontú Aoine an Chéasta.

## Tuaisceart Éireann

Thug an Oifig comhairle maidir le Comhaontú Chill Rímhinn, saincheisteanna a baineann leis na comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus cúrsaí eile a bhaineann le Tuaisceart Éireann i rith na bliana.

D'éirigh leis an Stáit na himeachtaí athbhreithnithe breithiúnach a chosaint, a thug Jeremiah Sheehy agus Pearse McAuley a bhí ag iarraidh a bheith scaoilte amach faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. (An Ard-Chúirt; Herbert J.; 19/12/'06).

## Binsí Fiosrúcháin agus Fiosrúcháin

Mar aon le blianta roimhe seo, ba chomhchuid thábhachtach d'obair na nAbhcóidí Comhairleacha a bhí i saincheisteanna dlíthiúla a bhain le binsí fiosrúcháin reachtúla agus neamh-reachtúla.

## Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus eagraíochtaí an AE

Bhí baint ag Abhcóidí Comhairleacha san Oifig freisin le Grúpaí Oibre cuí atá liostaithe in **Iarscríbhinn E**.

## An Ceartas agus an Dlí Coiriúil

Ag leibhéal an AE chuir an Oifig comhairle ar fáil maidir le roinnt mhaith beartas molta faoi Teideal VI CAE maidir le réimsí cosúil le roinnt faisnéise, dlí

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

nós imeachta, aitheantas frithpháirteach agus dlí coiriúil substainteach.

Ba bhliain thar a bheith gnóthach í an bhliain 2006 don reachtaíocht i réimse an dlí choiriúil sa bhaile agus tugadh comhairle ar Bhillí cosúil leis an mBille um an Dlí Coiriúil (Coireanna Gnéis) 2006, Bille na bPríosún 2005, An Bille um an Cheartas Coiriúil (An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006 anois), An Bille um Gháinneáil Daoine agus Mí-úsáid Leanaí, An Bille um an Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), An Bille um an Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) agus an Bille um an Cheartas Coiriúil (Gníomhartha Sceimhlitheoireachta Núicléach a Dhíchur.

## Eiseachadadh

I measc na mbreithiúnas tábhachtach a rinneadh faoi Chuid II den Acht um Eiseachadadh arna leasú tá Frederick David Russell ar ordaigh an Chúirt Uachtarach an tUas. Russell a ghéilleadh chuig na SAM ar an 12/10/2006; Ethel agus Timothy Blake inar dhiúltaigh an Ard-Chúirt an t-eiseachadadh chuig na Stáit Aontaithe (Peart J.; 16/11/'06); Tatiana Skripacova inar léirmhínigh an Chúirt Uachtarach Alt 11(2) den Acht maidir leis an mbaol ar chlaonadh ar bhonn cine, reiligiúin srl. agus d'ordaigh sé an tUas. Skripacova a eiseachadadh.

Tá roinnt cásanna sa chóras fós faoi Chuid III den Acht um Eiseachadadh 1965 arna leasú agus bhí roinnt breithiúnais sna cásanna mar sin i rith na bliana.

## Barántas Gabhála Eorpach (EAW)

Tugann an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 arna leasú ag an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005 feidhm do Chinneadh Creatlaí an AE. Mar gheall ar theorainneacha ama agus líon na gcásanna, is réimse thar a bheith gnóthach atá ag athrú go tapa, a d'ardaigh líon suntasach breithiúnais san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach. Mar shampla beag ar na cásanna tá Altaravicius inar dúirt an Chúirt Uachtarach (6/4/'06) go raibh an EAW bunaithe ar aitheantas agus meas frithpháirteach idir údaráis bhreithiúnacha agus nach raibh gá ann barántas ar a raibh sé bunaithe a chuir ar fáil i gcúinsí an cháis sin. Sa chás Brendan Joseph Finnegan ghlac an Chúirt Uachtarach (ex tempore 29/6/'06) le míniú an Stáit idir an imeacht ama idir an barántas a fháil agus é a chuir i bhfeidhm. Sa chás Rodnov (ex tempore 1/6/'06) sheas an Chúirt Uachtarach leis an barántas fiú agus earráidí teicniúla ann nach dócha go gcuirfí amú duine iad agus nár chuir daoine amú. Leag an Chúirt béim, áfach, ar dhualgas an Aire cinntiú go bhfuil na doiciméid iomlán, cruinn agus scríofa ar bhealach soiléir.

## Cúnamh Frithpháirteach Dlí

Déanann an Oifig comhairle ar iarratais a dhéantar roimh an Chúirt Dúiche agus an Ard-Chúirt.

## An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Lean an Oifig lena tacaíocht don Choimisiún um Athchóiriú an Dlí. Bhuail an tArd-Aighne agus a fheidhmeannaigh leis an gCoimisiún i rith na bliana. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar Athbhreithniú Caiteachais ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí i 2006 le Grúpa Stiúrtha ionadaíoch de chuid na hOifige agus an Choimisiúin.

## Abhcóidí Comhairleacha i mBuan-Ionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséil 2006

Lean na hAbhcóidí Comhairleacha, mar Attaché Dlíthiúil ar iasacht do Bhuan-Ionadaíocht na hÉireann chuig an Aontas Eorpach ar aghaidh ag cur feidhmeanna éagsúla i bhfeidhm. Is é príomhról na nAbhcóidí Comhairleacha ná comhairle a chur ar an mBuan-Ionadaíocht agus a Leas-Ionadaí maidir leis na saincheisteanna dlí éagsúla a thagann chun cinn mar thoradh ar a bheith i láthair ag COREPER I agus II. Thug na Abhcóidí Comhairleacha comhairle d'oifigigh Ranna freisin maidir le saincheisteanna a tháinig chun cinn ag Grúpaí Oibre den Chomhairle ar a bhfreastalaíonn siad agus maidir le saincheisteanna a thagann chun cinn idir Ranna agus Institiúidí Eorpacha. Chuir na hAbhcóidí Comhairleacha na dualgais seo a leanas i bhfeidhm freisin:

- Freastal ag Meitheal Oibre na gCúirteanna Ceartais.

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

- Idirchaidreamh leis na gComhairleoirí Dlíthiúla ag Uiríll Bhuana na mBallstát éagsúla agus le baill na Comhairle, an Choimisiúin agus Seirbhísí Dlíthiúla Parlaiminteacha.

- Cúnamh le réiteach déthaobhach a fháil ar na deacrachtaí dlíthiúla maidir le reachtaíocht a bhí á plé sa Chomhairle.

Tugann an Attaché Dlíthiúil comhairle freisin ar shaincheisteanna dlíthiúla institiúideacha an AE.

## Obair na nDréachtóirí Parlaiminte i 2006

Bhí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (OPC) bainteach le dréachtú líon mór Billí agus Ionstraimí Reachtúla le linn 2006. I measc na 43 Bille Rialtais a foilsíodh (féach **Iarscríbhinn A**) agus na 42 Bille a ritheadh (féach **Iarscríbhinn B**) le linn 2006, thug an Oifig faoi roinnt mhórthionscnamh dréachtaithe lena n-áirítear:

- **An Bille Sláinte (Tithe Banaltrais) (Leasú) 2006** (foilsithe ar an 20/03/06). Tugadh isteach an Scéim um Fhóirdheontais Tithe Banaltrais i 1993, a sholáthraíonn cúnamh airgeadais do dhaoine i dtreo chostais cothabhála na dtithe banaltrais príobháideacha, de bhun an Achta Sláinte (Tithe Banaltrais)1990 Rialacháin na dTithe Banaltrais (Fóirdheontas) 1990. Is é cuspóir an Achta Sláinte (Tithe Banaltrais) 2007 ná an Scéim a bhunú mar reachtaíocht phríomhúil seachas mar reachtaíocht thánaisteach, agus chun cuidiú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Scéim a chur i ngníomh ar bhonn aonfhoirmeach mórthimpeall an Stáit.

- **An Bille um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006** (foilsithe ar an 20/04/2006). Tá foráil sa Bhille do leasuithe ar réimse ilghnéitheach de reachtanna sa dlí sibhialta, a chuimsíonn leasuithe sna hAchtanna um Chearrbhachas agus Crannchuir, Achtanna na nDlíodóirí, Acht na nGiúiréithe 1976, an tAcht Comharbais 1965 agus Achtanna eile. Tá foráil i gCuid 2 den mBille, atá roinnte ina 3 Chaibidil, do bhunú na hoifige do Ombudsman na Seirbhísí Dlí, ról agus cuntasacht na hoifige agus feidhmeanna agus cumhachtaí an Ombudsman. Is í príomhfheidhm Ombudsman na Seirbhísí Dlí ná iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin atá déanta chuige nó chuici, faoi láimhseáil ag an gCumann Dlí nó ag an gComhairle Bharra ar ghearán a déanadh chuig ceachtar comhlacht, faoi abhcóide nó dlíodóir atá i mbun cleachtais. Tá cumhacht chomh maith ag Ombudsman na Seirbhísí Dlí, chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta na Comhairle Bharra agus an Chumainn Dlí, chun déileáil le gearáin a dhéantar chuig na comhlachtaí sin. Tá foráil sa Bhille freisin do chúinsí inar féidir le finné nó páirtí d'imeachtaí sibhialta, fianaise a thabhairt trí nasc beo teilifíse.

- **An Bille um Chlúmhilleadh 2006** (foilsithe ar an 07/07/2006). Déanfaidh an Bille, má achtaítear é, leasú cuimsitheach ar an dlí um chlúmhilleadh. Cuirfidh sé deireadh leis an deighilt idir leabhal agus béadchaint agus déanfar cosaintí uilig an ghnáthchórais dlí a athsholáthar le cosaintí reachtúla nua don torta. Tá foráil ann do chosaint nua ar fhoilseachán réasúnta agus cothrom, atá deartha chun é a dhéanamh níos éasca do na meáin ráiteas bréagach a fhoilsiú maidir le duine chomh fada agus go bhfuil an foilseachán déanta le hintinn mhaith, go mbaineann sé le ceist a bhfuil tábhacht phoiblí léi, go bhfuil plé ar an gceist buntáisteach don phobal agus go bhfuil sé réasúnta agus cothrom i ngach cúinse an ráiteas a fhoilsiú. Tá foráil sa Bhille freisin go dtabharfaidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí aitheantas do Chomhairle Phreasa.

- **Bille Iascaigh an Fheabhail agus Chairlinn 2006** (foilsithe ar an 05/12/2006). Tá foráil sa Bhille do rialachán an dobharshaothraithe i gCeantar an Fheabhail agus Ceantar Cairlinn ag Coimisiún an Fheabhail, Cairlinn agus Soilse na hÉireann. Tá foráil san acht freisin do leasuithe ilghnéitheacha ar Acht Iascaigh an Fheabhail 1952. Leanann an reachtaíocht seo ar aghaidh ón Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann 1999, a chonaic go sonrach roimh ré go dtabharfaí an reachtaíocht seo ar aghaidh.

- **An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006** (arna achtú ar an 11/03/2006). Cealaíonn an tAcht an toirmeasc ar dhíolachán faoi bhun costais, atá cuimsithe san Ordú um Earraí Grósaera 1987, agus tugann sé cumhachtaí breise don Údarás Iomaíochta chun tabhairt faoi iompraíocht neamhiomaíoch de chineál ar bith, a bheadh gnóthaí ag smaoineamh fúithi le hasbhaint an toirmisc seo.

- **An Bille um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006** (arna achtú ar an 12/04/2006) Déanann an tAcht

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

nuachóiriú agus leasú ar an dlí maidir le gealtacht choiriúil, ionas go dtiocfadh sí le dlí-eolaíocht ag Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine. Tá foráil san Acht d'fhorálacha cuimsitheacha nua chun déileáil leis an bhfeidhmiúlacht a bheith ar triail, chomh maith le soláthar a dhéanamh do rialacha nua maidir le hachomhairc in aghaidh torthaí mar seo. Tá foráil ann chomh maith d'fhíorasc nua de "neamhchiontach de bhrí gealtachta" a thagann in áit an fhíoraisc "ciontach ach ina gheilt" agus soláthraíonn sé do phléadáil nua de fhreagracht laghdaithe maidir le dúnmharú agus naíonmharú. Tá foráil san Acht do bhunú an Bhoird Athbhreithnithe um Mheabharshláinte (Dlí Coiriúil), a bheidh mar fheidhm acu athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil na ndaoine atá faoi choimeád de bhun an Achta seo.

- **An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teideal 2006** (arna achtú ar an 07/05/2006). Tá foráil san Acht do bhunú an Údaráis Cláraithe Maoine, le feidhmeanna a chuimsíonn bainistíocht agus na Clárlainne Gníomhas agus Talún. Déanann sé aisghair agus athachtú, le leasuithe áirithe, ar an dlí maidir le clárú gníomhas agus doiciméid eile a bhaineann le cúrsaí talún. Déanann sé leasú ar an Acht um Chlárú Teidil 1964 agus ar ailt 16 (srianta ar cheart chun feo simplí a aimsiú) agus 28 (éifeacht aimsithe an fheo simplí ar chúnaint) an Achta um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2) 1978.

- **An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí (Leasú) 2006** (arna achtú ar an 18/05/2006). Déanann an tAcht leasú agus leathnú ar an Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998. Rinneadh é a achtú chun moltaí áirithe an ghrúpa oibre maidir le hathbhreithniú agus feabhsú an Achta 1998 a chur i ngníomh. Ardaíonn an tAcht nua uasaois an linbh incháilithe ó 5 go dtí 8, agus, i gcás an linbh incháilithe atá faoi mhíchumas, ardaítear uasaois an linbh go dtí 16. Leathnaíonn sé an ceart ar shaoire do thuismitheoirí do dhuine atá ag gníomhú i *loco parentis* maidir le leanbh incháilithe, agus tugann sé teidlíocht reachtúil an teidlíocht 14 seachtaine ar shaoire do thuismitheoirí a thógáil i mblocanna ar leith de 6 seachtain leanúnach ar a íosmhéid. Tá foráil ann freisin do leathnú na dteidlíochtaí ar shaoire *force majeure* d'fhostaithe maidir le daoine atá i gcaidreamh cleithiúnach teaghlaigh leis an bhfostaí. Tá foráil san Acht do cheisteanna eile chomh maith, a chuimsíonn cosaint na bhfostaithe ó phionós, nuair a chleachtann nó nuair a mholann siad go gcleachtófaí a gcuid teidlíochtaí ar shaoire do thuismitheoirí nó saoire *force majeure*.

- **An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2006** (arna achtú ar an 02/06/2006). Dúirt an Chúirt Uachtarach go bhfuil Alt 1(1) den Acht um an Dlí Coiriúil (Leasú) 1935 ar neamhréir le Bunreacht na hÉireann agus nach raibh sé mar chuid dhlí an Stáit riamh ar an ábhar sin, toisc nach mbeadh sé oscailte don duine cúisithe a rabhthas á ionchúiseamh don chion, a éileamh nach raibh fios aige go raibh an cailín, ar a raibh fios collaí neamhdhleathach aige, faoi bhun aois 15. D'fhéach an tAcht leis an bhfadhb sin a leigheas go hionchasach trí cion nua a chruthú gabháil i ngníomh gnéis le leanbh faoi bhun aois 15, agus soláthar a dhéanamh ina leith sin nuair a chruthaíonn an duine cúisithe gur chreid sé/sí go fírinneach go raibh aois 15 slánaithe ag an leanbh, ag am líomhnaithe an chiona. Chuimsigh an tAcht forálacha cosúlacha maidir le gníomhartha gnéis a déanadh le leanaí faoi bhun aois 17.

- **An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006** (arna achtú ar an 23/06/2006). Bunaíonn an tAcht scéim chun soláthar d'aisíoc ar tháillí áirithe sláinte, a gearradh ar roinnt daoine go neamhdhleathach i dteaghlaigh altranais. Déanfar aisíocaíochtaí leis na daoine sin a mhaireann nó chuig a n-eastáit murach sin. Cuireann an tAcht freisin cuntais mhaoine phríobháideacha na n-othar ar bhonn reachtúil.

- **An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2006** (arna achtú ar an 16/07/2006). Tá foráil san Acht do thástáil alcóil éigeantach do thiománaithe ag seicphointí údaraithe, cosc ar fhóin phóca boise le linn tiomána, fíneálacha agus tréimhsí dícháiliúcháin méadaithe, agus saincheisteanna ilghnéitheacha eile.

- **An tAcht Cumann Foirgníochta (Leasú) 2006** (arna achtú ar an 16/07/2006). Tá foráil san Acht do leasuithe éagsúla ar an Acht Cumann Foirgníochta (Leasú) 1989. Tá foráil déanta do chumainn foirgníochta gur mian leo a bheith dí-fhrithpháirteach, agus diúltú d'fhorálacha cosanta iar-thiontaithe atá cuimsithe in Acht 1989, amhlaidh a dhéanamh. D'fhéadfadh cumann foirgníochta a dhiúltaíonn d'fhorálacha cosanta 5 bliana, nuair atá tiontú ar bun, scéim a tharraingt aníos a sholáthraíonn do dhíolachán tar éis an

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

dífhrithpháirteachais. Méadaítear cumhachtaí an chumainn foirgníochta chun infheistíocht a dhéanamh, chomh maith le cumhachtaí chun cistí a charnú. Méadaítear na cineálacha iasachtaí gur féidir a dhéanamh freisin.

- **An tAcht um Cheartas Coiriúil 2006** (arna achtú ar an 16/07/2006). Rinneadh an Bille um Cheartas Coiriúil 2004, a foilsíodh i mí Iúil 2004, a achtú i 2006. Déanadh leasuithe móra dó agus cuireadh roinnt topaicí nua leis, le linn chúrsa rite an Bhille trí Thithe an Oireachtais i 2006. Déanann an tAcht leasú ar roinnt réimsí tábhachtacha den dlí agus nós imeachta coiriúil. I measc na gceisteanna níos suntasaí a clúdaíodh ná cumhachtaí an Gharda Síochána maidir le cionta a imscrúdú, inghlacthacht roinnt ráitis ó fhinnéithe maidir le trialacha coiriúla, pianbhreitheanna agus achomhairc i nósanna imeachta coiriúla. Tá foráil san Acht maidir le coiriúlacht eagraithe agus mí-úsáid dhrugaí, a chuimsíonn bunú "Clár na gCiontóirí Drugaí" mar is fearr aithne air. Déanann an tAcht leasú freisin ar an dlí maidir le rialú airm tine agus méadaíonn sé na pionóis maidir le roinnt cionta a bhaineann le pléascáin. Tá foráil san Acht d'Orduithe Iompair Frith-Shóisialta (ASBOs) d'aosaigh agus leanaí agus déanann sé leasú cuimsitheach ar Acht na Leanaí 2001 maidir le ceartas ógánach. Tá foráil san Acht freisin do bhunú Coiste Chomhairleach um Chódú an Dlí Coiriúil, a dhéanfaidh maoirsiú ar an gclár do chódú an dlí coiriúil.

- **An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006** (arna achtú 16/07/2006). Déantar foráil reachtúil riachtanach san Acht do nósanna imeachta pleanála brostaithe i gcás na mórthionscadal bonneagair. Déanfaidh na nósanna imeachta atá soláthraithe ag an reachtaíocht seo, gnóthú na gcuspóirí a éascú maidir le "Pleananna Náisiúnta" reatha agus sa todhchaí, chomh fada agus go mbaineann na pleananna le bonneagar fisiciúil. Bhí roinnt leasuithe cuimsitheacha riachtanach maidir le líon ilghnéitheach ceisteanna, nár cuimsíodh sna buntreoracha.

- **An tAcht um an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 2006** (arna achtú ar an 31/10/2006). Déantar foráil san Acht do phionós ag cúirteanna sa Stát agus ag armchúirteanna an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh an chine daonna, coireanna cogaidh agus cionta eile laistigh de dhlínse na Cúirte Coiriúil Idirnáisiúnta, a bunaíodh faoi Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, a déanadh sa Róimh ar an 17 Iúil 1998. Cumasaíonn sé éifeacht a thabhairt d'iarratais ón gCúirt sin ar chúnamh in imscrúdú nó ionchúiseamh na gcionta sin, a chuimsíonn iarratais ar dhaoine a ghabháil nó a ghéilleadh, sócmhainní a reo agus fíneálacha nó forghéillte atá gearrtha aici a fhorghníomhú. Tá foráil ann freisin maidir le suíonna cúirte go bhféadfaí a thionól sa Stát.

- **An tAcht um Fhuinneamh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006** (arna achtú ar an 24/12/2006). Déileálann an tAcht seo le réimse ceisteanna fuinneamh, a chuimsíonn oscailt an mhargaidh gáis agus sábháilteacht gháis agus leictreachais. Tá foráil sa reachtaíocht freisin chun stoc caipitil a chruthú i mBord Gáis Éireann, a éascóidh bunú scéimeanna úinéireachta roinnte na bhfostaithe sa chomhlacht.

- **An tAcht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó) 2006** (arna achtú ar an 24/12/2006. Tá foráil san Acht go príomha d'údarás rátála chun ceantar a bhunú laistigh dá limistéar riaracháin, mar cheantar feabhsúcháin gnó agus scéim a fhaomhadh atá ullmhaithe de réir an Achta, chun tionscadail, seirbhísí nó oibreacha a chomhlíonadh nó a sholáthar, a bheidh chun leasa an cheantair. Tá foráil san Acht go mbeidh maoiniú don scéim díorthaithe, go hiomlán nó i bpáirt, ó ranníocaíochtaí tobhach bliantúla, a bhfuil an t-údarás rátála údaraithe a ghearradh de réir an Achta, ar shealúchais inrátaithe sa cheantar feabhsúcháin gnó. Déanann an tAcht leasú freisin ar Acht Luachála 2001 chun soláthar d'fhorchur an tobhaigh ar shealúchas nua-bhunaithe nó nua-thógtha, nuair a dhéantar é a iontráil ar an liosta luachála i dtosach, maidir le limistéar údaráis rátála agus alt 56 an Achta sin, maidir leis an gcumhacht chun rátaí ioncaim na n-údarás rátála a theorannú. Déanann an tAcht leasú freisin ar Acht Rialtais Áitiúil 2001 maidir le gnéithe áirithe de choistí iniúchóireachta na n-údarás áitiúil.

Chomh maith le hualach oibre na reachtaíochta príomhúil, rinneadh **175** ionstraim reachtúil a dhréachtú nó a shocrú san OPC le linn 2006, a chuimsigh **29** ionstraim reachtúil an Aontais Eorpaigh.

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

## Obair Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i 2006

Is achoimre é seo a leanas ar an obair a rinneadh i Rannóg Dlí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit le linn 2006.

**Rannán an Dlí Phoiblí**
Tá Rannán an Dlí Phoiblí comhdhéanta den Rannóg Tráchtála agus Bunreachta agus Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha agus déileálann sé le raon leathan dlíthíochta agus bíonn ard-chlú ar go leor de na cásanna, éilíonn siad cloí le teorainneacha ama an-dian agus baineann réimsí dlí an-chasta leo.

**An Rannóg Tráchtála agus Bunreachta**
Tá freagracht ar an Rannóg seo cosaint a thabhairt do réimse leathan gníomhartha sibhialta in aghaidh an Stáit agus Údarás an Stáit, agus le linn 2006, chuaigh formhór na gcásanna sa Rannóg chuig éisteacht iomlánach. Bhí raon leathan saincheisteanna ag baint leo mar dhlí tráchtála, bunreachta, conartha, fostaíochta, árachais, idirnáisiúnta, comhshaoil, pleanála, toghcháin, sláinte poiblí, maoine intleachtúla, leasa shóisialaigh, riaracháin agus an Aontais Eorpaigh.

**Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha**
Déanann an Rannóg seo ionadaíocht don Stát agus Údaráis Stáit in iarratais ar athbhreithniú breithiúnach. Is éard is ciall le hAthbhreithniú Breithiúnach ná an próiseas ina bhfeidhmítear rialú breithiúnach ar ghníomh riaracháin agus ina gcleachtann an tArd-Chúirt dlínseacht thar na himeachtaí agus cinntí na gcúirteanna íochtaracha, binsí fiosrúcháin agus comhlachtaí eile a chuireann feidhmeanna leath-bhreithiúnacha i bhfeidhm nó atá freagrach as achtanna agus dualgais phoiblí a chomhlíonadh. Chomh maith le bheith ag déileáil le himeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha, is amhlaidh atá an Rannóg freagrach chomh maith as iarratais habeas corpus, cásanna luaite, cásanna uchtála, litreacha iarratais ó bhinsí fiosrúcháin eachtracha agus as doiciméid a sheirbheáil faoi Rialachán Comhairle AE Uimh. 1348/2000 agus Coinbhinsiún na Háige, 1965, maidir le seirbheáil cáipéisí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha thar lear i gcúrsaí sibhialtacha agus tráchtála.

Fuarthas **254** cás a bhain le hathbhreithniú breithiúnach agus **71** cás habeas corpus sa Rannóg i 2006.

**An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí**
Tá dhá Rannóg sa Rannán, mar atá an Rannóg Tearmainn agus Rannóg na Seirbhísí Dlí.

**An Rannóg Tearmainn**
Láimhseálann An Rannóg Tearmainn gach cás tearmainn, inimirce agus aisdúichithe thar ceann an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Oifig Choimisinéir na nIarratas do Dhídeanaithe, An Binse Achomhairc Dhídeanaithe agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce. Is obair dhlíthíoch den chuid is mó atá i gceist, a láimhseálann iarratais ar athbhreithnithe breithiúnacha (i gcomhair cead dul chun cinn agus éisteachtaí ábhartha araon) chomh maith le hiarratais habeas corpus sa réimse tearmainn agus bíonn gá le freastal laethúil os comhair na hArd-Chúirte agus os comhair na Cúirte Uachtaraí go pointe níos lú. Láimhseálann an Rannóg iarratais ón gCúirt Dúiche freisin, de bhun Acht na nDídeanaithe 1996 arna leasú. I 2006, osclaíodh 1,101 comhad nua a bhain le cúrsaí tearmainn sa Rannóg.

**An Rannóg Seirbhísí Dlí**
Tá an Rannóg seo freagrach as cuntasaíocht costas dlí (lena n-áirítear billí costais a rochtanú agus freastal ar chánachas na mbillí sin) agus chun costais dlí atá dlite don Stát a aisghabháil. Tá sí freagrach freisin as táillí Comhairleacha agus achtanna a íoc do na hÚdaráis Stáit in éilimh Chúitimh an Gharda agus don Choimisinéir Luachála in achomhairc a thagann os comhair an Bhinse Fiosrúcháin Luachála. Láimhseálann an Rannóg Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach freisin in ábhair choiriúla sa Chúirt Dúiche agus bíonn baint aici le hIonchúisimh Aireachta a ullmhú. Bíonn Ceannaire na Rannóige ina chathaoirleach ar Choiste a dhéanann maoirsiú ar scéim oiliúna dlí d'fhoireann chléireach san Oifig.

**Rannán Maoine an Stáit**
Déileálann Rannán Maoine an Stáit le hidirbheartaíochtaí maoine, saincheisteanna a bhaineann le tiarnaí talún agus tionóntaí, deontais, eastáit eiséataithe agus pleanáil agus saincheisteanna teidil don Stát. Tá an Rannán eagraithe i dtrí Rannóg: Oifig na nOibreacha Poiblí/Rannóg Sláinte agus Leanaí, An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt agus An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta.

**Oifig na nOibreacha Poiblí/Rannóg Sláinte agus Leanaí**
Is tíolacadh tráchtála is mó a bhíonn ar bun ag an Rannóg seo agus áirítear leis cóiríocht a fháil ar léasú

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

tráchtála do Ranna agus d'Oifigí Rialtais agus maoin a fháil agus a dhiúscairt faoi Chláir Rialtais éagsúla. Chuimsigh cuid den mhórobair a bhí ar bun le linn 2006, aimsiú leanúnach láithreán mórthimpeall na tíre faoi Chlár Díláraithe an Rialtais (**10** láithreán breise aimsithe); chuimsigh na héadálacha eile Dromard House, Co. Thiobraid Árann (**€4.5** milliún); láithreán an Chuarbhóthair Thuaidh in aice le Príosún Mhuinseo (**€26** milliún); tailte in aice le Castletown House, Co. Chill Dara (**€2** milliún); An Ceoláras Náisiúnta (**€42** milliún); malartú Oifigí Ioncaim Chorcaí (**€40** milliún). Lean diúscairt na maoine faoin gClár Sócmhainní Stáit a Nuachóiriú, a chuimsigh diúscairt na hiar-chóiríochta do lucht iarrtha tearmainn ag Parnell Square West Hotel, Baile Átha Cliath (**€7** milliún) agus Lynch's Lodge, Co. Chorcaí (**€2.3** milliún). I measc na hoibre eile ná comhlánú ar líon diúscairtí faoin Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne (Bóthar na hOtharlainne, Bóthar Bhaile Shéamais, Cearnóg Fhearchair Céim I); aimsiú leanúnach na láithreán scoile faoin gClár Soláthair Shuímh Scoile agus feidhmiú céimneach na gceadúnas leathanbhanda ar shealúchas an Stáit.

**An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt**
Déileálann an Rannóg seo le ceisteanna idirbheartaíochta agus comhairleacha i gcúrsaí maoine do na Ranna Rialtais seo a leanas - An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta: An Roinn Talmhaíochta agus Bia: Fiontair, Trádála agus Fostaíochta: Iompair: Cosanta: Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha: Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. I measc na hoibre bíonn léasanna agus ceadúnais chladaigh, díolacháin agus léasanna ar áitreabh ag Ionaid Chuanta Iascaireachta agus áitreabh a dhíol nach dteastaíonn le haghaidh cúrsaí míleata a thuilleadh agus cur i bhfeidhm na creatlaí dlí chun fáil réidh le maoin don Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne. Tá an Rannóg freagrach freisin as obair dhlíthiúil maidir leis an gceist a bhaineann le Deontais an Chrannchuir Náisiúnta. Chuimsigh cuid den mhórobair a rinne an Rannóg a chomhlíonadh, obair dhlíthiúil do Dheontas an Chrannchuir do Staid Bhóthar Lansdúin agus diúscairt an Ospidéil Mhíleata St Bricins.

**An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Ceartais agus Oidhreachta**
Áirítear leis an obair a dhéantar sa Rannóg seo gnéithe maoine de Scéim Slánaíochta Sásaimh na nInstitiúidí Cónaitheacha, tarscaoileadh ar mhaoin cuideachtaí díscaoilte faoin Acht Maoine Stáit 1954 agus an déileáil le heastáit eiséataithe sa chás gurb é an Stát an chomharbacht díthiomnóra bhunúsach, léasanna scoile, ceannacháin shuíomh do scoileanna agus do phríosúin, léasanna tráchtála don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, éilimh ar chúiteamh faoi Alt 120 na n-Achtanna um Chlárú Teidil 1964-2006 agus deontais chun críocha cultúrtha (ACCESS). Clúdaíonn an obair oidhreachta séadchomharthaí náisiúnta a aimsiú, maoin stairiúil agus talamh portaigh chun críche caomhnaithe. I measc na n-idirbheartaíochtaí móra a láimhsíodh i 2006 ná díolachán trí thairiscint ar áitreabh an phríosúin ag Shangannah Castle, Seanchill, Contae Bhaile Átha Cliath (**€20** milliún) agus éadáil na dtailte ag Luggala, Co. Chill Mhantáin (**€1.725** milliún) do Pháirc Náisiúnta Chill Mhantáin.

**An Rannán Ceartais agus Dlí Coitinn**
Tá trí Rannóg sa Rannán seo - mar atá an Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta, Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta agus Rannóg na nÉileamh Tortach.

**An Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta**
Déileálann an Rannóg seo le hImeachtaí Eiseachadta, iarratais ar Bharántais Ghabhála san Eoraip, iarratais maidir le daoine a aistriú faoi na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu 1995 agus 1997 agus Iarratais ar Mhaoin Póilíní. Bíonn an fhoireann sa Rannóg seo i mbun ionchúiseamh Aireachta sa chúirt freisin, déanann siad ionadaíocht ar an nGarda Síochána ag éisteacht Iarratais Cheadúnúcháin Deochanna Meisciúla agus soláthraíonn siad ionadaíocht don Stát ag Ionchoisní.

Tugadh isteach an Barántas Gabhála Eorpach ar an 1 Eanáir 2004 faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 a thug éifeacht do Chinneadh Creatlaí Comhairle den 13 Meitheamh 2002 ag déileáil le nósanna imeachta géillte idir Ballstáit den Aontas Eorpach, agus tháinig siad in áit nósanna imeachta Eiseachadta idir Stáit den sórt sin. Fuair an Rannóg 118 cás le linn 2006 faoin Acht.

Rinne Ceann na Rannóige an painéal foirne ar dualgas san Oifig a bhainistiú, a lean ag soláthar seirbhíse lá agus oíche lasmuigh d'uaireanta oifige, i gcásanna Eiseachadta, Barántais Gabhála Eorpacha, habeas corpus agus saincheisteanna práinneacha eile.

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

**Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta**
Déileálann an Rannóg seo go príomha le héilimh díobhála pearsanta nach bhfuil tarmligthe ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, d'aistrigh an Rannóg formhór na n-éileamh tarmligthe a bhí á láimhseáil acu thar cheann na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát ar ais ar an nGníomhaireacht. Cuimsíonn an Rannóg d'éilimh ar dhamáistí ag eascairt ó ghabhálacha nó gabhálacha éagóracha agus príosúnú neamhdhleathach ag baill den Gharda Síochána, éilimh mhailíseacha ionchúiseamh, éilimh bhulaíochta agus chiaptha agus aimsiú neamhpháirtí a bhaineann leis an nGarda Síochána. Tá sé beartaithe an Rannóg seo a fhorbairt ina Rannóg éileamh sibhialta i 2007.

**Rannóg na nÉileamh Tortach**
Déileálann Rannóg na nÉileamh Tortach le dlíthíocht mí-úsáide leanaí a éiríonn as éilimh mhí-úsáide in Institiúidí Cónaitheacha agus i Scoileanna Lae. Tar éis theacht i bhfeidhm Ordú na Gníomhaireachta um Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmligean agus a Bhronnadh) 2005 (I.R. Uimh. 503 de 2006) an 503 Meán Fómhair 2005, ghlac an Ghníomhaireacht um Éileamh ar an Stáit freagracht as bainistiú dlíthíocht mí-úsáide leanaí agus lean an Rannóg ag soláthar seirbhísí dlí don SCA maidir le héilimh den sórt sin. Bhí foireann Aturnaetha sa Rannóg chun dlíthíocht um Mí-Úsáid Scoil Lae a láimhseáil agus aonad speisialta chun déileáil le cásanna Slánaíochta. Rinne an Rannóg Aonad a chothabháil i rith na bliana freisin chun déileáil leis an obair roimh an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, agus i measc obair an aonaid bhí socruithe maidir le treoracha a chomhlíonadh ó thaobh cáipéisíocht a aimsiú arna heisiúint ag an gCoimisiún agus ionadaíocht do chliaint an Stáit ag éisteachtaí poiblí os comhair an choimisiúin.

Déileálann an Rannóg freisin le héilimh ar dhamáistí do ghortú a fhulaingíonn duine de bhaill na bhFórsaí Cosanta, lasmuigh den Stát, nuair atáid i seirbhís an Stáit, bulaíocht agus cásanna ciaptha na státseirbhíse agus achomhairc chun na hArd-Chúirte ag daoine atá ionfhabhtaithe ag Heipitíteas C nó SEIF nó an dá ghalar, trí riaradh fola nó táirgí fola.

**An Rannán Comhairleach**
Tá ceithre Rannóg sa Rannán Comhairleach, mar atá: an Rannóg Chomhairleach Speisialta, an Rannóg Chomhairleach Ghinearálta agus Rannóg Dlíthíochta an Stáit agus na hEorpa agus Rannóg na gConarthaí Tráchtála.

**An Rannóg Chomhairleach Speisialta**
Tá an Rannóg seo freagrach as déileáil le hobair na mBinsí Fiosrúcháin agus sholáthraíodar ionadaíocht don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le linn 2006 ag an mBinse Fiosrúcháin maidir le gearáin faoi ghardaí i Rannán Dhún na nGall ("Binse Fiosrúcháin Morris"). Déileálann an Rannóg freisin le cásanna acmhainní nádúrtha agus le hobair chomhairleach conartha agus rialála.

**An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta**
Tá an Rannóg seo freagrach as ceisteanna comhairleacha ginearálta, lena n-áirítear ag tionscnamh dlíthíochta Gearánaí thar ceann an Stáit, follasú tríú páirtí, imeachtaí dlí cuideachta, eadránacha, ceisteanna uchtaíocha, iniúchadh agus forbairt mianadóireachta agus peitriliam, ionchúisimh mar ionchúisimh fiadhúlra agus gnáthóige, chomh maith le hionadaíocht thar ceann an Stáit ar shaincheisteanna leasa phoiblí a thagann os comhair na mBinsí Fiosrúcháin agus ionadaíocht don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag an mBinse Fiosrúcháin faoi Íocaíochtaí do na hUaisle Charles Haughey agus Michael Lowry ("Binse Fiosrúcháin Moriarty") agus don Gharda Síochána ag an mBinse Fiosrúcháin a bhain le gearáin faoi Ghardaí ag Rannán Dhún na nGall ("Binse Fiosrúcháin Morris").

**Rannóg Dlíthíochta an Stáit agus na hEorpa**
Déileálann an Rannóg le hobair Fostaíochta agus déanann sí ionadaíocht thar Ranna agus thar Oifigí Rialtais ag éisteachtaí os comhair na gCoimisinéirí um Chearta, na Cúirte Oibreachais, na mBinsí Achomhairc Fhostaíochta agus an Stiúrthóra Imscrúdaithe Comhionannais, chomh maith le comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna fostaíochta faoi Rialacháin na Státseirbhíse. Déileálann sí freisin le dlíthíocht áirithe an ghearánaí agus le hIarratais Athchóirithe Cuideachtaí. Déanann an Rannóg ionadaíocht ar son na hÉireann os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa agus Cúirt Chéadchéime na hEorpa agus le linn 2006, agus rinne an Rannóg bainistiú ar 76 chás a bhain le Cúirt Cheartais na hEorpa.

**Rannóg na gConarthaí Tráchtála**
Déileálann an Rannóg seo le tairiscintí, comhairlí soláthair agus conarthacha, saincheisteanna pinsean, ceadúnais sonraí agus idirbheartaíochtaí agus dréachtú conarthach(a). Phléigh an Rannóg i rith na bliana le roinnt mhaith mórchonarthaí,

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

a chuimsigh conarthaí don Chóras Aitheanta Uathoibrithe na Méarlorgaireachta, Córas TF AISIP, foinsiú allamuigh na dtástálacha tiomána, Córas Rianaithe Uathoibrithe na n-Iarratas Visa, Aimsiú héileacaptair don Gharda Síochána, ceadúnais iniúchta agus Comhaontuithe Maoinithe do thionscadail pobal- bhunaithe don tSeirbhís Promhaidh.

## Cuid II: Forbairtí Eagrúcháin

**Coistí Comhairleacha Bainistíochta**
Chas Coiste Comhairleach Bainistíochta (Príomh MAC), ar a raibh ionadaithe na bainistíochta sinsearaí ó Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, le chéile 5 n-uaire le linn 2006 chun comhairle a thabhairt don Stiúrthóir Ginearálta faoi shaincheisteanna a bhain leis an dá Oifig, lena n-airítear an gclár oibre nuachóirithe. Bunaíodh Coiste Comhairleach Bainistíochta Dlí i 2006 ar a raibh ionadaithe an dá Oifig agus d'fhreastal an tArd-Aighne air. Bunaíodh é seo ar mholtaí na tuarascála faoi Oifig an Ard-Aighne (Tuarascáil Uí Shuilleabháin, Meitheamh, 2006). Chas an Coiste Comhairleach Bainistíochta Dlí seo le chéile faoi 2 i rith 2006 agus phléadar na saincheisteanna reatha dlí atá san Oifig. Bhuail Coistí Comhairleacha Bainistíochta faoi leith le chéile freisin ar bhonn míosúil chun comhairle a thabhairt don Stiúrthóir Ginearálta, don Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus do Phríomh-Aturnae an Stáit, mar ba chuí.

**Soláthar Foirne**
Faoi dheireadh 2006 b'ionann líon iomlán foirne in Oifig Shráid Mhuirfean agus 120 lena n-áirítear baill foirne ar chonradh agus bhí 2 fholúntas ann. B'ionann líon iomlán foirne in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i rith 2006 agus 230 lena n-áirítear baill foirne ar chonradh agus bhí 13 fholúntas ann. Earcaíodh foireann nua chomhairleach agus dréachtaithe dlí mar aon le lucht riaracháin agus cléireachais in Oifig Shráid Mhuirfean i rith na bliana agus earcaíodh foireann riaracháin in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

**Ráiteas Straitéise 2006-2008**
D'fhoilsigh an Oifig Ráiteas nua Straitéise 2006-2008 i mí Iúil, 2006 tar éis próiseas uileghabhálach forbartha agus comhairliúcháin inar ghlac an fhoireann go léir in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit páirt ann. Léiríonn sé seo smaointe agus pleananna na hOifige go léir don chéad thréimhse trí bliana. Ta cur síos sna Caibidil ó 4 go 7 na Tuarascála seo ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le baint amach na gCuspóirí, na Spriocanna, na Straitéisí agus na Táscairí Feidhmíochta.

**Seirbhíse d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí**
Tá cur síos sna Caibidil ó 4 go 7 sa Tuarascáil seo ar chur i bhfeidhm na ngealltaí atá i d*Treoir Seirbhísí Cliaint 2005-2007* de chuid Oifig Shráid Mhuirfean agus *Plean Gnímh Chustaiméara* agus *Cairteanna Cliaint agus Custaiméara* de chuid Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

**Teicneolaíocht na Faisnéise**
Lean an Oifig ag déanamh dul chun cinn suntasach ó thaobh fhorfheidhmiú na Straitéise um Theicneolaíocht Faisnéise in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Díríodh go príomha le linn 2006 ar chur chun cinn an Chórais nua Bhainistíochta Cásanna agus Taifead san dá Oifig, agus leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm an Chórais chomhtháite Bhainistíochta Airgeadais. Lean an Oifig uirthi ag déanamh athbhreithnithe ar a bonneagar TF agus rinneadh roinnt leasaithe le cinntiú go bhfeidhmíonn sé go héifeachtach. Bhuail roinnt coistí maorseoireachta TF de chuid na hOifige le céile i rith na bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun a bhí á dhéanamh maidir leis an tionscadal agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna dá mba ghá é. Comhchoistí Oifige a bhí iontu don chuid ba mhó. Tá cuntas ar an dul chun cinn a rinneadh i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo.

**Bainistíocht eolais**
Cuireadh cultúr comhroinnte eolais chun cinn san Oifig i rith 2006. Tá cuntas i gCaibidil 1 den Tuarascáil seo ar an dul chun cinn a rinneadh.

**Forbairt Seirbhísí Dlíthúla**
Lean an Oifig uirthi ag forbairt agus ag feabhsú breis speisialtachtaí le linn 2006 de réir na straitéise atá aici chun freastal ar riachtanais athraitheacha an Rialtais agus Ranna agus Oifigí cliant agus í ag iarraidh speisialtachtaí ní ba mhó a bhaint amach i réimsí lárnacha.

**Rialúchán Níos Fearr**
Bhí tionchar mór fós ar obair na hOifige i 2006 ag na moltaí a rinne an Oifig féin chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus comhtháiteacht Dhlí Reachta na hÉireann. Bhí sé seo go léir ag teacht leis na geallta a tugadh i bPáipéar Bán an Rialtais "Rialúchán Níos

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

Fearr. Scrúdaíodh an reachtaíocht a ritheadh sular cuireadh feidhm le hAcht an Aontais ar 1 Eanáir, 1801 agus rinneadh innéacsú ar Achtanna pearsanta agus áitiúla mar aon le hAchtanna príobháideacha a ritheadh roimh 6 Nollaig, 1922, agus scrúdaigh an Oifig 26,370 Acht san iomlán i rith 2006.

**Tuarascáil ar Athbhreithniú Oifig an Ard-Aighne (Tuarascáil Uí Shúilleabháin, Meitheamh, 2006)**
Nuair a foilsíodh Tuarascáil Uí Shuilleabháin faoin Athbhreithniú a rinneadh ar Oifig an Ard-Aighne chuir an Oifig Plean Gníomhaíochta i bhfeidhm a leag amach na bealaí le dul i ngleic leis an 19 moladh a bhí sa tuarascáil. Bhí dul chun cinn suntasach déanta roimh deireadh na bliana maidir le cur i bhfeidhm na moltaí sin. Bhí páirt ghníomhach ag Coiste Comhairleach Bainistíochta Oifig Shráid Mhuirfean agus ag Comhchoiste Comhairleach Bainistíochta Shráid Mhuirfean agus CSSO agus ag an gCoiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean san obair seo agus chuathas i ndáil comhairle leo de réir mar ba chuí.

**Tionscnaimh Oibre Thrasfheidhmeacha**
Lean foirne trasfheidhmeacha as Oifig Shráid Mhuirfean agus as Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit orthu ag feidhmiú Tionscadal Chóras Bainistíochta Taifead agus Cásanna, Tionscadail an Chórais Bainistíochta Airgeadais, Tionscadal Chóras Bainistíochta Acmhainní Daonna, agus Tionscadal Bainistíochta Eolais agus tionscadail eile le linn 2006. Lean an fhoireann ó Oifig Shráid Mhuirfean orthu ag obair le foireann Roinn an Taoisigh ar an athbhreithniú ar Lámhleabhar na Comh-Aireachta.

D'oibrigh an fhoireann ón dá Oifig le chéile freisin ar shaincheisteanna mar cur i bhfeidhm Athbhreithnithe Caiteachais agus forfheidhmiú Thuarascáil Nally maidir le hAtheagrú Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, agus thacaigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí leo de réir mar ba chuí.

**Solúbthacht Eagrúcháin in Oifig Shráid Mhuirfean**
Aithníonn an Oifig gur gá moltaí a fhorfheidhmiú chun solúbthacht eagrúcháin a mhéadú. Tá soghluaiseacht mhór foirne idir Oifig Shráid Mhuirfean agus Grúpaí na nDréachtóirí Parlaiminte agus freisin idir Grúpaí Abhcóide Comhairleacha agus idir Aonaid Ghnó Riaracháin, chun obair phráinneach a dhéanamh.

Seo roinnt samplaí den solúbthacht a léirigh Oifig Shráid Mhuirfean le linn 2006:

- Bhí bhainisteoirí tionscadail lánaimseartha agus pearsanra eile á sannadh go leanúnach don Chórais Bhainistíochta Taifead agus Cásanna agus do thionscadail an Chórais Bhainistíochta Airgeadais/ MIF;

- Bhí foireann dhlíthiúil agus riaracháin ar fáil go leanúnach le haghaidh Tionscadal éagsúla TF, go mór mór chun freastal mar ionadaithe ar coistí bainteacha um rialachas tionscadal agus páirt a ghlacadh san obair;

- Leanadh ar aghaidh ag tabhairt oiliúna do dhaoine ón Aonaid Airgeadais agus ó Aonaid eile sna feidhmeanna cuntasaíochta a bhaineann le Córas Bainistíochta Airgeadais na hOifige;

Tharla an tsolúbthacht sin in ainneoin go raibh méadú mór thagtha ar ualach oibre na hOifige i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí ar an bhfoireann a bhí fágtha tabhairt faoin obair a rabhthas á déanamh roimhe sin ag an bhfoireann athlonnaithe.

Lean foireann Clárlainne, dhlíthiúil, dréachtaithe agus riaracháin orthu ag comhoibriú le chéile i rith 2006 freisin chun doiciméid sin a shainaithint a bhí dlite le haistriú chuig Oifig na gCartlann Náisiúnta agus a bhí le heisiúint i mí Eanáir 2007. Aistríodh 812 comhad i 2006 ach coinníodh 23 acu siar óir bhí faisnéis phearsanta iontu.

**Solúbthacht Eagrúcháin in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit**
Tá solúbthacht eagrúcháin mar thosaíocht san Oifig, agus atheagraítear baill foirne, dualgais agus Rannóga go rialta mar fhreagra ar éilimh athraitheachta na gcliant. D'aithin an Oifig réimsí le linn 2006 inar theastaigh seirbhísí ní ba speisialtaithe ó chliaint, agus athraíodh cúrsaí earcaíochta, oiliúna agus struchtúir eagraíochta dá réir.

Bhí an Oifig solúbtha i gcónaí ag dáileadh acmhainní foirne ar Bhinsí Fiosrúcháin. Lean ceathrar aturnaetha orthu ag obair ag na Binsí Fiosrúcháin atá ar bun ag an am céanna. Lena chois sin, lean an Oifig ag soláthar beirt Aturnaetha de réir mar a bhí siad ag teastáil chun saothrú ar son ar Leas an Phobail ag Binsí Fiosrúcháin.

# 3 Príomhfhorbairtí sa bhliain 2006

Cuireadh deireadh leis an Rannóg Chaillteanas Éisteachta san Arm i 2006. Ba chuid de Rannán Dlíthíochta an Dlí Choitinn an Rannóg seo agus rinneadh an fhoireann dhlíthiúil a aistriú go Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta, Rannóg an Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh, agus Rannóg na nOibreacha Poiblí / Sláinte agus Leanaí le freastal ar an obair atá le déanamh i réimsí sin na hoifige.

Rinneadh atheagrú ar Rannóga na hOifige nuair a chuireadh deireadh le Rannóg Chaillteanas Éisteacht san Airm agus ó tá an Rannóg Tearmainn ag déileáil leis an oiread sin cásanna, aistríodh an Rannóg Ceartais agus Coiriúlachta ón Rannán Ceartais agus Tearmainn go Rannán Dlíthíochta an Dlí Choitinn. Tugadh An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí agus An Rannán Ceartais agus Dlí Coitinn ar na Rannáin ina dhiaidh sin. Rinneadh an t-atheagrú seo nuair a ghluais Rannán an Dlí Coitinn go háitreabh nua i dTeach na Seansaireachta gar don phríomhoifig i dTeach Osmond. Chuir an t-aistriú seo go háitreabh nua go mór le héifeachtúlacht na hOifige mar bhí breis spáis le fáil i dTeach Osmond feasta agus bhíothas in ann an Rannán Ceartais agus Dlí Coitinn a lonnú in aon áit amháin. Is ag obair in dhá áitreabh a bhí foireann an Dlí Choitinn roimhe sin.

Bhí siad seo a leanas i measc na samplaí ba shainiúla den tsolúbthacht a léirigh an Oifig i rith 2006:

- Ceapadh painéal aturnaetha ar chonarthaí gearrthéarmacha chun áit ball na foirne bunaithe a bhí ar shos gairme agus ar shaoire shínte a ghlacadh, agus leanadar siúd ar aghaidh ag obair;

- Leanadh de gach dualgas 'cléireachais' lasmuigh a fhoinsiú allamuigh chuig comhlacht príobháideach agus bhí an Oifig sásta leis sin;

- Bhí painéal foirne ar dualgas i gcónaí lasmuigh d'uaireanta oifige chun seirbhís iomlán a sholáthar maidir le hiarratais phráinneacha cúirte;

- Earcaíodh aturnaetha ar chonradh chun obair díláraithe a dhéanamh ar son Oifig na nOibreacha Poiblí;

- Lean an Oifig ag bainistiú painéil d'aturnaetha seachtracha le haghaidh Oifig na nOibreacha Poiblí chun sainseirbhís dlí a chur ar fáil dóibh ar chostais iomaíocha. Tá sé seo uile sa bhreis ar an obair a dhéanann an Oifig go díreach ar son Oifig na nOibreacha Poiblí.

**Iarratais um Shaoráil Faisnéise**
Tá staitisticí ar iarratais a rinneadh chuig Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit faoin Acht um Shaoráil Faisnéise leagtha amach in **Iarscríbhinn F**. Lean an Oifig ag tabhairt comhairle don Aonad Beartais Lárnach sa Roinn Airgeadais ar shaincheisteanna dlíthiúla a bhain le forfheidhmiú agus le feidhmiú na nAchtanna.

**Forbairtí Eagrúcháin Eile**
Tá cuntas i gCaibidil 7 den Tuarascáil seo ar an dul chun cinn a rinneadh i rith 2006 maidir le forbairtí suntasacha ar nós Iniúchadh Inmheánach, *Dul Chun Cinn a Choinneáil* agus na Comhaontaithe Comhpháirtíochta Sóisialta in *I dTreo 2016*, an Próiseas comhpháirtíochta agus Acht na dTeangacha Oifigiúla.

**Saincheisteanna Idirnáisiúnta agus Idir-rannacha nó a bhaineann le hEagrais an AE**
Ghlac foireann Dhlíthiúil agus Riaracháin sna hOifigí páirt i ngrúpaí oibre a raibh baint acu le réimse saincheisteanna idir-rannacha. Tá liosta díobh seo le fáil in **Iarscríbhinn E**.

# **Caibidil 4**
# Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 1 á bhaint amach - Abhcóidí Comhairleacha



# 4 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 1 á bhaint amach - Abhcóidí Comhairleacha

## Sprioc 1 - Abhcóidí Comhairleacha

Tacú leis an Ard-Aighne agus comhairle a chur air i ndualgais na hOifige a chomhlíonadh agus Abhcóidí Comhairleacha speisialaithe a sholáthar i réimsí dlí atá tábhachtach don Rialtas agus gníomhú go sofhreagrach éifeachtach éifeachtúil.

Is iad seo a leanas na cuspóirí, na straitéisí agus na táscairí feidhmíochta chun an Sprioc seo a bhaint amach.

## Cuspóir 1

**Seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcliant a bheidh TF agus bainistíocht eolais mar bhunús aici.**

**Straitéis 1**
Na príomhghealltanais a thug an Oifig sa *Treoir Seirbhísí Cliaint 2005-2007* agus *Cairt Chliaint agus Chustaiméara na nAbhcóidí Comhairleacha agus Riaracháin* a chomhlíonadh.

### Táscairí Feidhmíochta

- Déanamh mar a gealladh sa Treoir agus sa Chairt maidir le:
  - Caidreamh le Cliant;
  - Sofhreagracht;
  - Cruinneas, ardcháilíocht agus comhsheasmhacht san obair, aschur agus comhairle;
  - Seirbhísí a chur ar fáil trí chomhphairtíocht agus obair foirne;
  - Seirbhís macánta faoi rún;
  - Caidreamh le cliaint a bhainistiú agus aiseolas na gcliant a eagrú;
  - Caighdeán comhaontaithe a bhaint maidir le seirbhís do chustaiméirí.

**Straitéis 2**
Seirbhísí dlí a chomhtháthú le OPC, CSSO agus leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí

### Táscairí Feidhmíochta

- Na nósanna imeachta agus na cleachtais a chur i bhfeidhm a leagadh amach i dTuarascáil an Ghrúpa um Rialú Cháilíocht na Reachtaíochta;

- Páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm an chórais ACME;

- Prótacail agus sreafaí oibre a fhorbairt chun an córas ACME a cur i bhfeidhm agus a úsáid i gceart;

- Páirt a ghlacadh sa Choiste Chomhairleach um Athchóirithe Dlí, go mór mór maidir le forbairt an Tríú Chlár i 2007.

**Straitéis 3**
Páirt a ghlacadh sa phróiseas bainistithe eolais.

### Táscairí Feidhmíochta

- Prionsabail Bainistíochta Eolais a fheidhmiú chun léirfhoghlaim agus eolas teicniúil agus inbheirthe, chomh maith le saineolas agus fios gnó a roinnt.

**Straitéis 4**
Beartais bainistíochta riosca na hOifige a fhorfheidhmiú.

### Táscairí Feidhmíochta

- Aiseolais a sholáthar don MAC agus don Ard-Aighne ar réimsí rioscaí suntasacha;

- Straitéisí Bainistíochta Riosca na hOifige ag cuimsiú Beartais agus Cláir a chur i bhfeidhm;

- Féachaint chuige go ndéantar athbhreithniú seachtrach go rialta ar nósanna imeachta maidir le measúnú priacail;

- Tuarascálacha a sholáthair gach 8 seachtain faoi bhainistiú oibre.

- Aontú agus cloí le beartais, prótacail agus sreafaí oibre na hOifige.

**Straitéis 5**
Páirt a ghlacadh i bhforbairt Bainistíochta Airgeadais san Oifig le cinntiú go soláthrófar aschuir agus go bhfaighfear luach ar airgid.

### Táscairí Feidhmíochta

- Monatóireacht a dhéanamh ar an t-am a chaitheann Abhcóidí Comhairleacha ag plé le réimse tascanna dlí a roghnófar;

- Pleanáil a dhéanamh maidir le hacmhainní agus iad a leithdháileadh i gcomhthéacs na treochtaí atá ann maidir le méid agus castacht na oibre.

**Straitéis 6**
Athbhreithniú a dhéanamh chun na gníomhaíochtaí/seirbhísí sin go léir a aithint ar choir d'údaráis inniúla eile iad a bhainistiú.

# 4 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 1 á bhaint amach - Abhcóidí Comhairleacha

**Táscairí Feidhmíochta**

- Athbhreithniú bliantúil a bheith déanta le fáil amach aon bhfuil gníomhaíochtaí/seirbhísí ann ar choir d'údaráis eile iad a bhainistiú;

- Comhaontuithe a bheith déanta le húdaráis inniúla maidir le freagrachtaí a roinnt agus socruithe aistrithe a bheith déanta leo;

- Bailchríoch a bheith curtha ar threoirlínte, prótacail agus socruithe aistrithe de réir mar is cuí.

**Nóta: Tabhair do d'aire go bhfuil straitéisí 3, 4 agus 5 thuas le brath chomh maith sa Chuid faoi Sheirbhísí Tacaíochta Gnó.**

## Cuspóir 2

**Straitéis Acmhainní Daonna na hOifige a chur i bhfeidhm i gcás na nAbhcóidí Comhairleacha**

**Straitéis 1**
Abhcóidithe Comhairleacha a earcú agus oiliúint a chur orthu.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Ionduchtachán na n-iontrálaithe nua ag an Oifig Athbhreithnithe;

- Athbhreithniú bliantúil do bhaill uilig na ngrúpaí speisialaithe ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach i gcúrsaí PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta), oideachais, oiliúna, forbartha;

- Moltaí an Aonaid Ghnó maidir le hoiliúint agus forbairt leanúnach/breise;

- Tosaíochtaí forbartha & oiliúna comhtháite PMDS agus Acmhainní Daonna a fhorfheidhmiú;

Tá an straitéis thuas le brath chomh maith sa Chuid faoi Sheirbhísí Tacaíochta Gnó.

## Cuspóir 3

**Cabhrú chun comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí dlíthiúla an Stáit.**

**Straitéis 1**
Cur le seirbhís phoiblí éifeachtach trí spreagadh agus cúnamh a thabhairt maidir le comhordú seirbhísí dlíthiúla an Stáit.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Comhordú le comhairleoirí dlí is Ranna Rialtais a léiriú le cruinnithe athbhreithnithe gach 6 mhí;

- Prótacal a fhorbairt roimh an dara ráithe de 2006 maidir le hAbhcóidí Comhairleacha a thabhairt ar iasacht do Ranna Rialtais;

- Athbhreithnithe ar na socruithe faoi Abhcóidí Comhairleacha a thabhairt ar iasacht a bheith déanta roimh an dara ráithe de 2007 agus 2008.

**Straitéis 2**
Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas i bhforfheidhmiú na mbeartas dlíthíochta agus i láimhseáil na gceisteanna leathain.

**Táscairí Feidhmíochta**

- Athbhreithniú bliantúil a chríochnú roimh an deireadh an tríú ráithe ar an gcóras éascaithe agus comhordaithe maidir le reachtaíocht na tíre seo agus na Cúirte Breithiúnais Eorpaí;

- Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre idir-rannacha agus coistí i láimhseáil na ngnéithe dlíthiúla de shaincheisteanna tras-ghearrtha ag cuimsiú forfheidhmiú na mbeartas tras-ghearrtha nuair a thagann siad aníos.

# 4 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 1 á bhaint amach - Abhcóidí Comhairleacha

## Dul Chun Cinn a Rinneadh

### Cuspóir 1

Lean an taobh Comhairleach d'Oifig Shráid Mhuirfean ar aghaidh le linn 2006 ag díriú ar fhorbairt bhreise, feabhsú agus mionchoigeartú a dhéanamh ar speisialtóireacht mar rud lárnach chun cuspóirí, spriocanna agus straitéisí na hOifige a bhaint amach. Lean an Oifig uirthi ag déanamh anailíse agus athbhreithnithe ar ualach oibre agus comhdhéanamh na nGrúpaí Comhairleacha faoi mar a rinne sí sna blianta atá thart. Chuidigh sé seo le réimsí nua agus réimsí atá ag teacht chun cinn a aithint, mar aon le réimsí a bhfuil borradh fúthu, agus riachtanais agus aiseolas client a réamh-mheas i gcás gach réimse dlí.

Lean gach ceann de na Grúpaí Comhairleacha orthu ag déanamh athbhreithnithe ar an obair tríd an gcóras athbhreithnithe ocht seachtainí a bhí leagtha síos. Ceapadh tosaíochtaí don obair ag cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a bhí ar siúl i rith na bliana leis na Ranna cliant. Chuir na cruinnithe sin deis ar fáil chun an t-aiseolas a fuarthas ó chliaint ar shaincheisteanna seachadta seirbhíse a mheas agus chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna straitéiseacha nua. Sampla amháin de na cruinnithe rialta a bhí ann i rith na bliana ab ea na cruinnithe leis na Ranna cliant, an Garda Síochána agus CSSO maidir le hEiseachadadh/Barántas Gabhála na hEorpa. Bhíodar siúd ar siúl gach dhá mhí. Pléadh na ceisteanna a tarraingíodh anuas ar bhonn leanúnach. Bhain siad le cásanna faoi leith agus cineálacha éagsúla cásanna, bainistiú an réimse agus an caidreamh idir na páirtithe leasmhara, an chur chuige agus na straitéisí a bhí le glacadh agus a gcaithfí a insint do na habhchóidithe comhairleacha fúthu, agus idirchaidreamh leis na Stáit a bhí ag déanamh na n-iarratas agus na Seirbhíse Cúirteanna.

Lena chois sin bhuail go leor grúpaí le chéile go rialta laistigh den Oifig chun ualach oibre agus saincheisteanna a bhain le cásanna ar leith a phlé. B'acmhainn luachmhara iad na Cruinnithe míosúla faoi Shaincheisteanna Dlí, Grúpa dlíodóirí lucht iarrtha tearmainn agus Cruinnithe seachtainiúil Grúpa na Abhcóidí Chomhairleacha chun fios gnó dlí agus smaointe agus tuairimí a mhalartú i measc grúpaí speisialtóirí difriúla.

Ceapadh Plean Gníomhaíochta i ndiaidh an chéad chruinnithe de Phainéal Cliant na nOifigí i Samhain, 2005 agus, i measc rudaí eile, leagadh amach na saincheisteanna a bhain leis cúrsaí Comhairleacha. Cuireadh an plean seo i bhfeidhm go hiomlán agus rinneadh athbhreithniú air i slí is gur cuireadh feabhas ar an seirbhís a soláthraítear do chliaint.

Rinneadh athbhreithniú ar Oifig an Ard-Aigne agus foilsíodh moltaí dá thoradh sin i dTuarascáil Uí Shúilleabháin (Iúil, 2006). Bhunaigh an Oifig Coiste Comhairleach um Bhainistiú Dlíthiúil sa chomhthéacs sin chun na ceisteanna leanúnacha dlíthiúla laistigh den Oifig a phlé. Bhí ionadaithe a bhí plé le gach gné d'obair na hOifige ar an gcoiste - Lucht Comhairle, OPC, CSSO agus fiú an tArd-Aighne féin. Reáchtáiltear cruinnithe gach dhá mhí idir Oifigí an Ard-Aighne agus Oifig Stiúrthóra na nIonchúiseamh Poiblí faoi cásanna bunreachtúla a bhaineann leis an dá Oifig faoi mar a moladh i dTuarascáil Uí Shúilleabháin.

Ghlac Abhcóidí Comhairleacha a ainmníodh páirt i rith na bliana san obair forbartha atá ar siúl ar an gCóras nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead trí bheith i láthair agus páirt a ghlacadh sna cruinnithe cuí faoi rialachas tionscadal. Díríodh don chuid ba mhó ar prótacail agus sreafaí oibre a fhorbairt a bhain le réimsí oibre faoi leith agus ghlac na hAbhcóidí Comhairleacha a ainmníodh páirt shuntasach san obair forbartha seo. Lean na hAbhcóidí Comhairleacha cuí go léir ag baint leas as an gcóras i rith na bliana.

Lean na comhairliúchán leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ar aghaidh i rith 2006 maidir le freagracht as Scéim an Ard-Aighne a aistriú chun na Roinne. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal roimh deireadh na bliana maidir le riaradh na scéime a aistriú chun na Roinne ar 1 Feabhra 2007.

Lean na hAbhcóidí Comhairleacha orthu i rith 2006 ag tacú le hobair an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí.

Leanadh ar aghaidh ag cur cultúir roinnte eolais chun cinn i measc na nAbhchóidí san Oifig faoi mar a bhí ag tarlú i measc na ndreamanna eile agus é sin mar thacaíocht do chomhairle dlíthiúil a sholáthar don Rialtas agus d'Oifigí agus Ranna Rialtais. Bíonn Abhcóidí Comhairleacha ag freastal ar chruinnithe faoi Cheisteanna Dlíthúla agus bíonn páirt acu in ullmhú Treoracha Tagartha Dlí agus Feasachán Dlí agus ECHR.

# 4 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 1 á bhaint amach - Abhcóidí Comhairleacha

Bhí páirt ag Abhcóidí Comhairleacha i rith 2006 i bhforbairt agus cur i bhfeidhm beartas foirmiúil um bainistiú rioscaí laistigh den Oifig. Thug na hAbhcóidí Comhairleacha tuairiscí i rith na bliana don Ard-Aighne agus don MAC dlíthiúil agus do chruinnithe an Ard-Stiúrthóra, an leas-Ard-Stiúrthóra agus an Phríomh-Abhcóide Comhairligh agus do chruinnithe Grúpaí na nAbhcóidí Comhairleacha. Bhain na tuairiscí seo le réimsí agus gnéithe ar bhain rioscaí suntasacha leo. Ghlac Abhcóidí Comhairleacha páirt i bpróiseas chun cásanna íogaire agus bunreachtúla a aithint lena gcur sa chéad Tuarascáil don Rialtas faoina leithéid de chásanna. Rinneadh é seo i mí Deireadh Fómhair, 2006 de thoradh moltaí Tuarascála Uí Shúilleabháin. Bhí an Príomh-Abhcóide Comhairleach ina chathaoirleach ar chruinnithe Chomhchoiste um Bhainistiú Rioscaí Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO i gcomhthéacs straitéis bainistíochta riosca don Oifig go léir mar aon le clár rioscaí corparáideach agus cláir rioscaí le haghaidh Grúpaí agus Aonaid Gnó faoi leith.

Ghlac Grúpaí Abhcóidí Comhairleacha páirt sa dara leath de 2006 i dTionscnamh um Leithdháileadh Acmhainní agus Pleanáil Gnó (RAB). Bhí comhairleoir seachtrach i láthair chun an obair a éascú agus ghlac na Grúpaí Comhairleacha páirt i bpróiseas chun múnlaí creatlaigh a fhorbairt a raibh sé d'aidhm acu an costas teoiriciúil a mheas a bhainfeadh le seirbhísí dlí a chur ar fáil do gach Grúpa i gcomhthéacs na dtreochtaí maidir le méid agus castacht na hoibre. Déanann na múnlaí seo iniúchadh ar an nasc atá ann idir na Meastacháin Airgeadais agus na Ráitis Straitéise agus aschur na nOifigí.

Déanann na múnlaí seo iniúchadh ar an nasc atá ann idir na Meastacháin Airgeadais agus na Ráitis Straitéise agus aschur na nOifigí.

## Cuspóir 2

I 2006 lean na hAbhcóidí Comhairleacha leis an mbaint atá acu le PMDS a threisiú taobh istigh den Oifig. Ag tús na bliana comhaontaíodh Foirmeacha Próifíl Róil aonair le bainisteoirí agus rinneadh Athbhreithniúcháin Eatramhacha i lár na bliana. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastal Abhcóidí Comhairleacha ar oiliúint don PMDS nua comhtháite. Cuireadh tús leis an próiseas chun Pleananna Grúpa Gnó a ullmhú ag tabhairt an *Ráiteas Straitéise 2006 - 2008* san áireamh, agus go deimhin thosaigh an bhainistíocht riosca i mí Dheireadh Fómhair agus bhí comhairliú iomlán ag leibhéal an Ghrúpa aonair i gceist leis.

## Cuspóir 3

**Comhoibriú le Comhairleoirí Dlí sna Ranna Rialtais**

Lean na hAbhcóidí Comhairleacha ar aghaidh ag cothú caidreamh dearfach agus dlúthchaidreamh oibre le comhairleoirí dlí sna Ranna Rialtais i rith 2006. Méadaíonn tábhacht na naisc sin de réir mar a thagann fás ar líon na saincheisteanna casta idir-rannacha dlí. Bíonn ról an-tábhachtach, freisin, ag na naisc le comhairleoirí dlí na Rann, maidir le hullmhú reachtaíochta. Chomhoibrigh Abhcóidí Comhairleacha agus Comhairleoirí Dlí Rannacha i rith na bliana ar raon mór ábhar, chun a chinntiú go mbeidh an chomhairle a thug siad comhsheasmhach le comhairle eile a thugann an tArd-Aighne.

**Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht le Ranna Rialtais**

Chuir an Oifig go mór le seirbhís phoiblí éifeachtach trí spreagadh agus cúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlíthiúla an Stáit i rith 2006. Tionscnamh tábhachtach amháin a bhí ann ná Prótacal a fhorbairt agus a chuir i bhfeidhm maidir le iasacht na nAbhcóidí Comhairleacha le Ranna Rialtais. Chuaigh an Oifig i mbun comhráite go déanach i 2005 le roinnt Rann Rialtas ar spéis leo an scéal faoi Abhcóidí Comhairleacha a thabhairt ar iasacht dóibh ar bhonn píolótach. Rinneadh socruithe leis an Roinn Airgeadais agus le Seirbhís na gCeapachán Poiblí chun tús a chur le comórtas earcaíochta Abhcóidí Comhairleacha lena dtraenáil agus lena dtabhairt ar iasacht ina dhiaidh sin. Bhunaigh an Oifig Grúpa Oibre maidir le hlasacht na nAbhcóidí Comhairleacha ag Ranna Rialtais agus leag Tuarascáil an Grúpa Oibre amach beartas i gcomhair Treoirthionscadal chun Abhcóidí Comhairleacha a earcú agus oiliúint a chuir ar fáil dóibh sula rachaidís ar iasacht ag na Ranna Rialtais difriúla. I mí na Bealtaine, tháinig an chéad bheirt ar iasacht isteach san oifig agus duine amháin i mí Iúil, Lúnasa, Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2006. Chuaigh an chéad beirt i mbun oibre sna Ranna cuí i mí Dheireadh Fómhair, 2006.

Fuair gach duine ar iasacht oiliúint ghinearálta, chomh maith le hoiliúint ar leith saincheaptha do riachtanais na Roinne a mbeadh siad ar iasacht aige. I measc an ha hoiliúna speisialta a cuireadh ar fáil bhí

# 4 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 1 á bhaint amach - Abhcóidí Comhairleacha

oiliúint maidir le láimhseáil ceisteanna dlí Eorpacha agus Idirnáisiúnta, taithí a fháil ar chleachtais agus nósanna imeachta ag an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach (ECJ), an Chúirt Chéadchéime agus Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine (ECHR). Cuireadh oiliúint i saincheisteanna cothrománacha dlí cosúil leis an bpróiseas reachtúil, an próiseas dréachtaithe, reachtaíocht tarmligthe agus cleachtadh tarmligean, dlí fostaíochta a bhaineann le conarthaí státseirbhíse, ról an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Coiste Chuntais Poiblí, eitic sa Rialtas agus saincheisteanna rialachais ar fáil freisin. Leanfaidh an Oifig ar aghaidh ag tabhairt comhairle agus tacaíocht leanúnach do na daoine atá ar iasacht le linn an tréimhse atá siad ar iasacht.

**Coistí agus Grúpaí Oibre Idir-Rannacha**
Thug na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle agus ghlac siad páirt i nGrúpaí Oibre faoi réimse tábhachtach saincheisteanna idir-rannacha nó "tras-ghearrtha" i rith 2006.

Tá liosta de na Phríomhchoistí idir-rannacha agus Grúpaí Oibre le fáil in Iarscríbhinn E na tuarascála seo. Tá liosta iomlán na gcoistí agus na ngrúpaí sin le fáil in **Iarscríbhinn E**.

**Bainistíocht Dlíthíochta, go háirithe i leith oll-éileamh**
Lean an Oifig ar aghaidh i rith 2006 lena straitéis chun dlíthíocht a bhainistiú ar bhealach straitéiseach, go háirithe i leith oll-éileamh. Stiúir Oifig Shráid Mhuirfean an straitéis dlí fhoriomlán agus reáchtáladh cruinnithe rialta athbhreithnithe idir Abhcóide Comhairleach in Oifig Shráid Mhuirfean, baill foirne dlí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus oifigigh i Ranna cuí chun a chinntiú go raibh olldlíthíocht á bainistiú go héifeachtach ar bhonn leanúnach.

**Dlíthíocht agus Idirghabhálacha Chúirt Cheartais na hEorpa**
Lean an Oifig ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú i rith na bliana ar chleachtais reatha maidir le dlíthíocht os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa (ECJ). Leagann Caibidil 3 den Tuarascáil seo amach mionsonraí roinnt cásanna tábhachtacha a tháinig os comhair an ECJ in 2006.

Bunaíodh Grúpa Oibre d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun déileáil le hobair ECJ agus lean an Grúpa ar aghaidh ag bualadh le chéile i rith 2006 chun breis moltaí praiticiúla a chur le chéile um chomhordú níos fearr d'fhreagairt an Stáit ar dhlíthíocht ECJ.

**An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**
Is gné thábhachtach de chomhordú seirbhísí dlí an Stáit í go mbeadh cur chuige comhordaithe á ghlacadh maidir le dlí agus teagmháil chun an ról atá ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le hathbhreithniú, imscrúdú agus moltaí a cheapadh i gcomhair athchóiriú dlí a éascú. Rinne an tArd-Aighne tagairt **amháin** don Choimisiún i rith na bliana maidir le Dlí Torta ("Good Samaritans" agus oibrithe deonacha).

# Caibidil 5
## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 2 á bhaint amach - Dréachtóir Parlaiminte



# 5 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 2 á bhaint amach - Dréachtóir Parlaiminte

## Sprioc 2 - Dréachtóirí Parlaiminte

**Seirbhís ghairmiúil um dhréachtú reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.**

### Cuspóirí

**Dréachtú a dhéanamh ar**
- Bhillí Rialtais ag cloí leis na tosaíochtaí a leagtar amach i gClár Reachtaíochta an Rialtais;
- Leasuithe ar Bhillí ag Staid an Choiste agus Tuarascáil go tráthúil;
- Ionstraimí Reachtúla (ina measc rialúcháin a thugann feidhm d'Achtanna an Aontais Eorpaigh) go tráthúil.

**Straitéis 1**
Comhoibriú le Coiste Reachtaíochta an Rialtais (CRR) chun monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Clár Reachtaíochta an Rialtais.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Tuarascálacha seachtainiúla a ullmhú don CRR ar na Billí atá á ndréachtadh san oifig;
- Freastal an Phríomh-Dhréachtóra Parlaiminte agus Bainisteoirí Grúpa ag cruinnithe de chuid CRR;
- Nuair atá Airí ag freastal ag cruinnithe de chuid CRR, cinntiú go bhfuil oifigigh ón Oifig atá ag dréachtadh Billí don Roinn a bhfuil sé nó sí freagrach as i láthair freisin.

**Straitéis 2**
Oiliúint agus forbairt na ndréachtóirí a earcaíodh le déanaí a chur ar aghaidh chomh tapa agus is féidir.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Cruinnithe rialta a bheith ar bun le dréachtóirí a earcaíodh le déanaí, maoirseacht ghéar a dhéanamh orthu agus aiseolas rialta a thabhairt dóibh maidir le dréachtú;
- Cuntas oiliúna a ullmhaíonn agus a choinníonn na dréachtóirí a earcaíodh le déanaí suas chun dáta, a ndéanann an bainisteoir grúpa athbhreithniú air ar bhonn rialta.

**Straitéis 3**
Cur leis an bpróiseas leanúnach chun Achtanna an Oireachtais a dhéanamh níos inrochtana agus níos éasca le cur le chéile.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Teagmháil le baill foirne ó Thithe an Oireachtais maidir le formáidiú na mBillí;
- A bheith bainteach in aon thionscnaimh chomhoibríocha eile a chuireann inrochtaineacht agus comhleanúnachas an Leabhair Reachta.

**Straitéis 4**
Páirt a ghlacadh sa straitéis bainistithe eolais.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Faisnéis agus eolas a scaipeadh i measc na ndréachtóirí.
- Comhoibriú leis na hAbhcóidí Comhairleacha maidir le faisnéis agus saineolas a roinnt.

**Straitéis 5**
Straitéis Bhainistíochta Riosca a chuir i bhfeidhm.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Aiseolas a sholáthar don MAC ar réimsí riosca suntasach;
- Straitéis Bainistíochta Riosca na hOifige a leabú.

## Dul Chun Cinn a Rinneadh

### Cuspóir 1

**Coiste Reachtaíochta an Rialtais**
Bhí páirt lárnach ag an OPC in obair an Choiste seo i rith 2006. Maoirsíonn an Coiste gach Bille Rialtais a mholtar, ón uair a chuimsítear é i gClár Reachtaíochta an Rialtais go deireadh a chúrsa trí Thithe an Oireachtais agus déileálann sé le fadhbanna ar bith atá mar bhac ar chur i bhfeidhm mín tapa an Chláir.

Thuairiscigh OPC do Choiste Reachtaíochta an Rialtais gach seachtain i rith na bliana, faoi shonraí an dul chun cinn a rinneadh ar dhréachtú Billí agus ionstraimí reachtúla an Aontais Eorpaigh. Sholáthair rannpháirteachas leanúnach OPC in obair an Choiste meicníocht riachtanach chun idirghabháil a dhéanamh idir éilimh iomaíocha na Rann ar sheirbhísí OPC.

**Oiliúint**
Lean an Oifig ar aghaidh leis an bPlean Oiliúna do Dhréachtóirí Parlaiminte i gcás na ndréachtóirí a

# 5 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 2 á bhaint amach - Dréachtóir Parlaiminte

earcaíodh le déanaí i rith na bliana 2006. Baintear leas as an Lámhleabhar Dréachtaithe agus na hIonstraimí Reachtúla, Seicliostaí agus Treoirlínte Dréachtaithe sa phróiseas oiliúna freisin.

I rith na bliana ghlac baill foirne OPC i gcúrsaí oiliúna ar an bpróiseas reachtúil a chuir an tIonad um Bainistiú agus Forbairt Eagrúcháin ar fáil trí sheimineáir ar riachtanais OPC maidir le reachtaíocht a ullmhú agus comhairle agus tuairimí a chur ar fáil bunaithe ar a dtaithí ar an bpróiseas reachtúil go ginearálta. Chuir na cúrsaí seo léargas maith ar an bpróiseas reachtúil ar fáil do na Ranna agus moltaí praiticiúla maidir reachtaíocht a thacú ó ceapadh polasaí go hachtú. Ghlac baill an OPC páirt freisin i seimineáir san Fhoras Riaracháin a bhain le dréachtú ionstraimí reachtúla.

**Inrochtaineacht reachtaíochta**
I rith 2006 rinne OPC comhairliú de réir mar ba chuí le Tithe an Oireachtais maidir leis na hathruithe a mhol siad i leagan amach agus cur i láthair na mBillí.

**Leabhar Leictreonach Reachta na hÉireann (eISB)**
Bhí páirt ghníomhach ag OPC le hobair Ghrúpa Leabhar Leictreonach Reachta na hÉireann de chuid Oifig Shráid Mhuirfean (a bhfuil baill den Aonad TF agus Aonad Fios Gnó na Leabharlainne ann freisin) le maoirsiú cothabháil eISB. I mí Lúnasa, tugadh láithreán gréasáin Leabhar Reachta na hÉireann suas chun dáta le hAchtanna suas go deireadh 2005 ann, Ionstraimí Reachtúla suas go Uimh. 350 de 2005 agus na Táblaí Croineolaíocha suas go deireadh 2004. Chuir an Grúpa tús le athdhearadh ar láithreán gréasáin eISB go gcuimseoidh sé feabhsúcháin inrochtaineachta agus úsáide a chloí le treoirlínte an earnáil poiblí.

Tar éis don Oifig teacht ar earráidí sna sonraí ó 1922 go 1998 (mar gheall go cuireadh isteach hipearnaisc tar éis na sonraí a fháil ar dtús) cuireadh siar an leagan nuashonraithe CD-ROM de Leabhar leictreonach Reachta na hÉireann.

Leanadh ar aghaidh ag ullmhú na Táblaí Croineolaíocha 2005 agus bhí comhaontú ann i dtreo deireadh 2006, i bprionsabal, gurb iad An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a bheadh i mbun ullmhú na Táblaí amach anseo, ag brath ar na hacmhainní cuí a chuir ar fáil dóibh.

Thosaigh Oifig Shráid Mhuirfean Athbhreithniú Caiteachais/Luach ar Airgead ar chothabháil Leabhar leictreonach Reachta na hÉireann i mí an Mhárta 2006 agus tháinig an Coiste Stiúrtha le chéile 4 uair i rith na bliana chun an tionscadal a chur chun cinn. Tá dul chun cinn suntasach déanta chun dréacht-Thuarascáil a ullmhú. Leagfaidh an tAthbhreithniú amach conclúidí agus moltaí a bheidh mar bhunús le forbairt straitéise do Leabhar leictreonach Reachta na hÉireann amach anseo.

**Leasú an Dlí Reachtúil**
Lean an Oifig ar aghaidh leis an scrúdú mór ar an reachtaíocht a ritheadh sular cuireadh feidhm le hAcht an Aontais ar an 1 Eanáir 1801. Leathnaíodh an scrúdú chun go mbeadh Achtanna poiblí ginearálta a ritheadh roimh bhunú Saorstát Éireann ar an 6 Nollaig 1922. Freisin chuir an Oifig tús le hinnéacsú ar na hAchtanna áitiúla agus pearsanta agus na hAchtanna príobháideacha a ritheadh roimh an 2006 Nollaig 1922.

Cuireadh próiseas comhairliúcháin ar bun le Ranna Rialtais, Oifigí agus páirtithe leasmhara eile de chuid na hAchtanna poiblí agus ginearálta a d'aithin an Oifig go bhféadfaí go mbeadh sé cuí iad a choimeád ag fanacht ar athachtú. Tá dhá chuid sa phróiseas seo. Bhain an chéad chuid le hAchtanna a ritheadh roimh an 1 Eanáir 1801. Bhain an dara chuid le hAchtanna a ritheadh idir an 1 Eanáir 1801 agus an 6 Nollaig 1922. Tugadh an próiseas comhairliúcháin chun críche roimh mí na Samhna 2006.

Cuireadh sonraí faoi na hAchtanna ar fad a bhí i gceist ar láithreán gréasáin na hOifige agus, le fógraíocht sna nuachtáin náisiúnta agus ar an láithreán gréasáin, d'iarr an Oifig aighneachtaí ón bpobal, rud a fuair sí.

Rinne an Oifig scrúdú nó athscrúdú ar 26,370 Acht ina iomláine i rith 2006. Bhí 9,277 de na hAchtanna sin aisghairthe cheana féin agus níor bhain 12,557 acu le hÉirinn. D'fhág sé sin 4,536 Acht a bhí fós i bhfeidhm, agus roimh dheireadh 2006 aithníodh go mbeadh 3,188 dóibh oiriúnach chun aisghairm a dhéanamh orthu. Déanfaidh an Bille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007, a ullmhaíodh i 2006, aisghairm ar na hAchtanna poiblí agus ginearálta ar fad a achtaíodh roimh an 6 Nollaig 1922 ach amháin má dhéantar tagairt dóibh sa Bhille go bhfuil siad le coinneáil.

**Athráitis**
Chuaigh an Oifig i mbun comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí chun freagracht

# 5 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 2 á bhaint amach - Dréachtóir Parlaiminte

maidir le hullmhú athráitis amach anseo a aistriú chuig an gCoimisiún. I mí na Bealtaine 2006 cheadaigh an Rialtas an t-aistriú agus chuaigh an Coimisiún i mbun oibre tosaigh ar an dTionscadal Athráitis, le hathbhreithniú ar aighneachtaí a fuarthas tar éis próiseas comhairliúcháin a d'ullmhaigh Oifig an Taoisigh agus an Coimisiún le chéile san áireamh.

**Bainistíocht eolais**

Leanadh ar aghaidh ag cur cultúir roinnte eolais chun cinn maidir le hOifig na nDréachtóirí Parlaiminte faoi mar a bhí ag tarlú i measc na ndreamanna eile agus é sin mar thacaíocht do chomhairle dlíthiúil a sholáthar don Rialtas. Lean an Dréachtóir Parlaiminte ar aghaidh ag comhoibriú le hAbhcóidí Comhairleacha agus iad i mbun an próiseas dréachtaithe. D'fhreastal an Dréachtóir Parlaiminte ar chruinnithe faoi Cheisteanna Dlíthiúla agus bhí páirt acu in ullmhú Treoracha Tagartha Dlí.

**Bainistíocht Riosca**

Bhí páirt ag an nDréachtóir Parlaiminte i bhforbairt agus beartas foirmiúil bainistíochta riosca laistigh den Oifig i rith 2006. I rith na bliana rinneadh plé ar chúrsaí a bhaineann le riosca ag cruinnithe idir an Príomh-Dréachtóir Parlaiminte agus Comhordaitheoirí Grúpa, ag cruinnithe Grúpa aonair agus ag cruinnithe MAC Dlí. Bhí an Príomh-Dréachtóir Parlaiminte ag freastal agus ag cur le cruinnithe Chomhchoiste um Bhainistiú Rioscaí Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO i gcomhthéacs straitéis bainistíochta riosca don Oifig go léir mar aon le clár rioscaí corparáideach agus cláir rioscaí le haghaidh Grúpaí agus Aonaid Gnó faoi leith.

# Caibidil 6

## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 3 á bhaint amach - Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit



# 6 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 3 á bhaint amach - Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

## Sprioc 3 - Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Seirbhís aturnae ardchaighdeáin speisialaithe a sholáthar don Ard-Aighne, agus do na Ranna agus na hOifigí i réimsí na dlithíochta agus comhairle dlí agus maidir le cúrsaí áitreabh agus idirbheartaíochta.

### Cuspóir 1

**An cleachtas is fearr a úsáid chun seirbhísí dlí a sheachadadh le tacaíocht ó theicneolaíocht na faisnéise agus eolas agus tuiscint d'ardchaighdeán ar chleachtas dlí.**

**Straitéis 1**
Speisialtóireacht níos mó a fhorbairt in obair atá tábhachtach do Ranna cliaint.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Líon na ngníomhaíochtaí cleachtais dlí a foinsítear allamuigh;
- Aontuithe le Ranna cliaint faoin gcaoi a rachfar i ngleic le saincheisteanna dlí atá ag teacht chun cinn;
- Nósanna imeachta Bainistíochta Eolais i bhfeidhm chun go mbeidh sé níos éasca teacht ar shaineolas maidir le saincheisteanna dlí nua;
- Acmhainní ath-imscartha mar fhreagra ar riachtanais atá ag athrú.

**Straitéis 2**
Leanúint le forfheidhmiú an chórais bhainistíochta cásanna leictreonach atá roinnte le hOifig an Ard-Aighne.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Rolladh amach a chur i gcrích do na húsáideoirí ar fad atá mar sprioc i 2006;
- Oiliúint a chuir ar fáil do na húsáideoirí ar fad atá mar sprioc taobh leis an rolladh amach;
- Prótacail a dhoiciméadú maidir le húsáid agus feidhm ceart a bhaint as an gcóras do na húsáideoirí ar fad taobh leis an rolladh amach.

**Straitéis 3**
Beartas nua bainistíochta taifead a fhorfheidhmiú (.i., beartas Eneclann mar atá aitheanta in CSSO).

**Táscairí Feidhmíochta**
- Áiteanna stórála a chuir ar fáil chun comhaid agus taifid a choinneáil de réir na rannáin, Ráithe, 2006;
- Prótacail a scríobh maidir le láimhseáil agus stóráil na comhaid ar pháipéar, tar éis ACME, Ráithe 2, 2006;
- Oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le haistriú comhad chuig an Cartlann Náisiúnta.

**Straitéis 4**
Doiciméadacht agus sreabhadh saothair d'ardchaighdeán a chothú agus a fhorbairt mar thacaíocht don chomhfhreagras dlí agus doiciméid a úsáidtear san Oifig.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Grúpa a bheith ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaighdeán sa dhoiciméadacht agus sa streabhadh saothair, monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais nua agus miontuairiscí a scríobh ar obair an ghrúpa le gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht;
- Aithneoidh Ceannairí Rannóige chun athruithe cuí sa doiciméadacht nó sreabhadh saothair, de réir mar is cuí.

**Straitéis 5**
Prionsabail bhainistíochta riosca a chur i bhfeidhm i réimsí ar leith den chleachtas dlí agus é mar aidhm earráidí agus moill a laghdú.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Tabharfar sainordú do gach rannóg chun déileáil le bainistíocht riosca ina bpleananna gnó.  San áireamh le rioscaí tá an riosca ar earráid, moill nó teip ar fhios gnó.  Aithneoidh gach plean gnó na rioscaí is tromchúisí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar obair na rannóige agus cuirfear beartais i bhfeidhm chun an seans go dtarlóidh riosca mar sin a sheachaint nó a laghdú.

**Straitéis 6**
Leanúint le nósanna imeachta 'fios gnó' agus Bainistíochta Eolais na hOifige ag cuimsiú nósanna imeachta le leanúint laistigh de gach rannóg.

# 6 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 3 á bhaint amach - Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

**Táscairí Feidhmíochta**
- Seachadadh na n-ábhar fios gnó agus Bainistíochta Eolais le bheith taifeadta ag an Aonad Leabharlainne agus Faisnéise. Cruinnithe rannóige le haird na rannóige do nósanna imeachta agus ábhar fios gnó agus Bainistíochta Eolais a mhiontuairisciú.

**Straitéis 7**
Baill foirne a úsáid ar an mbealach is fearr le go mbeidh baill foirne ag dul isteach sna réimsí éilimh ar sheirbhísí dlí atá ag teacht chun cinn agus amach as na réimsí atá ag dul i léig.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Leithdháileadh na foirne a athbhreithniú i réimsí dlí tearmainn, eiseachadta & EAWs agus conarthaí tráchtála d'fhonn acmhainneacht a thógáil;
- Leithdháileadh na foirne a athbhreithniú i réimsí Cailleadh Éisteachta san Arm, Díobhálacha Pearsanta agus Éilimh Thortacha leis an aidhm atheagrú a dhéanamh ar an obair agus athdháileadh a dhéanamh ar na baill foirne. Cur i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3, 2006;
- Leithdháileadh na foirne a athbhreithniú i réimsí dlí mar Rannóg Áitreabh an Stáit d'fhonn na seirbhísí dlí a sheachadadh chun tacú le beartas díláraithe an Rialtais, .i., an obair dhlí a thagann aníos ó dhíol agus éadáil na n-áitreabh Stáit a úsáidtear do chóiríocht na státseirbhíseach. Cur i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3, 2006.

**Straitéis 8**
Dáileadh na mball foirne agus modhanna oibre a bharrfheabhsú chun tacú leis an cosaint is fearr ar olldlíthíocht.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Comhthadhaill le hOifig an Ard-Aighne chun réimsí olldlíthíochta atá ag teacht aníos a aithint agus athbhreithnigh ag Príomh MAC;
- Comhthadhaill le Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát d'fhonn ionchur bainistíochta is fearr ar éilimh a fháil sna cásanna ina bhfuil an Oifig ar an dtaifead. Cruinniú gach ráithe le Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na bainistíochta cáis na seirbhíse dlí a mheasúnú;
- An t-aistriú freagrachta chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát a chur i gcrích maidir le cásanna Cailleadh Éisteachta san Arm atá fós le héisteacht roimh deireadh mhí Eanáir, 2006;
- Comhthadhaill le hOifig an Ard-Aighne agus Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát d'fhonn ionchur bainistíochta is fearr ar éilimh a fháil agus seirbhís dlí agus straitéis cáis i ndlíthíocht a bhaineann le mí-úsáid leanaí. Cruinniú gach ráithe le AGO/Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na bainistíochta cáis, na straitéise agus na seirbhíse dlí a mheasúnú.

**Straitéis 9**
Dáileadh na mball foirne agus a bharrfheabhsú chun tacú leis an úsáid is fearr a bhaint as baill foirne dlí atá ag obair le bealaí oibre neamhghnácha.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Anailís ar threochtaí sa todhchaí i mbealaí oibre neamhghnácha do bhaill foirne aturnae agus feidhmeannaigh dlí a d'fhéadfadh teacht os comhair na hOifige thar an tréimhse deich mbliana amach romhainn agus beartas a fhorbairt chun bainistiú sa chomhthéacs seo. Díospóireachtaí MAC le bheith curtha i gcrích roimh dheireadh Meán Fómhair, 2006. Dréacht-bheartas le bheith réitithe roimh dheireadh Bealtaine, 2006 agus le bheith tugtha chuig an gComhpháirtíocht le plé. Beartas le glacadh roimh dheireadh Ráithe 4, 2006;
- Athbhreithniú ar mhodhanna oibre le go mbeidh siad in oiriúint sa mhéid agus is féidir le socruithe oibre a thacaíonn le teaghlaigh d'aturnaetha agus feidhmeannaigh dlí. Staidéar treorach le bheith curtha i gcrích sa Rannán Dlíthíochta an Dlí Choitinn roimh dheireadh Ráithe 3, 2006.

**Straitéis 10**
Socrú d'aistriú Seirbhíse na nAturnaetha Stáit go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Dul isteach sa chéad céim eile de na hidirbheartaíochtaí i mí Eanáir, 2006;
- Idirbheartaíochtaí a thabhairt chun críche roimh mí na Samhna, 2006;
- Aistriú seirbhíse ag deireadh Ráithe 4, 2006;
- Bheith páirteach i socruithe idirthréimhseach go dtí timpeall Ráithe 4, 2006;

# 6 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 3 á bhaint amach - Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

- Beartas a thabhairt ar aghaidh ar sholáthar na seirbhísí dlí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i réimsí an dlí shibhialta, agus réimsí gaolmhara, áit nach bhfuil seirbhísí soláthraithe níos mó ag Aturnaetha Stáit áitiúla. Doiciméad ar bheartas le bheith réidh roimh dheireadh Ráithe 3, 2006.

**Straitéis 11**
Socrú d'aistriú Scéim Ginearálta an Ard-Aighne go dtí an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun acmhainní a ath-chomhtháthú le réimsí eile um chuntasaíocht costas dlí.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Ardaigh leis an Roinn é go luath i 2006;
- Aistriú le bheith críochnaithe roimh dheireadh Ráithe 4, 2006.

**Straitéis 12**
Cumas seirbhís dlí a chur ar fáil sna réimsí seirbhíse dlí ríthábhachtacha taobh amuigh de ghnáthuaireanta oifige a choinneáil.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Leanúint le húsáid an phainéil 'ar glao-dhualgas' d'aturnaetha agus feidhmeannaigh dlí ina bhfuil foireann dlí ar fáil ar róta chun freagairt ar éilimh a thagann aníos lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre ar bhonn 24/7. Painéal le bheith faoi Cheannaire na Rannóige i gCeartas agus Coiriúlacht agus go mbeidh a thaifead ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh air.

**Nóta: Tá straitéisí 5, 6,7, 8 and 9 le brath chomh maith sa Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Gnó.**

## Cuspóir 2

**Feidhmiú ar bhealach a choinníonn costais i gcuimhne agus luach ar airgead a bheith sa seirbhís dlí a chuirtear ar fáil.**

**Straitéis 1**
Luach ar airgead a thomhais.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Dul i mbun cleachtas Luach ar Airgead sna réimsí seo a leanas.
  - Costais oiliúna (roimh dheireadh Ráithe 3, 2006);
  - Costais leabharlainne CSSO (roimh dheireadh Ráithe 2, 2007);
  - Táillí abhcóidí i gCásanna Tearmainn (roimh dheireadh Ráithe 4, 2007);
  - Táillí saineolaithe (roimh dheireadh Ráithe 2, 2008).

**Straitéis 2**
Cinntiú go bhfuil comhtháthú idir an córas bainistíochta airgeadais agus an córas bainistíochta cásanna agus taifead ag leibhéil na gCeannairí Rannóige / Ceannairí Rannáin.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Córas Bainistíochta Airgeadais in úsáid in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i 2006;
- Bainistíocht TF agus tacaíocht theicniúil d'ACME agus tionscadail a bhaineann leis a chuir ar fáil;
- Oiliúint chun tacaíocht a thabhairt do rolladh amach agus oibriú leanúnach ACME agus tionscadail a bhaineann leis a chuir ar fáil;
- Doiciméadacht ar an bhforbairt TF chun tacaíocht a thabhairt do chothabháil agus forbairt leanúnach amach anseo le bheith críochnaithe.

**Nóta: Tá straitéisí 1 agus 2 thuas le brath chomh maith sa Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Gnó.**

# 6 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 3 á bhaint amach - Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

## Dul Chun Cinn a Rinneadh

### Cuspóir 1

Lean Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ag forbairt agus ag feabhsú seirbhísí dlí speisialtachta le linn 2006 i réimsí a bhí tábhachtach do Ranna agus d'Oifigí cliaint. I gcomhairle le hOifigí agus Ranna na gcliant, dhírigh an Oifig ar réimsí reatha oibre atá ag leathnú a shainaithint agus ar réimsí nua oibre mar chonarthaí tráchtála, dlí fostaíochta, dlíthíocht um mí-úsáid scoil lae, dlíthíocht um mí-úsáid chónaithe, riachtanais speisialta agus dlíthíocht um leas leanaí.

I gcásanna áirithe, rinne an Oifig ath-imscaradh acmhainní a thionscnamh chun teacht le riachtanais athraitheacha na gcliant. Chuimsigh cuid de na mórthionscnaimh a tugadh isteach i rith na bliana:

- Ath-imscaradh foirne go dtí Díobhálacha Pearsanta, Athbhreithniú Breithiúnach agus Oifig na nOibreacha Poiblí/Na Rannóga Sláinte agus Leanaí ón Rannóg um Chailleadh Éisteachta san Arm;
- Aistriú na n-éileamh díobhála pearsanta tarmligthe ón Oifig ar ais chuig an nGníomhaireacht um Éileamh ar an Stáit, agus atheagrú ar obair an Gharda Síochána laistigh den Rannán Ceartais agus Dlí Coitinn, agus é ar intinn Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta a fhorbairt ina Rannóg éileamh sibhialta an Gharda Síochána;
- Soláthar leanúnach seirbhíse tíolactha do Chlár Díláraithe an Rialtais;
- Forbairt leanúnach ar Rannóg na gConarthaí Tráchtála;
- Soláthar leanúnach na sainseirbhíse a rachaidh i ngleic le cásanna tearmainn, inimirce agus aisdúichithe;
- Feidhmiú leanúnach an phainéil ar dualgas chun déileáil le Barántais Ghabhála san Eoraip, Eiseachadtaí, iarratais habeas corpus agus iarratais phráinneacha eile na Cúirte lasmuigh d'uaireanta oifige;
- Feidhmiú leanúnach Aonaid saintiomanta chun obair a bhí os comhair an Choimisiúin um Fhiosrúchán faoi Mhí-Úsáid Leanaí a láimhseáil;
- Feidhmiú leanúnach an Aonaid faoi leith chun dul i ngleic le dlíthíocht um mí-úsáid chónaithe;
- Feidhmiú leanúnach na foirne chun déileáil le dlíthíocht um mí-úsáid scoil lae;
- Feidhmiú leanúnach na foirne chun déileáil le cásanna leasa riachtanais speisialta.

**Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME)**
Le linn 2006, leanadh le forbairt ar an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead nua agus rinneadh feidhmiú céimneach breise air go líon réimsí thar CSSO. Chuimsigh na réimsí oibre seo ar fad An Chúirt Bhreithiúnais Eorpach, Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine, Ionchúisimh Aireachta (An Rannóg Seirbhísí Dlí, CSSO), Cúnamh Frithpháirteach (An Rannóg Seirbhísí Dlí, CSSO), Eadráin/Binsí Fiosrúcháin - Fostaíocht/Binsí Fiosrúcháin - Coimisiúin agus réimsí eile den Rannán Comhairleach don CSSO.

Le níos mó úsáideoirí ag baint úsáid as an gcóras agus thar raon cásanna a bhí ag dul i méid, rinneadh nóta d'iarratais chun feabhsúcháin a dhéanamh agus cuireadh i bhfeidhm sa chóras iad nuair ab fhéidir nó rinneadh iad a sceidealú do dhátaí sa todhchaí.

Rinneadh oiliúint ar úsáid an chórais a sholáthar don fhoireann nuair ab fhéidir ag teacht le teorainneacha ama feidhmithe céimneach an chórais trasna na hOifige.

I gcomhthéacs feidhmithe céimneach an chórais ACME, chuir CSSO nósanna imeachta nua i bhfeidhm mar a imlíníodh sa bheartas bainistíochta taifead. Rinneadh athbhreithniú ar na riachtanais chóiríochta do stóráil na gcomhad ar bhonn Rannach agus rinneadh soláthar dóibh mar is cuí.

I rith na bliana, rinne baill foirne in Ionad Clárlainne agus na dTaifead athbhreithniú ar chomhaid, ionas go bhféadfaí na hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir le haistriú na gcomhad faoin Acht um Chartlann Náisiúnta.

**Bainistíocht Riosca**
Le linn 2006, bhí páirt ghníomhach go foirmeálta ag CSSO i bhforbairt agus forfheidhmiú na mbeartas bainistíochta riosca laistigh den Oifig ina iomláine. I rith na bliana, rinneadh plé ar chúrsaí a bhaineann le riosca ag cruinnithe Rannáin agus Rannóige, agus ag cruinnithe áitiúla agus MAC Dlí. Bhí na Cinn Rannáin

# 6 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 3 á bhaint amach - Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

ag freastal agus ag cur le cruinnithe Chomhchoiste um Bhainistiú Rioscaí Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO i gcomhthéacs straitéis bainistíochta riosca don Oifig go léir mar aon le clár rioscaí corparáideach agus cláir rioscaí le haghaidh Grúpaí agus Aonaid Gnó faoi leith. I ndeireadh na bliana, rinne MAC CSSO plé ar cheist an chláir rioscaí corparáideach don Oifig agus rinneadh athbhreithniú ar chláir rioscaí aonair ag leibhéal Rannáin agus Rannóige, i gcomhthéacs pleanála gnó sa todhchaí.

**Bainistíocht eolais**
Lean CSSO ag cur cultúr comhroinnte eolais chun cinn san Oifig i rith 2006 agus idir CSSO agus Oifig Shráid Mhuirfean. Tionóladh cruinnithe ar cheisteanna dlí go rialta i rith na bliana agus bhí foireann dlí CSSO i láthair ag na cruinnithe seo. Leanadh leis an obair i rith na bliana maidir le pobail chleachtais a aithint, a bheadh á tacú ag na hOifigí, chun comhroinnt eolais a fheabhsú i réimsí criticiúla dlí. Lean Leabharlann CSSO agus an tAonad Fios Gnóithe a cur chun cinn scileanna taighde dlí agus ag cuidiú le baill fhoirne leibhéal oilteachta a ghnóthú in úsáid na bhfoinsí leictreonacha maidir le faisnéis dlí.

**Bainistíocht Dlíthíochta, go háirithe i leith oll-éileamh**
Ag teacht le straitéis iomlán na hOifige chun dlíthíocht a bhainistiú agus go háirithe oll-éilimh, d'fhreastail CSSO ar chruinnithe rialta athbhreithnithe le hAbhcóidí Comhairleacha in Oifig Shráid Mhuirfean agus oifigigh sna Ranna ábhartha, chun a chinntiú go raibh olldhlíthíocht á bainistiú go héifeachtach ar bhonn leanúnach. Maidir le dlíthíocht a bhaineann le mí-úsáid leanaí, rinneadh comhoibriú dlúth a chothabháil idir CSSO agus An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát atá i mbun bainistíochta na dlíthíochta.

Lean CSSO le linn 2006 ag feidhmiú tionscnamh sonrach agus tugadh isteach tionscnaimh nua chun olldhlíthíocht a bhainistiú, a chuimsigh:-

- Atheagrú a dhéanamh ar obair na foirne speisialta a bhíonn ag plé le dlíthíocht mí-úsáide scoil lae agus mí-úsáid chónaithe araon ós rud é gur tarmligeadh an obair seo chuig an nGníomhaireacht um Éileamh ar an Stáit;

- Leanúint le hAonad faoi leith chun dul i ngleic le dlíthíocht um mí-úsáid chónaithe;

- Foirne tiomanta a fheidhmiú chun dlíthíocht um riachtanais speisialta agus dlíthíocht um leas leanaí a láimhseáil;

- Leanúint ar aghaidh ag cur sainseirbhíse ar fáil a rachaidh i ngleic le cásanna tearmainn, inimirce agus aisdúichithe;

- Aistriú freagrachta chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát a chur i gcrích maidir le cásanna um Chailleadh Éisteachta san Arm agus baill fhoirne a aistriú go réimsí oibre eile.

**Dáileadh na mball foirne ar shocruithe oibre aitíopúla**
Le linn 2006, tugadh faoi thionscadal píolótach ar shocruithe oibre aitíopúla d'aturnaetha agus feidhmeannaigh dlí i Rannóg na nÉileamh Tortach (Rannán Dlíthíochta an Dlí Choitinn). Is é toradh an tionscadail chéanna ná forfheidhmiú ar nós imeachta, trína ngluaiseann an fhoireann chuí cásanna ar aghaidh, a dhéileálann foireann dlí a oibríonn uaireanta aitíopúla leo, go staid an Fhógra Trialach agus déantar iad a aistriú chuig Ceann na Rannóige le hathshannadh ar fhoireann dlí lánaimseartha.

**Aistriú Seirbhíse an Aturnae Stáit go hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**
Baineadh amach dul chun cinn suntasach i 2006 maidir le socruithe an aistrithe freagrachta do sheirbhís áitiúil aturnae an Stáit go hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí de bun na Tuarascála Nally. Tharla cruinnithe agus idirbheartaíochtaí i gcaitheamh na bliana idir CSSO, DPP agus Cumann na nAturnaetha Stáit ar shaincheisteanna maidir le cúrsaí aistrithe. Faoi dheireadh na bliana, bhí na hidirbheartaíochtaí ag teacht chun deiridh, agus é ar intinn aistriú na seirbhíse a chomhlánú go luath i 2007.

**Riarachán ar Scéim an Ard-Aighne**
Faoi dheireadh na bliana, thángthas ar chomhaontú i bprionsabal leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le socruithe d'aistriú na freagrachta sa todhchaí chuig an Roinn ar riarachán Scéime an Ard-Aighne, a bheadh le tosú ar an 1 Feabhra 2007. Rinneadh an cheist maidir le riaráiste íocaíochtaí a aithint agus a ghlanadh, a bhí le déanamh faoin Scéim a chomhlánú i rith na bliana, roimh aistriú riaracháin na Scéime chuig an Roinn.

# 6 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 3 á bhaint amach - Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

**Soláthar seirbhísí dlí criticiúla lasmuigh de ghnáthuaireanta Oifige**
Lean CSSO ag soláthar seirbhísí dlí criticiúla lasmuigh de ghnáthuaireanta Oifige i 2006, chun riachtanas na gcliant a shásamh. D'oibrigh painéal 'ar-dualgas' na n-aturnaetha agus na bhfeidhmeannach dlí go fíor-éifeachtach i rith na bliana.

## Cuspóir 2

**Luach ar Airgead a Thomhas**
Tá Athbhreithnithe Luacha an Airgid (VFM) forbartha ag CSSO maidir le Scéim an Ard-Aighne, Athghabháil Costais agus Seirbhísí na Luathscríbhneoirí. Toisc brúnna eile ar am foirne, ní raibh sé indéanta na hathbhreithnithe seo a chomhlánú. Ar an ábhar seo, tá Athbhreithniú ar chostais Leabharlainne CSSO iarchurtha go dtí níos déanaí i 2007.

**Comhtháthú idir an Córas Bainistíochta Airgeadais agus an Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead**
Baineadh leas as an gCóras Bainistíochta Airgeadais chun na híocaíochtaí ar fad a phróiseáil seachas an párolla. Le linn 2006, rinneadh sraith tuarascálacha bainistíochta a fhorbairt agus a chur faoi bhráid MAC, a chuimsigh faisnéis airgeadais agus neamhairgeadais araon. Déanfar forbairt bhreise ar na tuarascálacha seo sa todhchaí, mar a leanann feidhmiú céimneach ACME.

Leantar ag soláthar tacaíochta ó thaobh cúrsaí bainistíochta agus teicniúla do ACME agus tionscadail ghaolmhara, le húsáideoirí gnó ag teicniúla go hiomlán rannpháirteach sa tionscadal. Cheap CSSO ball foirne mar oiliúnaí lánaimseartha go ACME i rith na bliana. Cuireadh tús le próiseas chun oiliúnaí seachtrach a cheapadh.

# Caibidil 7
## Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO



# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

## Sprioc 4 - Seirbhísí Tacaíochta Gnó

Seirbhísí corparáideacha agus tacaíochta gnó den scoth a sholáthar do chustaiméirí agus do chliaint laistigh agus lasmuigh den eagraíocht, agus na seirbhísí agus an tacaíocht seo a bheith nua-aimseartha gairmiúil.

### Cuspóir 1

**Bainistíocht acmhainní daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOifige, agus chun an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig féin**

**Straitéis 1**
Straitéisí Acmhainní Daonna Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO a fhorfheidhmiú.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Plean Gníomhaíochta Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i bhfeidhm maidir lena straitéis Acmhainní Daonna atá ann cheana féin roimh dheireadh Ráithe 2, 2006;
- Straitéisí Acmhainní Daonna Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO don tréimhse ag tosú 2008 curtha i bhfeidhm.

**Straitéis 2**
Modheolaíocht sonraithe earcaíochta agus roghnúcháin a athbhreithniú agus a fhorbairt chun feabhas a chuir ar ábaltacht na hOifige i Sráid Mhuirfean agus CSSO iarrthóirí ard-acmhainneacha oiriúnacha a mhealladh agus a roghnú.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Athbhreithniú ar phríomhscileanna agus inniúlachtaí a aithníodh do gach ball foirne san dá Oifig i gcomhar le Grúpaí/Rannáin/Rannóga/Aonaid Ghnó mar is cuí;
- Úsáid leanúnach na tástála foirmeálta um inniúlacht agus ábaltacht tugtha isteach in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO;
- Oiliúint agus ionduchtú déanta ar bhaill foirne nua in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de 2 mhí dóibh tosú ar an bpost;
- Anailís a dhéanamh ar shocruithe oibre aitíopúla do bhaill foirne laistigh d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO, iad a fhortheilgean agus beartas cuí a fhorbairt.

**Straitéis 3**
Córas TF Acmhainní Daonna a fhorfheidhmiú.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna curtha i bhfeidhm in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO roimh dheireadh 2006 agus a éifeachtúlacht athbhreithnithe roimh dheireadh 2007.

**Straitéis 4**
Leanúint le deiseanna forbartha agus oiliúna a fheabhsú do bhaill foirne ar fad tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS).

**Táscairí Feidhmíochta**
- Oiliúint aitheanta trí Fhoirmeacha Próifíle Ról PMDS agus Athbhreithnithe Eatramhacha agus Bliantúla seachadta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO;
- Réimeas foirmeálta um Oiliúint Bainistíochta d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO forfheidhmithe roimh Ráithe 4, 2007;
- Beartais Acmhainní Daonna maidir le harduithe céime agus íocaíocht na mbreisíocht ag teacht le comhtháthú an PMDS le hAcmhainní Daonna;
- Oiliúint curtha ar fáil maidir leis na hacmhainní TF ar fad agus go háirithe oibríocht leanúnach na gcóras ACME, Bainistíochta Airgeadais, Bainistíochta Acmhainní Daonna agus Bainistíochta Eolais;
- Clár oiliúna agus forbartha pearsanta seachadta trí Ráithe 1, 2006 go Ráithe 4, 2007. Athbhreithniú i dtéarmaí ama trátha an tseachadta, rannpháirtíochta agus éifeachtúlachta.

**Straitéis 5**
Cóiríocht oiriúnach a sholáthar do gach ball foirne.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Athlonnú ball foirne CSSO ar leith go cóiríocht nua eagraithe roimh dheireadh - 2006;
- Cóiríocht in Oifig Shráid Mhuirfean athbhreithnithe roimh dheireadh Ráithe 2, 2006 agus dhá uair sa bhliain ina dhiaidh sin;
- Aghaidh tugtha ar shaincheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta;

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

- Athbhreithniú leanúnach ar inrochtaineacht agus slándáil na bhfoirgneamh ar fad.

**Straitéis 6**
Leanúint le hathbhreithniú agus forbairt an phróisis Comhpháirtíochta.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Athbhreithniú bliantúil ar phróiseas na Comhpháirtíochta comhlíonta san dá Oifig.

## Cuspóir 2

**Próisis bhainistíochta airgeadais a fhorbairt a rialaíonn agus a dhéanann monatóireacht ar acmhainní airgeadais na hOifige, chun cinntiú go ndéantar aschuir agus luach ar airgead a sheachadadh**

**Straitéis 1**
Eilimintí an Phlean Tionscnaimh do Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta a fhorfheidhmiú in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Creatlach na Faisnéise Bainistíochta forfheidhmithe agus úsáid na feidhmiúlachta iomláine den gCóras Bainistíochta Airgeadais bainte amach in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO roimh dheireadh 2006;
- Táscairí Feidhmíochta foirmithe agus forbairt bhreise na dtáscairí SMART lena n-úsáid i dTuairisciú Bainistíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3, 2006;
- Tuairiscí Bainistíochta Feabhsaithe forbartha in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus athbhreithnithe go míosúil ag MAC agus gach dhá mhí ag an bPríomh MAC. Forbairt bhreise comhlánaithe ar Thuarascálacha chun feidhmíocht agus cinnteoireacht ó lá go lá a fheabhsú roimh dheireadh Ráithe 3, 2006;
- Creatlach Costála forbartha in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus Tuairiscí Costála tosaigh ag baint úsáide as faisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais curtha i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3, 2006;
- Athbhreithniú iomlán iar-fhorfheidhmithe ar Thionscadal Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO le bheith curtha i gcrích roimh dheireadh Ráithe 1, 2006;
- Tionscadal ar Leithdháileadh Acmhainne, Pleanáil Gnó agus Measúnú na Feidhmíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i gcrích roimh dheireadh na Samhna, 2006;
- Ullmhúchán agus cur isteach *Ráiteas Bliantúla* ag nascadh an Ráiteas Straitéise, pleanáil gnó agus leithroinnt acmhainne sna Meastacháin le haschuir agus thorthaí agus measúnú na feidhmíochta, le chéile le Meastacháin bliantúla Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO in éifeacht roimh Aibreán/Bealtaine, 2007 (agus go bliantúil ina dhiaidh sin).

**Straitéis 2**
Moltaí Thuarascáil Mullarkey ar chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta forfheidhmithe agus athbhreithnithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de na frámaí ama atá leagtha síos.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Athbhreithniú bliantúil cinn bhliana ar nósanna imeachta airgeadais inmheánacha in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus fíoraithe ag Coiste Iniúchta;
- Beartas Riosca agus Clárlanna Riosca do Ghrúpaí/Ranna/Rannóga/Aonaid Ghnó athbhreithnithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO gach dhá bhliain ag Coiste Riosca agus tuairiscithe ag dtí Príomh MAC agus MAC áitiúla;
- Clár Bliantúil Iniúchta Inmheánaigh d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO comhaontaithe ag Coiste Iniúchta. Iniuchtaí comhlíonta agus moltaí curtha i bhfeidhm laistigh de na frámaí ama comhaontaithe;
- Tuarascáil Bhliantúil déanta chuig an gCoiste Iniúchóireachta ar fhorfheidhmiú, ag Oifigí na dTuarascálacha Iniúchta ar fad;
- Cláir Athbhreithnithe Caiteachais/Luach ar Airgead in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i bhfeidhm. Athbhreithnithe comhlíonta, athbhreithnithe go seachtrach agus foilsithe de réir na bhfrámaí ama a comhaontaíodh go lárnach;

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

- Íoslaghdú ar íocaíocht úis faoin reachtaíocht um Íoc Pras nuair is cuí.

## Cuspóir 3

**Córais TFC atá costéifeachtach a fhorfheidhmiú, a thacaíonn le gach imeacht ghairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhíse de chuid na hOifige.**

**Straitéis 1**
Feidhmiú céimneach an Chórais Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME) a chomhlánú.

### Táscairí Feidhmíochta

- Córas in úsáid in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i 2006;
- Bainistíocht TF agus tacaíocht theicniúil d'ACME agus tionscadail a bhaineann leis a chuir ar fáil;
- Oiliúint dhíreach in am chun tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú céimneach agus oibriú leanúnach ACME agus tionscadail a bhaineann leis a chur ar fáil;
- Doiciméadacht ar an bhforbairt TF chun tacaíocht a thabhairt do chothabháil agus forbairt leanúnach amach anseo a bheith comhlánaithe.

**Straitéis 2**
Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna na Státseirbhíse a fhorfheidhmiú.

### Táscairí Feidhmíochta

- Córas forfheidhmithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO faoi dheireadh 2006 ag teacht leis na frámaí ama lárnacha.

**Straitéis 3**
Córais TF oiriúnacha a fhorfheidhmiú chun tacú le Straitéis Bainistíochta Eolais na hOifige i Sráid Mhuirfean agus CSSO.

### Táscairí Feidhmíochta

- Córais oiriúnacha forfheidhmithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO roimh luath 2008.

**Straitéis 4**
Córais TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO a athbhreithniú ag eatraimh oiriúnacha agus iad a bhreisiú nó a athscagadh mar is cuí chun a chinntiú go bhfanann siad ailínithe le straitéis gnó agus riachtanais oibríochta na hOifige.

### Táscairí Feidhmíochta

- Athbhreithnithe tosaigh ar an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead nua agus ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais nua comhlánaithe le linn 2007;
- Creatlach oiriúnach chun aon obair feabhsúcháin nó mhionchoigeartaithe a fhorfheidhmiú curtha i bhfeidhm d'fhonn é a chur i gcrích le linn 2008.

**Straitéis 5**
Straitéis TF na hOifige a nuashonrú.

### Táscairí Feidhmíochta

- Forbairt ar Straitéis TF nua le tosú sa dara leath de 2007.

**Straitéis 6**
Ailtireacht theicniúil na hOifige a choinneáil faoi athbhreithniú agus a chinntiú go leantar le bunchloch láidir a sholáthar do sheachadadh na Seirbhísí TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.

### Táscairí Feidhmíochta

- Forbairtí TF measúnaithe agus deiseanna le feabhsú tapaithe nuair is cuí;

## Cuspóir 4

**Clár Nuachóirithe a fhorfheidhmiú, a thacaíonn le Spriocanna na hOifige a bhaint amach, agus a thagann i bpáirt le Clár Nuachóirithe na Státseirbhíse.**

**Straitéis 1**
Gealltanais aontaithe atá leagtha síos i bPleananna Gníomhaíochta Nuachóirithe a fhorfheidhmiú in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de fhrámaí ama aontaithe.

### Táscairí Feidhmíochta

- Dul chun cinn tuairiscithe i dTuarascáil ar Dhul Chun Cinn in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO ag teacht le spriocanna ama lárnacha agus fíoraithe go seachtrach ag Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse;
- Moltaí Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse gníomhaithe agus forfheidhmithe

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

roimh Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn ó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO a bheith curtha faoi bhráid ina dhiaidh sin.

**Straitéis 2**
Príomhthiomantais seirbhíse na hOifige a sheachadadh, mar atá leagtha amach sna Cairteanna Cliaint agus Custaiméara, Treoir Seirbhísí Cliaint agus sa Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Leibhéil sásúlachta na gcliant agus an chustaiméara tomhaiste trí shuirbhéanna bliantúla na gcliant agus an chustaiméara ar leith in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i Samhain 2006 agus, arís, i Meitheamh 2008;
- Suirbhé aeráide/dearcaidh a chomhlíonadh i Ráithe 4, 2006,, in Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO;
- Cruinniú tionólta ag an bPainéal Cliaint in Oifig Shráid Mhuirfean dhá uair sa bhliain chun leibhéil sásúlachta na gcliant a mheas.

**Straitéis 3**
Cinntiú go ndírítear custaiméirí chuig na pointí cuí rochtana agus tagartha maidir le faisnéis faoin Oifig.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Tuarascáil Bhliantúil foilsithe roimh dheireadh Ráithe 3 i 2006 agus Ráithe 2 i 2007 agus 2008 agus curtha ar fáil i bhformáidí inrochtana;
- Láithreán gréasáin le hathbhreithniú gach dhá mhí;
- Cloíonn an Oifig lena gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, an tAcht um Chosaint Sonraí agus an tAcht um Chartlann Náisiúnta.

## Cuspóir 5

**Rochtain a sholáthar don fhoireann ar an eolas agus ar an bhfaisnéis is gá chun seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh, trí fhorbairt straitéiseach an eolais, na faisnéise agus na bainistíochta taifead.**

**Straitéis 1**
Cur chuige comhordaithe a bhunú maidir le faisnéis ar fud na hoifige, chomh maith le bainistíocht taifead agus eolais.

**Táscairí Feidhmíochta**
- An gá le téasaras AGO/CSSO tacsanomaíochta/ar fud na oifige a fhorbairt chun tacú le heochair-fheidhmeanna gnó;
- Freagrachtaí eagrúcháin a dhéanamh foirmeálta maidir le cothabháil leanúnach agus forbairt comhad-phleananna, tacsanomaíochtaí, teasárais, srl. AGO/CSSO.

**Straitéis 2**
Réitigh theicniúla oiriúnacha a aithint agus a fhorfheidhmiú chun seirbhísí leabharlainne, taighde agus fios gnóithe atá feabhsaithe a sholáthar d'úsáideoirí.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Réiteach r-iriseáin roinnte AGO/CSSO/Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí a fhorfheidhmiú:
- Nósanna imeachta fios gnó AGO/CSSO a athbhreithniú. Bunachar sonraí fios gnó AGO/CSSO roinnte a roghnú agus a fhorfheidhmiú;
- Córas Bainistíocht Leabharlainne roinnte AGO/CSSO/ An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a athbhreithniú d'fhonn forbairt an Chórais Bainistíochta Leabharlainne sa todhchaí a phleanáil. Aon fhorbairtí nó feabhsúcháin riachtanacha don chóras a phleanáil/a fhorfheidhmiú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na seirbhísí leabharlainne agus taighde atá soláthraithe d'abhcóidí sheachtracha an Rialtais.

**Straitéis 3**
Athbhreithniú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar sheirbhísí taighde agus fios gnóithe breisithe.

**Táscairí Feidhmíochta**
- Leanúint le monatóireacht ar réimsí méadaithe speisialtóireachta sna hOifigí, agus cinntiú go bhfuil siad seo le sonrú inár seirbhísí leabharlainne, taighde agus fios gnóithe;
- Pobail chleachtais a aithint agus/nó a fhorbairt sna príomhréimsí dlí agus tacú leis na pobail seo trí sheirbhísí taighde;

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

- Bearta a aithint chun tacú le forbairt na scileanna taighde d'abhcóidí ar bhonn neamhspleách a chuimsigh athbhreithniú ar uirlisí oiriúnacha ríomhfhoghlama;

- Deiseanna a aithint chun comhoibriú le hAonaid Oiliúna & Forbartha agus Aonaid TF chun deiseanna foghlama feabhsaithe a thairiscint d'abhcóidí. Tionscnaimh oideachais/oiliúna leabharlainne agus fios gnóithe a ionchorprú sna straitéisí oiliúna ar bhonn eagraíochtúil.

## Dul Chun Cinn a Gnóthaíodh

### Oifig Shráid Mhuirfean
### Cuspóir 1

**Straitéis Acmhainní Daonna, Sráid Mhuirfean**
Baineann Straitéis reatha um Acmhainní Daonna na hOifige leis an tréimhse 2005 go 2007. Leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm na straitéise i rith 2006. Bhain na príomh fhorbairtí le nascadh PMDS agus bearta níos leithne um Acmhainní Daonna ar nós incrimintí agus ardaithe céime. Leagadh amach inniúlachtaí faoi leith maidir le folúntais agus cuireadh próiseas iomaíoch ar bun chun na hiarrthóirí is oiriúnaí a aithint. Rinne an Coimisiún um Cheapacháin Phoiblí iniúchadh ar nósanna imeachta agus cleachtais na hOifige maidir le comórtais inmheánacha. Ba é mheas an Choimisiúin go raibh nósanna imeachta na hOifige maidir le harduithe céime cothrom éifeachtúil ach amháin nach raibh socruithe foirmiúla ar fáil maidir le hachomhairc a dhéanamh agus nár cuireadh Cód Cleachtais an Choimisiún go follasach os comhair súile na n-iarrthóirí. Réitíodh an scéal maidir le hachomhairc agus an Cód láithreach.

Tosófar ag obair i 2007 ar athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar an Straitéis reatha chun cuspóirí na hOifige a bhaint amach sa tréimhse 2008-2010.

**Earcaíocht**
Reáchtáil an Oifig 6 chomórtas faoi leith le cúnamh Seirbhís na gCeapachán Poiblí i rith i 2006; Dréachtóir Parlaiminte Grád II, Abhcóide Comhairleach Grád III, Bainisteoir Faisnéise, Taighdeoirí Dlí, Leabharlannaí faoi Oiliúint (Céimí) agus Leabharlannaí Taighde. Rinneadh na hinniúlachtaí a bheadh ag teastáil le haghaidh na poist seo a mheas go cúramach i gcomhar leis na hAonaid bhainteacha agus bhí siad le feiceáil i gcáipéisíocht an chomórtais. Cuireadh na riachtanais sin san áireamh sa phróiseas roghnaithe agus bhí an Oifig an-sásta le caighdeán na n-iarrthóirí a ghlac poist bhuana leis an Oifig.

Tá réimse leathan de shocruithe neamhghnácha oibre ag an Oifig faoi láthair agus cuirtear fáilte i gcónaí roimh moltaí maidir le breis solúbthachta. Tosaíodh ar athbhreithniú a dhéanamh ar chlár píolótach ríomh-Oibre na hOifige ag deireadh na bliana agus bainfear leas as na torthaí le cinneadh a dhéanamh faoin leas a bhainfear as ríomh-Obair amach anseo.

**Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRMS)**
Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2006 maidir le Córas nua Bainistíochta Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm. Cuireadh duine amháin ó fhoireann Oifig Shráid Mhuirfean agus beirt ó CSSO ag obair go lánaimseartha ar an dtionscadal seo sa dara chuid den bhliain. D'éirigh leis an oifig spriocdháta a bhaint amach go luath i mí na Nollag, 2006 chun an córas a úsáid go forleathan. Bheartaigh na hOifigí rogha na "seirbhíse bhainistithe" a úsáid san Ionad um Bainistiú agus Forbairt Eagrúcháin agus sa Roinn Airgeadais agus meastar go mbeidh an-tairbhe ag baint leis amach anseo maidir héifeachtúlacht agus spáráil airgid.

**An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)**
Leanadh ar aghaidh i rith na bliana ag iarraidh dlúthchuid de chultúr na hoifige a dhéanamh den PMDS. Iarradh ar gach ball foirne go luath i 2006 a insint céard iad na tosaíochtaí a bhí aige/aici maidir le hoiliúint agus forbairt i rith na bliana. Rinneadh é seo i comhthéacs bailchríoch a chur ar Fhoirmeacha Próifíle Ról PMDS. D'aithin an Oifig ar leibhéal eagrúcháin de gur ghá oiliúint a chur ar bhainisteoirí agus iarradh tairiscintí (ar bhonn comórtais) chun comhlacht oiliúna Speisialtóra a fhostú chun an oiliúint seo a chur ar fáil. Déanfar é seo i rith 2007. Cuireadh tús i mí Deireadh Fómhair, 2006, le hoiliúint maidir le córas comhtháite nua PMDS agus bhí oiliúint curtha go luath i Samhain ar an bhfoireann go léir a bhí ar fáil.

**Cóiríocht**
Meastar go bhfostófar tuilleadh foirne agus ar an ábhar sin shocraigh MAC na hOifige go mbainfí leas ag an spás a úsáidtear chun comhaid a stóráil ann

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

mar chóiríocht bhreise foirne. B'éigean 35,000 comhad a aistriú go háis stórála lasmuigh den oifig atá slán agus a reáchtáiltear go gairmiúil. Bhí sé ar chumas na hOifige an t-ionad stórála a athchóiriú ansin agus dhá sheomra mhóra a dhéanamh de agus an fhoireann Chlárlainne a aistriú go hionad níos fairsinge freisin. Tá an áit seo níos oiriúnaí le haghaidh obair Chlárlainne a bhfuil athraithe móra ag teacht uirthi de thoradh an Chórais nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead.

Lena chois sin roinn an Oifig trí cinn de na seomraí comhdhála a bhí aici agus dhá sheomra eile chun ionaid inathraithe teagmhála a chur ar fáil agus cóiríocht a sholáthar don bhfoireann. Bhí sé ar chumas na hOifige dá bharr sin leas níos éifeachtúla a bhaint as an spás eile atá aici ó thaobh líon na ndaoine atá ag roinnt seomraí.

**Coiste Comhpháirtíochta**

Bhí páirt lárnach i rith 2006 ag an gCoiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean sna forbairtí atá ar siúl chun cultúr na hoifige a athrú. Tháinig an Coiste le chéile ar bhonn rialta ar 11 ócáid i rith na bliana agus ar dhá ócáid speisialta. Tá ionadaithe ag gach dream san Oifig ar an gCoiste seo agus bhíodar ag déileáil le príomh-saincheisteanna na hOifige agus le cúrsaí a bhaineann le cur i bhfeidhm an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach. Tá foghrúpaí bunaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna mar Cumarsáid, Straitéis Acmhainní Daonna, Seirbhís Cliaint, PMDS, *Dul Chun Cinn a Choinneáil*, Nósanna Imeachta Promhaidh, *I dTreo 2016* agus Gradaim as Feidhmíocht Eisceachtúil agus sheoladarsan tuairiscí chun an Choiste i rith na bliana. Chuir an Coiste tús i rith dara leath na bliana le hathbhreithniú ar an bpróiseas Comhpháirtíochta agus rinneadar dul chun cinn suntasach. Is éard a tharla ná go ndeachaigh baill na Comhpháirtíochta i dteagmháil le baill na Comhpháirtíochta in eagraíochtaí eile chun aiseolas a fháil uathu maidir le feidhmiú an phróisis sna heagraíochtaí sin. Bainfear leas as an aiseolas seo san athbhreithniú agus b'fhéidir go mbainfidh an Oifig leas as cuid de na tionscnaimh a bhí ag eagraíochtaí eile chun barr feabhais a chur ar phróiseas na Comhpháirtíochta san Oifig.

**Ionadaíocht Inscne**

Ós rud é gur ag mná atá 41.5% de na poist mar Phríomhoifigigh Chúnta agus poist os a gcionn tá Oifig Shráid Mhuirfean chun tosaigh i gcónaí ar spriocanna an Rialtais maidir le cothromaíocht inscne. Ba iad seo a leanas figiúirí na buanfhoirne ag deireadh mhí na Nollag 2006:

| Grád | Baineann (%) | Fireann (%) |
|---|---|---|
| An tArd-Stiúrthóir | 1 (100) | 0 (0) |
| An Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte | 1 (100) | 0 (0) |
| Céad Dréachtóir Parlaiminte | 0 (0) | 1 (100) |
| An Leas-Ardstiúrthóir | 0 (0) | 1 (100) |
| Rúnaí Cúnta | 3 (33) | 6 (67) |
| Príomhoifigeach | 8 (43) | 11 (57) |
| Príomhoifigeach Cúnta | 9 (43) | 12 (57) |

**Inrochtaineacht do Dhaoine faoi Mhíchumas**

B'ionann an céatadán de bhaill fhoirne faoi mhíchumas ag deireadh 2006 agus 3%, céatadán a bhaineann amach sprioc an Rialtais. Tá bhealach nua ag an Oifig chun na staitisticí a áireamh agus úsáideadh é le teacht ar an bhfigiúr seo. Tugtar ciorclán anois don bhfoireann go léir. Bíonn ar gach ball foirne cinneadh a dhéanamh an bhfuil siad faoi míchumas nó nach bhfuil agus an mian leo go n-áireofaí iad sna staitisticí. Lean an Oifig ar aghaidh ag cur feabhais ar a hinrochtaineacht, lena n-áirítear a láithreán gréasáin, agus rinneadar cinnte gur cuireadh riachtanais daoine le míchumais san áireamh le linn obair chothabhála agus athnuachana. Nuair a bhíothas ag roinnt seomraí comhdhála na hOifige, mar shampla, b'éigean athdhearadh forleathan a dhéanamh ar chóras cloisteála na lúibe iata le cinntiú go raibh sé ar fáil i ngach áit agus nach gcuirfí isteach ar phríobháideachas daoine. Déantar athbhreithniú ar chleachtais agus ar nósanna imeachta nuair is féidir é chun inrochtaineacht a fheabhsú. Rinneadh athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta aslonnaithe na hOifige le freastal ar riachtanais aon chuairteoir le míchumas a bheadh san Oifig.

Leanadh den chleachtas ar cuireadh tús leis sna blianta roimhe sin maidir le comórtais earcaíochta, agus chuir an Oifig an Coimisiún um Cheapacháin

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

Poiblí ar an eolas go raibh saoráidí oiriúnacha san Oifig agus go raibh sí toilteanach daoine le míchumais a fhostú.

**Oiliúint agus Forbairt**
Aithníonn Oifig Shráid Mhuirfean mar eagraíochtaí 'eolasbhunaithe' a sholáthraíonn seirbhísí dlí do Ranna agus Oifigí cliaint, an tábhacht a bhaineann leis an bhfeidhm oiliúna agus forbartha. Bhí soláthar leordhóthain dheiseanna oiliúna agus forbartha do bhaill foirne mar chroíluach aici i gcónaí, agus baineann tábhacht breise fós leis de bharr méaduithe sa speisialtóireacht dlí. Lena chois sin tá ról bunúsach ag an oiliúint chun na hathruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm go rathúil i ngach Oifig.

D'eagraigh an tAonad Oiliúna agus Forbartha a lán cúrsaí éagsúla faoi thopaicí tábhachtacha dlíthiúla agus rinneadh é seo go príomha mar thoradh ar na riachtanais oiliúna a aithníodh agus a comhaontaíodh faoin PMDS. D'eisigh an Oifig Iarratas ar Thairiscintí i rith 2006 maidir le dearadh agus soláthar clár Oiliúna do Bhainisteoirí. Beidh an clár seo dírithe ar bhainisteoirí sinsearacha, ar bhaill foirne a bhfuil poist rí-thábhachtacha bainistíochta acu agus orthu siúd ar mhian leo a leithéid de phoist a bhaint amach. Glacadh le tairiscint amháin agus tosófar ag dearadh an chúrsa i 2007.

Díríodh cúrsaí Oiliúna agus Forbartha go príomha i rith 2006 ar oiliúint a chur ar fáil le haghaidh an Chórais nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead, faoi mar a rinneadh i rith 2005. Sholáthair comhairleoir seachtrach oiliúint saincheaptha i rith na bliana. Cuireadh í seo ar fáil díreach de réir mar a bhí sí ag teastáil agus an córas á chur i bhfeidhm céim ar chéim.

Chuir an Oifig tús le próiseas go déanach i 2006 chun na riachtanais oiliúna a shásamh fad a bhí na codanna deireanacha den Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead ACME á gcur i bhfeidhm. Rinneadh é seo i gcomhar le CSSO trí speisialtóir seachtrach TF a fhostú.

Chaith an Oifig €242,096 san iomlán i rith 2006 ar oiliúint. Tá liosta iomlán de na cúrsaí a ndearna daoine freastal orthu agus miondealú ar an gcaiteachas oiliúna le fáil in **Iarscríbhinn G** den Tuarascáil seo.

## Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

**Straitéis Acmhainní Daonna**
Bhain na príomhfhorbairtí i rith 2006 le nascadh an PMDS le bearta níos leithne um Acmhainní Daonna ar nós incrimintí agus ardaithe céime. Lorgaíodh iarratais ar thairiscintí agus ansin ceapadh comhlacht comhairleach chun éascú a dhéanamh chur i bhfeidhm moltaí Thuarascáil 1452 na Comhairle Ginearálta - Comhtháthú an PMDS le Beartais agus Próisis Acmhainní Daonna. Cuireadh ceardlanna ar siúl don fhoireann agus glac an Chomhpháirtíocht agus MAC le dhá cháipéis ina ndiaidh sin maidir le cur i bhfeidhm Tuarascáil na Comhairle Ginearálta. Rinneadh tuilleadh forbartha ó thaobh earcaíochta de ar na hinniúlachtaí a aithníodh a bheadh ag teastáil le haghaidh post san Oifig. Rinne Seirbhís na gCeapachán Poiblí iniúchadh freisin ar cleachtais agus nósanna imeachta na hOifige maidir le comórtais inmheánacha. Táthar ag súil le tuarascáil foirmeálta uathu. Leanadh den nós i rith 2006 maidir le hagallaimh a chur ar bhaill foirne agus iad ag fágáil na hoifige. Chuidigh an Oifig leis an bhfoireann scrúduithe sláinte a fháil agus chuidigh sí leo siúd atá ag obair le teirminéal fístaispeána scrúduithe súl a fháil. Dréachtaíodh scéim ionchuir foirne agus d’fhaomh an Chomhpháirtíocht í. Tá sí le seoladh i 2007.

**Earcaíocht**
Fógraíodh comórtais le haghaidh post buan mar Leabharlannaí Dlí agus Aturnaetha Stáit i rith 2006. Rinneadh na hinniúlachtaí a bheadh ag teastáil le haghaidh na poist seo a mheas go cúramach agus bhí siad le feiceáil i gcáipéisíocht an chomórtais. Cuireadh na riachtanais sin san áireamh sa phróiseas roghnaithe agus bhí an Oifig an-sásta le caighdeán na n-iarrthóirí a tháinig chun agallaimh.

**An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)**
Cuireadh scéim athbhreithnithe grádaithe PMDS ar fáil go luath i 2006 i measc cáipéisí PMDS chun go bhféadfadh an fhoireann dul i dtaithí uirthi. Bhí sé seo ar aon dul leis an gcuntais imlíne a tugadh i dTuarascáil na Comhairle Ginearálta 1452 - "Comhtháthú PMDS le Beartais agus Próisis Acmhainní Daonna". Lorgaíodh iarratais ar thairiscintí agus ansin ceapadh comhlacht comhairleach chun éascú a dhéanamh ar thabhairt isteach Tuarascáil 1452 na Comhairle Ginearálta in CSSO sa chaoi to nascfar le harduithe céime, incrimintí is araile ó mhí 1 Eanáir ar aghaidh. Rinneadh mórchuid oibre i rith 2006 ag scrúdú, ag

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

forbairt agus ag cur ballchríoch ar Inniúlacht nua um Bhainistiú Airgeadais chun go bhféadfaí é a chur ar fáil don bhfoireann go léir i 2007. Bhain an fhoireann leas as an PMDS chun a riachtanais oiliúna a aithint. Rinneadh cuid den bhuiséad Oiliúna agus Forbartha a tharmligean chuig na Ceannairí Rannán faoi ar a rinneadh i 2005. Cuireadh ceardlann leathlae ar fáil don bhfoireann mar gheall ar chód na Státseirbhíse "Timpeallacht Dearfa Oibre". Cuireadh ceardlanna ar fáil dóibh freisin faoi cheisteanna aoisliúntais.

Ag leibhéal eagraíochtúil, thug an Oifig tiomantas go gcuirfeadh sé Clár Forbartha Bainistíochta sé lá ar fáil do gach bainisteoir sinsearach agus Clár Forbartha Foirne sé lá ar fáil don chuid eile den fhoireann thar an tréimhse 2006/2007. Fostaíodh sain-chuideachta oiliúna mar thoradh ar phróiseas tairisceana agus fuair an foireann oibre dhá lá oiliúna i 2006.

**Cóiríocht**
D'éirigh leis an Oifig, le cúnamh Oifig na nOibreacha Poiblí, Rannán a aistriú go rathúil go dtí An Seansaireacht, an t-ionad cóiríochta nua a fuarthas. Nuair a bhí an t-aistriú seo críochnaithe tosaíodh ar fheachtas chun atheagrú a dhéanamh ar an gcóiríocht atá ann cheana féin i dTeach Osmond. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo i 2007.

**Oiliúint agus Forbairt**
Chuaigh Aonad Oiliúna agus Forbartha Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit i mbun mórchuid oiliúna maidir leis na rudaí a aithníodh sna Foirmeacha Oiliúna agus Forbartha Pearsanta. Cuireadh an Oiliúint sin a iarradh maidir le Saineolas Gairmiúil Dlí ar fáil ag seimineáir agus ag comhdhálacha.

**Clár Oiliúna agus Forbartha Do Lucht Bainistíochta agus Foireann CSSO le haghaidh 2006 agus 2007**
Mar a luadh cheana, cuireadh próiseas tairisceana ar siúl agus ceapadh cuideachta oiliúna chun sé lá oiliúna a chur ar fáil d'fhoireann CSSO. D'fhreastal an fhoireann ar ghrúpaí fócais mar chuid den chlár agus cuireadh agallaimh duine le duine ar fáil le haghaidh sampla ionadaíocht d'fhoireann na hoifige. Cuireadh 2 lá oiliúna ar fáil don bhfoireann i rith 2006 mar aon le 3 lá oiliúna do bhainisteoirí sinsearacha. Críochnófar an clár seo i rith 2007.

Thosaíodh ag dearadh an chláir i mí Aibreáin 2006. Bhí cruinnithe duine le duine eile ag cuideachta oiliúna le baill Choiste Chomhairleach Bainistíochta agus reáchtáil siad ceardlanna Grúpaí Fócais le haghaidh ionadaithe ó gach dream san Oifig. D'eisigh an chuideachta oiliúna ceistneoirí chuig lucht bainistíochta agus an fhoireann sular tosaíodh ar oiliúint a chur ar fáil ar 19 Iúil, 2006 agus chuireadar na torthaí agus an aiseolas ar fáil nuair a chuireadh tús leis an gcéad mhodúl. Chuidigh an t-aiseolas ó na ceistneoirí sin chun aire a dhíriú ar réimsí a bhí go maith agus ar réimsí eile inar ghá breis forbartha a dhéanamh. Lena chois sin bhí deis ag an bhfoireann a d'fhreastal ar an gclár Forbartha Oiliúna Bainistíochta seisiúin aiseolais duine le duine a bheith acu a mhair ar feadh uair a cloig.

**PMDS agus Tuarascáil na Comhairle Ginearálta 1452**
Ó ba rud é gur mhol Tuarascáil na Comhairle Ginearálta 1452 go ndéanfaí comhtháthú ar PMDS agus beartais agus próisis Acmhainní Daonna, d'aithin an Oifig gur raibh soláthair oiliúna ar ceann de na príomhstraitéisí chun na freastal a dhéanamh ar na riachtanais a leagadh amach sa Tuarascáil sin. Iarradh tairiscintí, agus nuair a measadh na moltaí, tugadh conradh do PA Consulting Group chun dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus le lucht bainistíochta agus ceardlanna / oiliúint leath lae a cheapadh agus chuir ar fáil le haghaidh bainisteoirí agus foireann CSSO go léir. D'fhreastal ionadaithe ó gach grúpa san Oifig ar cheardlanna agus cuireadh thorthaí na gceardlanna leath lae sin a bhí ag na grúpaí fócais ar fáil ina dhiaidh sin d'fhoireann na hOifige go léir go luath i mí Eanáir, 2007.

Cuireadh dhá lá oiliúna maidir le An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta ar fáil i rith 2006 le haghaidh an 21 duine nua atá tagtha chun na hOifige.

**Timpeallacht Oibre Dhearfach Ceardlanna**
Cuireadh ceardlanna leath lae ar fáil i rith 2006 mar aon le ceardlanna breise lae go leith do na baill foirne sin a ainmníodh mar Oifigigh Idirchaidrimh um Mhíchumas. Rinneadh é seo mar chuid de chur i bhfeidhm thionscadal CSSO um Thimpeallacht Oibre Dhearfach .

**Mionteagasc faoi Aoisliúntas**
Thug an Bainisteoir Acmhainní Daonna mionteagasc faoi aoisliúntas d'fhoireann uile na hOifige i 2006.

**Seisiúin Faisnéise Dlíthiúla don fhoireann Cléireachais agus Riaracháin**
Beartaíodh ag Cruinniú Acmhainní Daonna i 2006 go gcuirfeadh aturnaetha agus feidhmeannaigh dlí na Rannán éagsúla seisiúin faisnéise ar fáil don

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

fhoireann chléireachais/riaracháin faoin obair dlí a dhéanann an Oifig. Bhí an fhoireann chléireachais/riaracháin i láthair ag seimineár a thug an Príomh-Aturnae sa Rannóg Dlí Poiblí; táthar ag súil tuilleadh seimineáir a chur ar fáil i rith 2007, mura mbíonn an iomarca brú oibre cúirte ar na daoine a thabharfadh iad.

**Cúrsaí Oiliúna i rith 2006**
Cuireadh réimse leathan cúrsaí oiliúna eile ar fáil i 2006 mar aon leis an gclár Oiliúna agus Forbartha le haghaidh Lucht Bainistíochta agus Foireann CSSO agus oiliúint le haghaidh ACME. Bhain siad seo le rudaí mar Láimhseáil, Tuarascálacha a Scríobh go Gairmiúil agus Scríobh Miontuairiscí.

**Seimineáir agus Comhdhálacha**
Bhí a lán den bhfoireann i láthair ag seimineáir agus comhdhálacha a raibh baint acu le ghníomhaíochtaí gnó na hOifige. D'fhreastail siad ar 126 seimineár san iomlán.

**ACME**
Leanadh ar aghaidh ag soláthar oiliúna maidir leis an gCóras nua Bainistithe Cásanna agus Taifead (ACME) i rith céad leath 2006. Tosaíodh ar oiliúint a chur ar fáil i rith ráithe deireanach 2005 le haghaidh Céim 1. Críochnaíodh é sin agus cuireadh oiliúint ar fáil chun Céim 2 a chur i bhfeidhm. Áiríodh An Rannán Comhairleach agus codanna de Rannán na Seirbhísí Ginearálta Dlí i gCéim 1 agus Céim 2. Ba chomhlacht seachtrach oiliúna a chuir an oiliúint seo ar fáil.

Ceapadh oiliúnaí ón Oifig le haghaidh ACME i rith dara leath na bliana 2006. Cuireadh oiliúint athnuachana ar fáil maidir le Céim 2 i Meán Fómhair, 2006.

**Ionadaíocht Inscne**
Ós rud é gur ag mná atá 45% de na poist mar Phríomhoifigigh Chúnta agus poist os a gcionn tá Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun tosaigh i gcónaí ar spriocanna an Rialtais maidir le cothromaíocht inscne. Ba iad seo a leanas figiúirí na buanfhoirne ag deireadh mhí na Nollag 2006:

| Grád | Baineann (%) | Fireann (%) |
|---|---|---|
| Príomh-Aturnae an Stáit | 0 (0) | 1 (100) |
| Rúnaí Cúnta | 1 (20) | 4 (80) |
| Príomhoifigeach | 12 (50) | 12 (50) |
| Príomhoifigeach Cúnta | 32 (52) | 30 (48) |
| Iomlán | 45 (49) | 47 (51) |

**Inrochtaineacht do Dhaoine faoi Mhíchumas**
B'ionann an céatadán de bhaill fhoirne faoi mhíchumas ag deireadh 2006 agus 5.7%, céatadán a sháraíonn sprioc an Rialtais.

Leanadh den chleachtas ar cuireadh tús leis sna blianta roimhe sin maidir le comórtais earcaíochta, agus chuir an Oifig an Coimisiún um Cheapacháin Poiblí ar an eolas go raibh saoráidí oiriúnacha san Oifig agus go raibh sí toilteanach daoine le míchumais a fhostú.

**Coiste Comhpháirtíochta**
Bhí páirt lárnach i rith 2006 ag an gCoiste Comhpháirtíochta in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit sna forbairtí atá ar siúl chun cultúr na hoifige a athrú. Tháinig an Coiste le chéile ar bhonn rialta ar 10 n-ócáid i rith na bliana agus ar ocáid speisialta amháin. Tá ionadaithe ag gach dream san Oifig ar an gCoiste seo agus bhíodar ag déileáil le príomh-saincheisteanna na hOifige agus le cúrsaí a bhaineann le cur i bhfeidhm an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach. Tá foghrúpaí bunaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna mar Cumarsáid, Straitéis Acmhainní Daonna, Cóiríocht, Beartas TF, Sláinte agus Sábháilteacht agus Saincheisteanna Glasa agus sheoladarsan tuairiscí chun an Choiste i rith na bliana.

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

## Cuspóir 2

**Creatlach na Faisnéise Bainistíochta (MIF)**
Rinne na hOifigí dul chun cinn suntasach i rith 2006 maidir le gach gné de Phlean na nOifigí le haghaidh Tionscadal MIF a chur i bhfeidhm go hiomlán. Lean Bord an Tionscadail MIF orthu ag déanamh monatóireachta ar cur i bhfeidhm Plean an Tionscadail agus tacaíocht acu ó Fho-Ghrúpa. Rinneadh obair faoi stiúradh an Bhoird chun Táscairí Feidhmíochta a fhorbairt do na hOifigí. Rinneadh Táscairí Feidhmíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs bailchríoch a chur ar *Ráiteas Straitéise 2006-2008* a foilsíodh i mí Iúil agus i gcomhthéacs Pleananna Gníomhaíochta faoi leith maidir le comhlíonadh na ngealltanas a tugadh in *I dTreo 2016*. Rinne na hOifigí dul chun cinn suntasach maidir le forbairt a dhéanamh ar an nasc idir an Chórais nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus an Córas Bainistithe Airgeadaíochta. Nuair a bheidh an córas seo curtha i bhfeidhm go hiomlán i 2007 cabhróidh sé chun tosaíochtaí nua a aithint, idir thosaíochtaí airgeadaíochta agus eile, agus na riachtanais maidir le tuairisciú faisnéise faoi chostais bhainistíochta nuair a bheifear ag leanúint d'obair.

Rinneadh tuilleadh oibre i rith na bliana chun barr feabhais a chur ar Thuairiscí Bainistíochta agus Costála agus cuireadh iad seo ar fáil do Choistí Comhairleacha Bainistíochta Shráid Mhuirfean/CSSO, agus Comhchoiste Comhairleacha Bainistíochta Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO agus do bhainisteoirí Sinsearacha. Tá tuiscint níos fearr cheana féin ar chúrsaí costais acu siúd atá freagrach as acmhainní a leithdháileadh de bharr na faisnéise seo. Rinneadh Athbhreithniú ar na riachtanais faisnéise atá ag lucht bainistíochta chun barr feabhais breise fós a chur ar na tuairiscí seo. Tá feidhmiúlacht buiséadaithe i bhfeidhm ó go luath i 2007 rud a thugann tacaíocht breise fós do chóras na Meastachán.

Nuair a bhí MIF curtha i bhfeidhm sheol an Oifig athbhreithniú faoi chuig an Roinn Airgeadais ag deireadh mhí Mhárta. Tá faisnéis faoi MIF curtha ar fáil don fhoireann go léir sa dhá Oifig ar gClár Fógraí/Inlíne.

Cuireadh tús le tionscadal ar Leithdháileadh Acmhainne, Pleanáil Gnó agus Measúnú Feidhmíochta 2006. Ba chabhair é seo do na hOifigí agus iad ag ullmhú chun a Ráitis Aschurtha a chur i dtoll a chéile in Aibreán, 2007, chun go bhféadfadh an Dáil na Meastacháin a phlé.

**Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS)**
Lean an dá Oifig orthu ag baint leas as cumas Córas Bainistíochta Airgeadais Agresso a suiteáladh sna hOifigí i mí Iúil, 2004. Dhírigh na hOifigí i rith na bliana ar leas níos mó a bhaint as an gCóras Bainistíochta Airgeadais agus tuilleadh modúl agus feidhmeanna a chur ar fáil. Rinneadh an córas a uasghrádú le Service Pack 5 ar 13 Deireadh Fómhair, 2006.

Reáchtáladh ceardlanna le foireann an Aonaid bhaintigh Airgeadais de chuid CSSO maidir le chur i bhfeidhm modúil tarchurtha Agresso. Déanfaidh sé seo éascú ar an airgead nár vótáladh na Ranna Client a phróiseáil laistigh den chóras.

Chuir na hOifigí feidhmiúlacht an Bhainisteora Sonraisc i bhfeidhm i Samhain, 2006. Cabhróidh sé seo chun próiseas níos cuimsithí ó cheannach go híoc a chur ar bun agus sonraisc a rochtain go leictreonach. Cuireadh ceardlanna ar siúl le f oireann na nAonad cuí Airgeadais ón dá Oifig i mí Lúnasa chun athbhreithniú a dhéanamh ar cur i bhfeidhm na feidhmiúlachta seo agus socruithe a dhéanamh fúithi.

Rinne an Rialtas cinneadh ar an 7 Nollaig, 2004 chun soláthraithe ginearálta a íoc le Ríomhaistriú Airgid agus rinne Oifig Shráid Mhuirfean dul chun cinn suntasach maidir le cur i bhfeidhm an chórais seo. Ba le Ríomhaistriú Airgid a bhí 95% d'íocaíochtaí den sórt sin á ndéanamh roimh dheireadh na bliana. Cuireadh an próiseas chun cinn in CSSO áit a raibh an córas ríomhaistrithe airgid curtha i bhfeidhm go hiomlán agus thosaigh an Oifig ag íoc líon suntasach soláthraithe ar an gcaoi seo roimh Dheireadh Fómhair. Bhí ionadaíocht ag na hOifigí i rith na bliana ar Fho-ghrúpa lárnach a cheapadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas chun an Státchiste agus Ranna agus Oifigí cliant a íoc sa chaoi seo. Bhí dul chun cinn suntasach déanta ag na hOifigí roimh dheireadh na bliana maidir leis an gcóras seo a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Suiteáladh bogearraí um rianú sócmhainní ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais san dá Oifig i rith na bliana chun cabhrú chun sócmhainní a bhainistiú go leanúnach. Rinneadh dul chun cinn suntasach roimh dheireadh na bliana maidir le fardal iomlán a dhéanamh de shócmhainní na nOifigí agus bhí leathanaigh na liostaí ó 2002 i leith ullamh le hiontráil sa chóras.

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

Chuir na hOifigí tús go déanach i 2006 chun feidhmiúlacht IntellAgent a chur i bhfeidhm ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais. Cuirfidh se seo ar chumas lucht a n-úsáidte monatóireacht a dhéanamh ar imeachtaí áirithe sa chóras Agresso agus beart a dhéanamh dá réir. Chuirfidh sé barr feabhais ar an gcóras anailíse airgeadais agus cuirfear le slánaíochta faisnéise agus le smacht sa chóras.

**Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus - na nOifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkery)**
Lean na hoifigí orthu i rith 2006 ag déanamh athbhreithnithe ar mholtaí sin na Tuarascála ar tugadh aghaidh orthu cheana féin is a cuireadh i bhfeidhm go hiomlán. Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar na nósanna imeachta airgeadais agus cuntasaíochta bainteacha chun riachtanais an Chórais Bhainistíochta Airgeadais a shásamh. Rinneadh athbhreithniú i rith dara leath na bliana ar na próisis agus na nósanna imeachta airgeadais a bhí san dá Oifig agus rinneadh moltaí fúthu. Cuireadh mórchuid díobh seo i bhfeidhm roimh deireadh na bliana.

Rinne comhairleoir seachtrach éascú ar chomhthionscadal bainistithe rioscaí le haghaidh Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus ar cuireadh bailchríoch air agus thángthas ar chomhaontú faoi i mí Márta, 2006. Chuir Coiste Bainistíochta Riosca na nOifigí bailchríoch ar bheartas bainistithe riosca, ar chlár corparáideach agus ar chlár rioscaí le haghaidh lucht riaracháin agus lucht dlí an dá Oifig. Thosaigh na hOifigí ag athbhreithniú na gclár rioscaí i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Pleananna Gnó dlí agus riaracháin a rinneadh nuair a cuireadh *Ráiteas Straitéise 2006-2008* an dá Oifig i bhfeidhm. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Pleananna Athshlánaithe iar Tubaiste i gcomhthéacs Plean Bainistíochta Leanúnachais Gnó don dá Oifig. Tá siad seo curtha i bhfeidhm cheana féin i gcás Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó na nOifigí agus Clárlann Oifig Shráid Mhuirfean. Cuireadh bailchríoch go déanach i Samhain, 2006 ar dhréacht-chuireadh chun tairiscintí a dhéanamh chun seirbhísí Comhairleacha maidir le Leanúnachas Gnó a sholáthar don dá Oifig agus eisíodh é.

**Coiste Iniúchta**
Tháinig an Coiste Iniúchta, ar a bhfuil triúr seachtrach agus ionadaí ó gach Oifig, le chéile cúig uaire i rith 2006. I measc na n-ábhar ar déileáladh leo rinneadh an ocht dTuarascáil Iniúchóireachta seo a leanas leis an Iniúchóir Inmheánach a bhreithniú agus a athbhreithniú:

- Smachta Leantacha ar Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh in Oifig an Ard-Aighne, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí;
- Tuarascáil ar Tharchur in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit;
- Tuarascáil ar an Scrúdú a rinneadh ar Ragobair in Oifig an Ard-Aighne Agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit;
- Tuarascáil ar Óstáil Imeachtaí in Oifig an Ard-Aighne;
- Tuarascáil ar Fhostú Foirne ar Chonradh in Oifig an Ard-Aighne, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí;
- Scrúdú ar íocaíocht Ranníocaíochtaí Deonacha Breise (AVC's) thar cheann Chónaidhm na bhFostaithe Rialtais (FUGE), i gcás Oifig an Ard-Aighne agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit;
- Tuarascáil Leantach ar Chlár Sócmhainní in Oifig an Ard-Aighne, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus Sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí;
- Tuarascáil ar Ghéilliúntas le Riachtanais Rialúcháin in Oifig Ard-Aighne, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus Sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na Tuarascálacha seo a leanas freisin i rith 2006:

- Tuarascáil Uí Shúilleabháin (Iúil 2006) faoin Athbhreithniú ar Oifig an Ard-Aighne, agus ar dhul chun cinn maidir leis an bPlean Gníomhaíochta bunaithe air, lena n-áirítear Nósanna Nua Imeachta/Meastóirí Seachtracha Priacal;
- Athbhreithniú ar Nósanna Imeachta Airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí;
- Athbhreithniú ar Chur i bhfeidhm Tuarascálacha Iniúchóirí in Oifig Shráid Mhuirfean agus sa Choimisiún um Athchóiriú an Dlí.

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

**Plean Athbhreithnithe faoi Chaiteachas/ Luach ar Airgead**
Rinne na hOifigí dul chun cinn suntasach i rith 2006 maidir le bailchríoch a chur ar Athbhreithnithe um Luach ar Airgead. Rinneadh dul chun cinn suntasach roimh dheireadh na bliana maidir leis an gComh-Athbhreithniú um Luach ar Airgead a rinne Oifig Shráid Mhuirfean/CSSO ar Riaradh Scéime an Ard-Aighne. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi na socruithe maidir le freagracht faoi riaradh na Scéime sa todhchaí a aistriú chun na Roinne.

Rinne Oifig Shráid Mhuirfean dul chun cinn suntasach i rith na bliana maidir le hAthbhreithniú ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Thosaigh Oifig Shráid Mhuirfean ar Athbhreithniú Luach ar Airgead a dhéanamh ar Chothabháil Leabhar Leictreonach Reachtanna na hÉireann agus tháinig an Coiste Stiúrtha le chéile ceithre uair ó mhí Márta chun an tionscadal a chur chun cinn. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le dréacht-thuarascáil a ullmhú.

Rinne Foirne Tionscadal in CSSO dul chun cinn i rith 2006 maidir le hAthbhreithnithe Luach ar Airgead i gcás Soláthar Seirbhísí Gearrscríobhaithe agus Aisghabháil Costas. Rinneadh an-dul chun cinn i rith 2006 ar an Athbhreithniú ar Aisghabháil Costas agus cuireadh bailchríoch ar chéad dhréacht na tuarascála roimh deireadh mhí na Samhna. Tugadh ar láimh í ansin don chomhairleoir seachtrach measúnaithe a roghnaíodh.

**Íocaíochtaí Úis faoi reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas**
Níorbh éigean d'Oifig Shráid Mhuirfean aon ús a íoc mar phionós i rith 2006.

B'éigean don CSSO €10,204 d'ús a íoc mar phionós i rith na bliana faoin reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas. Féach in **Iarscríbhinn D** le haghaidh Thuairiscí na nOifigí faoi Beartais Íocaíochta 2006.

## Cuspóir 3

**Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME)**
Rinne an dá Oifig dul chun cinn suntasach i dtreo cur i bhfeidhm iomlán an Chórais Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME) nua i rith 2006. Chuir na hOifigí tús le rolladh amach ar Chéim 2 den Phlean Tionscadail i dtús mí an Aibreáin, 2006. Faoi dheireadh mí Mheán Fómhair 2006, rinneadh an córas a rolladh amach níos leithne chuig roinnt réimsí in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO araon. Chuimsigh an rolladh amach raon leathan oibre ar fud na hOifige, leis na Coimisiúin ar fad de chuid An Chúirt Bhreithiúnais Eorpach, Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine, Ionchúisimh Aireachta (An Rannóg Seirbhísí Dlí, CSSO), Cúnamh Frithpháirteach (An Rannóg Seirbhísí Dlí, CSSO), Eadráin/Binsí Fiosrúcháin - Fostaíocht/Binsí Fiosrúcháin agus na réimsí eile den Rannán Comhairleach don CSSO.

Le níos mó úsáideoirí ag baint úsáid as an gcóras thar raon cásanna a bhí ag dul i méid i rith 2006, rinneadh nóta d'iarratais chun feabhsúcháin a dhéanamh agus cuireadh i bhfeidhm sa chóras iad nuair ab fhéidir.

Tá na baill foirne dlí, tacaíochta agus Clárlainne ar fad in Oifig Shráid Mhuirfean ag úsáid an córas le líon baill foirne in CSSO atá ag dul i méid de shíor de ag teacht isteach ann. Theastaigh athruithe sa chóras chun moltaí i dTuarascáil Uí Shúilleabháin a chuir i bhfeidhm maidir le háiseanna Fógraí Foláirimh Íogair a chuir ar fáil.

**Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna (HRMS)**
Tá cuntas i gCaibidil 1 den Tuarascáil seo ar an dul chun cinn a ghnóthaíodh chun an Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm.

I rith an dara leath de 2006 bhí baint mhór ag na hAonaid TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i bhforbairt agus bronnadh conradh chun Seirbhísí Bainistíochta Leanúnachais Gnó a chuir ar fáil don Oifig. Nuair a seachadtar na seirbhísí seo amach anseo cinnteoidh sé go mbeidh na hOifigí in ann leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí lárnacha gnó ar fáil dá gcliaint fiú i gcás bagartha a d'fhéadfadh a bheith roimh sheachadadh na seirbhísí.

Rinne Oifig Shráid Mhuirfean forbairt ar Bheartas cuimsitheach breise maidir le hÚsáid Inghlactha na gCórais TF Oifige a chuimsíonn na beartais ar fad a bhaineann le TF in aon dhoiciméad amháin freisin. Beidh CSSO ag cur an Beartas in oiriúint dá cás ar leith féin.

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

**Córais TF ailínithe le riachtanais ghnó, straitéise agus oibriúcháin na nOifigí**
Déanann na hAonaid TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO athbhreithniú rialta ar chruaearraí, ar bhogearraí agus ar bhonneagar le cinntiú go bhfuil sé ag comhlánú riachtanas na nOifigí. Rinneadh uasghrádú ar na naisc chumarsáide idir na hOifigí i rith 2006 chun ardán níos láidre a chuir ar fáil i gcomhair soláthar córais roinnte.

Chomhthadhaill Aonad TF CSSO le conraitheoirí a bhí ag feistiú an chóiríocht a fuarthas i bhfoirgneamh na Seansaireachta le cinntiú go gcuirfí bonneagar gréasáin cuí i bhfeidhm. Cuireadh naisc chumarsáide isteach agus bhí an trealamh ar fad curtha isteach le bheith réidh d'athlonnú na mball foirne i mí Dheireadh Fómhair, 2006.

Rinneadh uasghrádú ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais. Cuireadh isteach Bainisteoir Sonraisc agus modúil Intellagent le gur féidir níos mó sonraisc a láimhseáil go huathoibríoch agus comhtháthú a dhéanamh leis an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead.

Chuir CSSO córas nua bunaithe ar an idirlíon isteach chun fleisc-am a thaifead. Ligeann an córas do bhaill foirne am tagtha agus am imeachta a mharcáil ar a ríomhairí agus rochtain díreach a fháil ar a dtaifead fleisc-ama a fháil. Is féidir le maoirseoirí áitiúla athruithe a dhéanamh agus ní gá go mbeadh baint ag an Aonad Acmhainní Daonna sa scéal.

**Ailtireacht TF**
Rinne Aonad TF Oifig Shráid Mhuirfean athchóiriú ar ghnéithe áirithe dá bhonneagar TF agus chuir sé tionscnaimh nua i bhfeidhm chun cur lena oibriú agus éifeachtúlacht.

## Cuspóir 4

**Comhaontuithe Comhpháirtíochta Sóisialta *Dul Chun Cinn a Choinneáil agus I dTreo 2016***
Bhí an Oifig lántiomanta chun forálacha chomhaontú na comhpháirtíochta sóisialta, *Dul Chun Cinn a Choinneáil*, agus an comhaontú *I dTreo 2016* ina dhiaidh sin a chur i bhfeidhm i 2006. I Márta 2006 chuir Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit an Séú Tuarascáil Dhul Chun Cinn ar leithligh isteach ar fheidhmiú Phlean Gnímh Nuachóirithe gach Oifig faoi *Dul Chun Cinn a Choinneáil*. Tar éis daingniú an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta nua *I dTreo 2016* chuir na hOifigí Pleananna Gníomhaíochta ar leithligh faoi chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe agus Céad Thuarascálacha um Dhul Chun Cinn ar leithligh faoi chur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta chuig Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse (CSPVG) i mí Dheireadh Fómhair 2006. Ar bhunús na Séú Tuarascálacha Dul Chun Cinn faoi *Dhul Chun Cinn a Choinneáil* agus na Céad Thuarascálacha um Dhul Chun Cinn faoi *I dTreo 2016* chinn an CSPVG go raibh foirne as an dá Oifig agus as an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí incháilithe chun arduithe pá a íoc leo a bhí dlite le linn na bliana. Foilsíodh na Tuarascálacha Dul Chun Cinn agus na Pleananna Gníomhaíochta ar láithreán gréasáin na hOifige.

**Treoir Seirbhísí Cliaint/Plean Gníomhaíochta Custaiméirí**
Cuireadh *Treoir Seirbhísí Cliaint/Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2005-2007* na nOifigí, a foilsíodh agus a cuireadh ar láithreán gréasáin na nOifigí i mí na Nollag, 2005, ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar pháipéar agus ar CD-ROM go luath i 2006.

Mar chuid den Thionscnamh Seirbhíse d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí fostaíodh comhairleoirí (tar éis próiseas tairisceana) chun Suirbhé ar Sheirbhís Chustaiméara a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht na hOifige a thomhais in aghaidh na caighdeáin a leagadh síos i gCairt Chustaiméara CSSO. Rinneadh an Suirbhé ar Sheirbhís Chustaiméara i Samhain agus Nollaig 2006 agus déanfar measúnú ar na torthaí atá air chun feidhmíocht a mheas.

Bhí suirbhé ar dhearcadh/aeráid foirne le bheith ar bun in Oifig Shráid Mhuirfean i rith 2006. Ach mar gheall go raibh roinnt córais nua á chur i bhfeidhm i rith na bliana cuireadh siar é, agus tabharfar faoi i rith Ráithe 3, 2007.

**Painéal Cliaint agus Custaiméara agus Cruinnithe Athbhreithnithe**
D'eagraigh Grúpaí Comhairleacha agus Aonaid Riaracháin Gnó cruinnithe rialta athbhreithnithe le Ranna agus Oifigí Cliaint in Oifig Shráid Mhuirfean chun ceisteanna oibre a phlé. Ullmhaíodh Plean Gníomhaíochta tar éis an chéad chruinnithe de Phainéal Cliaint agus Custaiméara Oifig Shráid Mhuirfean a bhaineann le gach dream san Oifig i mí na Samhna 2005, ag leagadh síos ceisteanna a aithníodh sa chruinniú sin. Cuireadh i bhfeidhm ina iomláine iad agus rinneadh athbhreithniú orthu, agus

# 7 Dul chun Cinn a Gnóthaíodh agus Sprioc 4 á bhaint amach - Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

bhí seachadadh seirbhíse feabhsaithe do chliaint mar thoradh air. I rith na bliana chuir an Oifig comhtháthú agus treisiú na seirbhíse cliaint chun cinn san Oifig, go háirithe leis an PMDS agus trí chumas na mball foirne.

**Acht na dTeangacha Oifigiúla**
I rith an dara leath de 2006 d'ullmhaigh na hOifigí dréachtscéim chun forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i bhfeidhm. Foilsíodh fógra faoi Alt 13 den Acht i mí Iúil 2006 mar chuid den phróiseas, ag iarraidh ionadaíochtaí maidir le hullmhú na dréachtscéime faoi Alt 11 ó pháirtithe ar bith a raibh suim acu ann. Fuarthas dhá aighneacht roimh an spriocdháta ar an 24 Lúnasa, 2006. D'ullmhaigh Grúpa, a rinne ionadaíocht ar an dá Oifig, Dréachtscéim ag tabhairt na haighneachtaí a fuarthas san áireamh. Beidh freagracht ar na Coistí Comhairleacha Bainistíochta áitiúla agus ag an Coiste Comhairleach Bainistíochta AGO/CSSO as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim sna hOifigí.

Is iad na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair atá mar bhunús don Dréachtscéim. Aithníodh réimsí inar féidir an tseirbhís a chuireann na hOifigí ar fáil a fheabhsú amach anseo i gcorp na Scéime. Tá tiomantas sa Scéim freisin measúnú a dhéanamh ar an éileamh atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge ar bhonn leanúnach agus cinntiú go leanann na hOifigí ar aghaidh ag freastal ar an éileamh seo ar bhealach pleanáilte, soiléir agus inrochtana. Leanfaidh na hOifigí ar aghaidh ag tomhais líon na gceisteanna/éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge ar bhonn bliantúil.

Ghlac MAC áitiúla agus comhchoistí Comhairleacha Bainistíochta agus an dá Choiste Comhpháirtíochta leis an nDréachtscéim agus cuireadh faoi bhráid an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta í go déanach i mí Mheán Fómhair, 2006.

**Foilseacháin**
I mí Iúil 2006, d'fhoilsigh an Oifig *Ráiteas Straitéise 2006 - 2008* nua a cuireadh ar láithreán gréasáin na hOifige. I mí na Samhna, 2006 d'fhoilsigh an Oifig a Tuarascáil Bhliantúil do 2005 agus cuireadh ar a láithreán gréasáin í, a rinne tuairisc ar fhorbairtí i rith na bliana agus ar an dul chun cinn a rinneadh chun an *Ráiteas Straitéise 2003 - 2005* roimhe sin, *Treoir Seirbhísí Cliaint Oifig Shráid Mhuirfean 2005 - 2007* agus *Plean Gnímh Chustaiméara 2005 - 2007* de chuid CSSO a chuir i bhfeidhm.

**Comhlíonadh Riachtanas Rialacháin**
